Tuarascáil Bhliantúil
2016

BAI

ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN

BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

CLÁR ÁBHAR

Maidir le BAI 1

Ráiteas an Chathaoirligh 2

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh 4

An t-Údarás 6

An Coiste um Dheonú Conarthaí 7

An Coiste um Chomhlíonadh 8

An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca 9

Foireann Feidhmiúcháin BAI 10

Éagsúlacht a Chinntiú 12

Iolarthacht a Chinntiú 22

Tionchar a Imirt agus Cumarsáid a Dhéanamh 26

Trédhearcacht agus Cuntasacht Craoltóirí a Neartú 32

Foghlaim agus Forbairt a Éascú san Earnáil Chraolacháin 38

Craolachán Freagrach a Chur Chun Cinn agus an Lucht Féachana/Éisteachta a Chumhachtú 42

Rialachas agus Forbairt Eagraíochta 46

Ráitis Airgeadais BAI 50

Ráitis Airgeadais BFS 76

MAIDIR LE BAI

Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann an 1 Deireadh Fómhair 2009 faoin Acht Craolacháin 2009 ("Acht 2009").

Leagtar amach san Acht raon cuspóirí ginearálta agus sonracha do BAI agus sonraítear ann go ndéanfaidh a chomhchodanna, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, "iarracht a chinntiú:

- maidir leis an líon agus leis na hearnálacha seirbhísí craolacháin a chuirfear ar fáil sa Stát gurb iad is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, ag cur a dteangacha agus a dtraidisiún agus a n-éagsúlachta reiligiúin, eitice agus cultúir san áireamh;
- go dtacófar leis an bhfiúchas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann leis an tsaoirse cheart tuairimí a nochtadh; agus,
- go soláthrófar seirbhísí craolacháin atá oscailte agus iolraíoch."

Leagtar amach san Acht raon cuspóirí eile don Údarás, lena n-áirítear:

- soláthar clár ardchaighdeáin, éagsúil agus nuálach a spreagadh;
- a éascú do chraoltóirí seirbhíse poiblí a gcuid cuspóirí seirbhíse poiblí a chomhall;
- éagsúlacht a chur chun cinn sa rialú ar an earnáil chraolacháin tráchtála agus phobail;
- timpeallacht rialaitheach a sholáthar:
  - a dhéanfaidh iriseoireacht neamhspleách neamhchlaon a chothú;
  - a dhéanfaidh comhlíonadh an dlí fostaíochta a chothú;
  - a dhéanfaidh leasanna leanaí a chosaint;
  - a éascóidh earnáil chraolacháin ina dtabharfar aird ar riachtanais lucht féachana agus éisteachta agus a bheidh inrochtana ag daoine faoi mhíchumas;
  - a dhéanfaidh forbairt clár agus seirbhísí craolacháin Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh.

Tá an Tuarascáil Bhliantúil do 2016 bunaithe ar théamaí straitéiseacha an Ráitis Straitéise 2014-2016. Tugtar sonraí inti faoi na gníomhaíochtaí a dtugann BAI fúthu chun a chuid spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Bliain ghnóthach tháirgiúil eile d'Údarás Craolacháin na hÉireann a bhí sa bhliain 2016. Agus an tuarascáil bhliantúil seo ina bpléitear na tionscnaimh agus na gníomhaíochtaí ilchineálacha ar tugadh fúthu le linn na bliana á cur i láthair agam, ba mhaith liom buíochas a ghabháil ar an gcéad dul síos leis na comhaltaí den Bhord agus dá choistí agus leis an lucht bainistíochta agus leis an bhfoireann as an dua agus an tiomantas díograiseach a thaispeáin siad sa bhliain. Eagraíocht sách beag is ea BAI agus tá raon leathan freagrachtaí air. Bíonn éifeachtacht na heagraíochta ag brath ar sholúbthacht, ar chomhtháiteacht agus ar shoiléire cuspóra. Tá dóthain fianaise ar fáil sa tuarascáil seo gur tháinig na tréithe sin chun tosaigh sa bhliain 2016.

Bíonn éifeachtacht BAI ag brath go mór freisin ar an gcumas atá aige chun obair i gcomhar le geallsealbhóirí ar fud na hearnála craolacháin, lena n-áirítear an t-Aire agus na hoifigigh sa Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, craoltóirí, an lucht acadúil agus raon leathan eagraíochtaí agus grúpaí gaolmhara. Arís, tá neart samplaí de chomhar cuiditheach ar fáil sa tuarascáil seo. Tá áthas orm aitheantas a thabhairt don méid a chuireann na grúpaí sin le hobair BAI.

Ba é 2016 an bhliain deiridh den phlean straitéiseach trí bliana a ghlac an t-Údarás sa bhliain 2014. I mí Feabhra, cuireadh tús leis an bpróiseas um dhréacht nua a ullmhú don tréimhse 2017-2019 trí athbhreithniú fairsing a dhéanamh ar an bplean reatha. Ba é a bhí i gceist leis an athbhreithniú sin ná taighde a rinne IPSOS/MRBI agus comhairliúchán a cuireadh ar siúl le geallsealbhóirí agus leis an bpobal i gcoitinne. Ábhar misnigh ba ea an toradh, ba é sin, go bhféachtar ar BAI mar rialálaí éifeachtach a bhfuil muinín ag daoine as. Is eol dúinn, áfach, go bhfuil dúshlán suntasach orainn ábharthacht a choinneáil i dtírdhreach meán a bhíonn ag athrú go mear.

Baineadh leas as an athbhreithniú chun ábhar, struchtúr agus díriú an dréachtráitis straitéise nua a mhúnlú, rud a cuireadh amach le haghaidh comhairliúchán poiblí san fhómhar. Cloíonn an straitéis le bunéirim na straitéise roimhe, cé go bhfuil sí níos giorra agus go bhfuil díriú níos géire aici. Bhí níos mó i gceist leis sin ná rogha stíle. Is amhlaidh go léiríonn sé gur mhaith leis an mBord dul i ngleic le roinnt de na dúshláin i dtírdhreach na meán ar bhealach níos fearr.

Is ionann muinín agus ceann de na príomhdhúshláin atá orainn. Sa Reuters Institute Digital Survey for 2016, foilsíodh alt léirsteanach a scríobh Ed Williams, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Edelmen UK, ar 'Why Trust Matters'. Baineann tábhacht le muinín do chraoltóirí agus d'iriseoirí agus baineann tábhacht léi do rialálaithe. Mura raibh aon duine neamhchinnte fós, leagann ardú na nuachta bréagaí béim ar a thábhachtaí atá nuacht agus iriseoireacht den chéad scoth ó thaobh daonlathas cobhsaí a choinneáil ar bun de. Ar an dea-thaobh den scéal, tá roinnt fianaise ann go bhfuil tuilleadh daoine ag éirí níos eolaí ar an ábhar sin.

Ba í seo an dara bliain inar chuir BAI maoiniú ar fáil le haghaidh Éire a chur ar áireamh sa mhór-Thuarascáil ó Reuters agus inar éascaigh sé staidéar níos mine ar thorthaí na hÉireann. Léirítear sa taighde go bhfuil ag méadú ar an líon daoine atá ag dul i muinín feistí soghluaiste agus go bhfuil tomhaltóirí ag seachaint fógraíocht ar líne agus nuacht táille. Cruthaíonn sé sin dúshláin do shamhlacha gnó atá ann cheana agus d'iriseoireacht den chéad scoth a choinneáil ar bun. Tá roinnt ábhair mhisnigh ann fós, áfach. Is é an toradh atá ar an imní faoin nuacht bhréagach agus faoi chaighdeáin ísle ná go bhfuil dea-eagraíochtaí nuachta in ann a thaispeáint go bhfuil siad ábhartha fós. Cosúil leis na tuairiscí míchearta inar fógraíodh bás Mark Twain, b'fhéidir go ndearnadh áibhéil faoi bhás láithreach na nuachtán agus na hiriseoireachta ar ardchaighdeán.

Dúshlán tábhachtach eile is ea lánas atá ar ardchaighdeán agus ábhartha ón taobh cultúrtha de a tháirgeadh don lucht féachana agus don lucht éisteachta in Éirinn. Tá an Scéim Fuaim agus Fís i mbun feidhme ón mbliain 2005 i leith agus tá sí ag leanúint le cur go mór leis an réimse sin. Tháinig plean oibriúcháin dhá bhliain don Scéim chun deiridh sa bhliain 2016. Leithdháileadh €27m le linn na tréimhse sin chun tacú le 586 thionscadal. Dea-fhorbairt a tháinig chun cinn sa bhliain ba ea an maoiniú a cuireadh ar fáil faoi bhearta coimhdeacha chun tacú le comhléiriú idir

Ceanada agus Éire i gcomhar leis an Ciste Meán Cheanada. Táthar dóchasach go mbeidh sé sin ina shamhail le haghaidh comhar idirnáisiúnta cuí a bhféadfadh go dtabharfaí faoi sa todhchaí.

Tháinig an Scéim reatha um Chartlannú de chuid an Chiste Craolacháin as feidhm i mí Aibreáin. Is é aidhm na scéime cultúr cartlannaithe a chothú in earnáil craolacháin na hÉireann agus, dá réir sin, caomhnú ár n-oidhreachta craolacháin a éascú. Deonaíodh breis agus €5m ar thionscadail éagsúla chartlannaithe sna ceithre bliana atá an Scéim i mbun oibre. Léiríodh a luach cultúrtha le linn athbhreithniú ar an Scéim, rud atá curtha i gcrích. Tá scéim nua á forbairt faoi láthair.

Aithnítear BAI mar rialálaí agus aithnítear é mar chomhlacht a chuireann léiriú clár den scoth chun cinn tríd an Scéim Fuaim agus Fís. Leis an Acht Craolacháin 2009, forchuirtear oibleagáidí sonracha ar BAI i dtaca le réimse na litearthachta sna meáin. Baineadh cuspóir tábhachtach eile de chuid BAI amach sa bhliain nuair a seoladh Beartas um Litearthacht sna Meáin i mí na Nollag. Is é aidhm an bheartais a chinntiú go bhfuil ag muintir na hÉireann na scileanna agus an t-eolas a theastaíonn chun roghanna eolacha a dhéanamh faoin ábhar meán agus faoi na seirbhísí meán a úsáideann siad, a chruthaíonn siad agus a scaipeann siad.

Leis na timpeallachtaí teicneolaíochta, meán agus sóisialta a bhíonn ag athrú, táthar ag cur deiseanna nua ar fáil le haghaidh teagmháil le hábhar agus seirbhísí craolacháin, digiteacha agus meán eile agus le haghaidh saoránacht ghníomhach go ginearálta ar gach leibhéal. Is féidir leis an saol nua seo cur le saoirse agus le saibhriú, comhtháthú agus éagsúlacht ón taobh sóisialta de. Is féidir leis a mhalairt ar fad a dhéanamh freisin trí chur le scoiteacht, le diansmacht agus le míshástacht.

I ré ina bhfuil coincheap na hiarfhírinne ag teacht chun cinn, níl aon amhras ach go bhfuil ról tábhachtach le himirt ag an litearthacht sna meáin. Cuireann sé ar chumas na saoránach mar bhaill den lucht éisteachta agus den lucht féachana rochtain a fháil, tuiscint a ghnóthú, meastóireacht a dhéanamh agus dúshlán a chur ar dhóigheanna atá ríthábhachtach maidir le folláine an duine aonair agus leis an bhfolláine chomhchoiteann a chur chun cinn. Cuireann sé ar a gcumas na dóigheanna sin a cheistiú agus a chruthú agus páirt a ghlacadh iontu freisin. Fiú má tá an chuma air gur mór an jab é sin, leagann sé béim ar scála an dúshláin agus ar na deiseanna.

Ní hé BAI an t-aon chomhlacht amháin a bhfuil freagrachtaí air i réimse na litearthachta sna meáin. Aithnímid agus dearbhaímid an obair atá á déanamh ag raon gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí sna meáin agus sa chumarsáid, san oideachas, sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí. Le linn dúinn ár mbeartas um litearthacht sna meáin a fhorbairt, réitíomar ón tús gur cheart dúinn tionscnaimh atá ann cheana a chomhlánú in ionad iad a mhacasamhlú. Chuaigh comhairliúchán trasearnálach fairsing le geallsealbhóirí chun tairbhe don bheartas. Go deimhin, ba é an comhairliúchán sin a mhúnlaigh an beartas den chuid ba mhó. Is é an aidhm gur faoi choimirce an Líonra um Litearthacht sna Meáin atá beartaithe a leanfaidh an chomhpháirtíocht atá tagtha chun cinn ar aghaidh. Leis an Líonra sin, beifear in ann dul i mbun comhair agus eolas a chomhroinnt i dtaca le hábhair a bhaineann leis an litearthacht sna meáin.

Mar fhocal scoir, ba neamartach dom, le linn dheich mbliana na gcuimhneachán seo, gan comóradh céad bliain 1916 a lua. Bhí áthas ar BAI tacaíocht a thabhairt do sheánraí éagsúla clár comórtha ar an raidió agus ar an teilifís ar leibhéal áitiúil agus ar leibhéal náisiúnta. Áiríodh leis na seánraí sin cláir dhrámaíochta agus cláir faisnéise. D'imir craoltóirí áitiúla agus craoltóirí náisiúnta ról tábhachtach in atmaisféar agus cáilíocht na n-imeachtaí comórtha a shocrú agus ina chinntiú go n-éireodh leo.

.....

An t-Ollamh Pauric Travers
Cathaoirleach

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Bliain mhór do BAI a bhí sa bhliain 2016 mar gur sa bhliain sin a bhaineamar deireadh an dara Ráiteas Straitéise trí bliana uainn amach. Labhair an Cathaoirleach ina ráiteas faoin toradh a bhí ar athbhreithniú a rinneadh ar an straitéis. Bhí an dea-aiseolas a fuarthas ó gheallsealbhóirí i leith ár gcuid oibre ina údar mór sástachta do gach duine ag a bhfuil baint le BAI, lena n-áirítear an Bord, na Coistí Reachtúla agus na baill den fhoireann feidhmiúcháin. Ar ndóigh, cé gur bhaineamar deireadh tréimhse straitéise amháin amach, bogaimid ar aghaidh chuig an gcéad cheann eile lom láithreach. Tar éis an-chuid breithnithe a dhéanamh agus tar éis dul i ndáil chomhairle le geallsealbhóirí, táim den tuairim gurb é an toradh a bheidh ar an Ráiteas Straitéise nua, lena gclúdófar an tréimhse ó 2017 go 2019, go socrófar clár oibre cuí le haghaidh na timpeallachta meán closamhairc níos dúshlánaí atá ann faoi láthair.

Gné thábhachtach d'obair BAI is ea Tionchar a Imirt agus Cumarsáid a Dhéanamh. Ba le foilsiú an dréachtleagain athbhreithnithe den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc ("AVMSD") i mí na Bealtaine a bhain an-chuid den ghníomhaíocht beartais chraolacháin a rinneadh sa bhliain 2016. Chuir ionadaithe do BAI go mór le comhairliúcháin agus labhair siad ag comhdhálacha Eorpacha ar an treoir bheartaithe nua seo. Is treoir í a mbeidh impleachtaí suntasacha aici don bheartas maidir le seirbhísí closamhairc sna blianta atá le teacht. Ar leibhéal náisiúnta, thug BAI cur i láthair don Chomhchoiste Oireachtais um Chumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol mar chuid den bhreithniú a bhí á dhéanamh ag an gCoiste ar an dóigh a maoineofaí craolachán seirbhíse poiblí sa todhchaí. Táimid ag súil go gcuirfidh an cur i láthair sin go mór leis an bplé ar reachtaíocht craolacháin nua. Is dócha go ndéanfar an plé sin sa bhliain 2017.

Cuid dhílis dár gcuid gníomhaíochtaí ba ea teagmháil leis an bpobal agus le geallsealbhóirí eile. Ar na príomhéachtaí a baineadh amach sa bhliain 2016 tugadh suíomh Gréasáin nua soláimhsithe do BAI isteach agus reáchtáladh roinnt comhairliúchán poiblí. I gceann amháin de na comhairliúcháin sin, baineadh úsáid as fóram breithniúcháin mar mhodh nuálach chun dul i dteagmháil leis an bpobal le linn an chomhairliúcháin ar an straitéis nua. Chomh maith leis sin, lean an Bord lena shraith cruinnithe le príomhghrúpaí geallsealbhóirí le linn an fhómhair.

Maidir le sonraí, faisnéis agus eolas, críochnaíodh suirbhé rianúcháin ar dhearcthaí an lucht féachana/éisteachta i leith craolachán seirbhíse poiblí. Chomh maith leis sin, bhailigh an tionscadal um Thuairisceáin Chraoltóirí raon leathan sonraí ón earnáil raidió tráchtála. Tiocfaidh na tairbhí atá ag baint leis an obair sin i láthair de réir mar a dhéanaimid forbairt ar thorthaí an taighde tosaigh sna blianta romhainn.

Cuimsíonn téama na hÉagsúlachta sa Ráiteas Straitéise na pleananna ceadúnúcháin agus oibriú na scéimeanna um maoiniú craolacháin. Bhí bliain ghnóthach ag an gCoiste um Dheonú Conarthaí de réir mar a chuir sé Pleananna Ceadúnúcháin chun feidhme don bhliain 2015 agus don bhliain 2016. Cuireadh trí bhabhta den Scéim Fuaim agus Fís i gcrích agus deonaíodh tacaíocht maoiniúcháin ab fhiú €16.5m. Ar leithligh uathu sin, rinneadh athbhreithniú ar an Scéim reatha um Chartlannú freisin.

Tháinig ábhar na hiolarthachta chun cinn sa bhliain de bharr an dara tuarascáil ó Reuters ar úsáid na nuachta. Rinne BAI urraíocht ar anailís ar thorthaí na hÉireann i gcomhar leis an Institiúid um Meáin agus Iriseoireacht sa Todhchaí in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, ghlac na baill den fhoireann feidhmiúcháin páirt i gcomhdháil meán i mBaile Átha Cliath inar pléadh ábhar na hiolarthachta agus na hiriseoireachta. Is díol suntais gur luaigh na daoine a d'fhreagair don athbhreithniú ar an straitéis reatha gur cheart do BAI tuilleadh béime a leagan ar an ábhar sin thar thréimhse na chéad straitéise eile.

Ó thaobh an Chomhlíonta de, tugadh tús áite d'fhaireachán agus athbhreithnithe feidhmíochta a dhéanamh ar sheirbhísí a bhí le ceadúnú sa Phlean Ceadúnúcháin don bhliain 2016. Bhíothas ag díriú i

ngníomhaíochtaí comhlíonta ar sháruithe ar an gCód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála, go háirithe mar a bhain sé le hurraíocht ar an raidió agus le suntasacht mhíchuí agus deighilt eagarthóireachta ar an teilifís. Ceann amháin de na príomhdhúshláin don rialálaí agus do na comhlachtaí a rialálann sé iad is ea an ceanglas chun cloí le cóid agus rialacha a chothromú leis an ngá atá ag craoltóirí le maoiniú a ghiniúint. Tugadh faoi raon leathan gníomhaíochtaí comhlíonta leis an earnáil raidió pobail i réimse an rialachais. Ina theannta sin, eisíodh roinnt fógraí rabhaidh faoin mBeartas Comhlíonta agus Forfheidhmithe.

Maidir leis an bpríomhghníomhaíocht a rinneadh le craoltóirí seirbhíse poiblí, bhain sí leis an athbhreithniú ar na ráitis bhliantúla faoi ghealltanais feidhmíochta agus le hathbhreithnithe ar mhaoiniú poiblí i leith RTÉ agus TG4. Ag teacht sna sála ar chomhairle leathan le BAI sa bhliain roimhe, thug RTÉ a Chód um Chleachtas Cóirthrádála isteach sa bhliain 2016.

Cuireadh an Plean um Fhoghlaim agus Forbairt Earnála chun feidhme ar fud na bliana. De bhreis ar na tacaí maoiniúcháin a cuireadh ar fáil do na líonraí éagsúla, ar na móréachtaí sa bhliain 2016 tugadh tacaíocht bhreise do thionscadail faoin Scéim Nuálaíochta agus fuair trí thionscadal nua tacaíocht lenar clúdaíodh Mná i Scannáin agus ar an Teilifís, Beochan, agus an Ghaeilge. Rinneadh dul chun cinn freisin ar thionscnamh oiliúna scileanna i gcomhpháirt le Bord Scannán na hÉireann.

Maidir le craolachán freagrach a chur chun cinn agus leis an lucht féachana/éisteachta a chumhachtú, tugtar aghaidh orthu de ghnáth trí chóid agus rialacha a chur chun feidhme, trí phróiseas éifeachtach gearán a oibriú agus trí bhearta agus tionscnaimh a fhorbairt chun tacú le litearthacht sna meáin. Ceann amháin de bhuaicphointí na bliana ba ea beartas um litearthacht sna meáin a fhorbairt agus é a thabhairt chun críche i mí na Nollag. Bhí sé ar an toradh ar chomhairliúchán spriocdhírithe ar fud na bliana. D'fháiltigh na geallsealbhóirí ábhartha go mór roimh an seoladh, rud ar dea-thuar é le haghaidh chur chun feidhme an bheartais sa bhliain 2017.

Bhí forbairt an leagain athbhreithnithe den Chód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála i gceist leis an gcuid is mó den ghníomhaíocht ar chóid. Ag teacht sna sála ar chomhairliúchán fairsing agus ar athbhreithniú dlíthiúil, d'fhormheas an t-Údarás an Cód athbhreithnithe i mí na Samhna. Cuirfear chun feidhme é sa bhliain 2017. Anuas air sin, leanann an Coiste um Chomhlíonadh leis an bpróiseas gearán a oibriú go héifeachtach. D'aontaigh an Coiste nósanna imeachta nua a bhfuil mar aidhm leo an próiseas gearán a shimpliú do bhaill den phobal. Tabharfar isteach iad sa bhliain 2017. Ó thaobh Rialachais agus Fhorbairt na hEagraíochta de, tugadh tús áite don straitéis nua a fhorbairt, rud atá luaite thuas. Bhí foireann oibriúcháin na heagraíochta ríghnóthach fós. Mar sin féin, chomhlíon sí gach ceann dá hoibleagáidí rialachais chorparáidigh, lenar áiríodh bainistíocht agus tuairisciú airgeadais, bainistíocht riosca agus comhlíonadh an chóid rialachais. Rinne an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca maoirseacht éifeachtach ar gach ceann de na hoibleagáidí sin. Bainistíodh na feidhmeanna Acmhainní Daonna agus Forbartha Eagraíochta go héifeachtúil sa bhliain. Ag an am céanna, leanadh leis an straitéis TF a chur chun feidhme ar fud na bliana agus tá ascnamh chuig an néal chóir a bheith críochnaithe. Cuireadh tús le hobair freisin ar chóras nua um Bainistíocht Caidrimh le Custaiméirí a fhorbairt, agus é mar aidhm leis tacú leis an Scéim Fuaim agus Fís a riar.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na baill go léir den fhoireann feidhmiúcháin as a dtiomantas daingean do chlár oibre an-chuimsitheach a sholáthar.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na Cathaoirligh agus leis na comhaltaí den Údarás, den Choiste um Chomhlíonadh, den Choiste um Dheonú Conarthaí agus den Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca as an méid a chuir siad le baint amach Chuspóirí Straitéiseacha BAI sa bhliain reatha.

.....

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach

AN t-ÚDARÁS

Is ar an Údarás atá an fhreagracht fhoriomlán as oibriú agus feidhmiú BAI. Áirítear leis sin treo straitéiseach na heagraíochta a leagan síos. Tá naonúr comhaltaí ag an Údarás, a gceapann an Rialtas cúigear acu ar ainmniú an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Ainmnítear an ceathrar comhaltaí eile trí phróiseas roghnúcháin a reáchtálann an Comhchoiste Oireachtais é.

Léirítear sa tábla thíos na comhaltaí den Údarás agus an tinreamh don bhliain 2016.

	Cruinnithe	**Dáta Ceapacháin**
An t-Ollamh Pauric Travers (Cathaoirleach)	11/11	02/12/2014
Clare Duignan Uas. (a d'éirigh as i mí Iúil 2016)	5/5	02/12/2014
An t-Uas. Alan McDonnell	11/11	02/12/2014
Grace Smith Uas.	10/11	02/12/2014
An t-Uas. Séamus Martin	10/11	17/02/2015
An t-Uas. Seán Ó Mórdha	11/11	17/02/2015
An t-Uas. Denis Wolinski	7/11	17/02/2015
An Dr Rosemary Day	10/11	17/02/2015
An t-Ollamh Maeve McDonagh	10/11	17/02/2015

AN COISTE UM DHEONÚ CONARTHAÍ

Tá an Coiste um Dheonú Conarthaí freagrach as feidhmiú na bpróiseas iarratais ar cheadúnais le haghaidh seirbhísí craolacháin agus oibríochtaí ilphléacs. Ochtar comhaltaí atá ag an gCoiste; ceapann an Rialtas ceathrar acu sin tar éis don Aire iad a ainmniú, agus ceapann an t-Údarás an ceathrar eile, a chuimsínn beirt chomhaltaí den Údarás mar aon le beirt chomhaltaí de Choiste Feidhmiúcháin BAI

De réir a fheidhmeanna, áiríodh na nithe seo a leanas le príomhghníomhaíochtaí an Choiste um Dheonú Conarthaí sa bhliain 2016:

- Próisis cheadúnúcháin a chur chun feidhme, mar a d'ordaigh an t-Údarás;
- Breithniú a dhéanamh ar iarratais ar chonarthaí sealadacha craolachán fuaime agus ar sheirbhísí institiúideacha craolachán fuaime;
- Breithniú a dhéanamh ar iarratais ar chonarthaí soláthair lánais;

Tá sonraí faoi ghníomhaíochtaí an Choiste le fáil i bpríomhchorp na tuarascála.

Comhalta	Cruinnithe	Dáta Ceapacháin	Ainmní
An t-Uas. Ercus Stewart (Cathaoirleach)	11/12	10/03/2015	An t-Aire
An t-Uas. John Hogan	11/12	10/03/2015	An t-Aire
An Dr Anne O'Brien (a d'éirigh as an 2 Meán Fómhair 2016)	6/8	10/03/2015	An t-Aire
Eimer McGovern Uas.	10/12	10/03/2015	An t-Aire
Grace Smith Uas.	11/12	02/04/2015	An t-Údarás
An t-Uas. Séamus Martin	11/12	02/04/2015	An t-Údarás
An t-Uas. Neil O'Brien	12/12	02/04/2015	Foireann BAI
Celene Craig Uas.	12/12	02/04/2015	Foireann BAI

AN COISTE UM CHOMHLÍONADH

Tá an Coiste um Chomhlíonadh freagrach as faireachán a dhéanamh ar an gcomhlíonadh agus ar fhorfheidhmiú an chomhlíonta, as imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin, agus as roinnt feidhmeanna a bhaineann le tuairisciú. Ochtar comhaltaí atá ag an gCoiste; ceapann an Rialtas ceathrar acu sin tar éis don Aire iad a ainmniú, agus ceapann an t-Údarás an ceathrar eile, a chuimsínn beirt chomhaltaí den Údarás mar aon le beirt chomhaltaí de Choiste Feidhmiúcháin BAI.

Léirítear sa tábla thíos na comhaltaí den Choiste agus an tinreamh don bhliain 2016.

De réir a fheidhmeanna, thug an Coiste um Chomhlíonadh faoi roinnt gníomhaíochtaí sa bhliain 2016, lenar áiríodh na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Cinneadh a dhéanamh ar na torthaí ar 132 ghearán a rinne baill den phobal in aghaidh craoltóirí maidir leis an dóigh a raibh siad ag cloí le cóid agus caighdeáin chraolacháin;
- Breithniú a dhéanamh ar Athbhreithnithe Bliantúla Feidhmíochta ar Chonraitheoirí, ar athbhreithnithe iad a rinne an Coiste Feidhmiúcháin;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an dóigh a raibh craoltóirí teilifíse ag comhlíonadh a n-oibleagáidí faoi Rialacha Rochtana BAI sa bhliain 2016;
- Breithniú a dhéanamh ar iniúchtaí teicniúla a rinneadh ar Chonraitheoirí sa bhliain;
- Eolas a dhéanamh d'fhorbairt an leagain athbhreithnithe den Chód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála;
- Cur leis an athbhreithniú reachtúil ar an Scéim maidir le Ceart Freagartha.

Tá sonraí faoi ghníomhaíochtaí an Choiste leagtha amach i bpríomhchorp na tuarascála seo.

.

Comhalta	Cruinnithe	Dáta Ceapacháin	Ainmní
An t-Uas. Patrick Gageby (Cathaoirleach)	10/10	20/01/2015	An t-Aire
Paula Mullooly Uas.	10/10	20/01/2015	An t-Aire
An t-Uas. Nigel Heneghan	9/10	17/02/2015	An t-Aire
An Dr Rosemary Day	8/10	20/01/2015	An t-Údarás
An t-Ollamh Maeve Mc-Donagh	8/10	02/04/2015	An t-Údarás
Anne O'Brien Uas.	8/10	02/04/2015	Foireann BAI
An t-Uas. Ciarán Kissane	9/10	02/04/2015	Foireann BAI

AN COISTE AIRGEADAIS, INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA

Bunaíodh an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca mar bhuanchoiste de chuid an Údaráis sa bhliain 2010. Cuimsíonn na dualgais agus na freagrachtaí atá air córais um rialú inmheánach, iniúchóireacht sheachtrach agus inmheánach, bainistíocht riosca agus rialú airgeadais. Ceanglaítear ar an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca faisnéis faoina dhualgais éagsúla a thabhairt don Údarás nach lú na ceithre huaire sa bhliain.

Tháinig an Coiste le chéile sé huaire sa bhliain 2016. Cuimsíonn an comhaltas den Choiste triúr comhaltaí den Údarás agus comhalta neamhfheidhmiúcháin neamhspleách. Tá an tinreamh don bhliain 2016 leagtha amach thíos.

An t-Uas. Alan McDonnell (Cathaoirleach)	5/6
An t-Uas. Seán Ó Mórdha	6/6
Clare Duignan Uas.	2/2*
An t-Uas. Robert Kelly (Comhalta Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách)	5/6
An t-Uas. Denis Wolinski	0/2**

**D'éirigh Clare Duignan as an Údarás i mí Iúil 2016.*

***Ceapadh Denis Wolinski i mí Mheán Fómhair 2016 chun áit Clare Duignan Uas. a ghlacadh.*

De réir a Théarmaí Tagartha, thug an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca faoi raon gníomhaíochtaí sa bhliain 2016, lenar áiríodh na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Maoirseacht a dhéanamh ar an gcóras rialaithe inmheánaigh, lenar áiríodh ráitis airgeadais BAI agus ráitis airgeadais an Chiste Craolacháin, iniúchóireacht sheachtrach agus iniúchóireacht inmheánach;
- Idirchaidreamh leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus le Capita, na hIniúchóirí Inmheánacha;
- Tuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh;
- Breithniú agus athbhreithniú a dhéanamh ar Chreat Bainistíochta Riosca BAI agus ar leasuithe ar an gClár Rioscaí.

Tá sonraí faoi ghníomhaíochtaí an Choiste leagtha amach i bpríomhchorp na tuarascála seo.

FOIREANN FEIDHMIÚCHÁIN BAI

Tacaíonn an fhoireann feidhmiúcháin le hobair an Údaráis, le hobair a Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca, ar buanchoiste é, agus le hobair a Choiste um Chomhlíonadh agus a Choiste um Dheonú Conarthaí, ar coistí reachtúla iad.

Is é Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh, a chuimsíonn an Príomhfheidhmeannach agus an Leas-Phríomhfheidhmeannach, a threoraíonn obair BAI agus faigheann sí tacaíocht ó fhoireann bainisteoirí sinsearacha a dhéanann maoirseacht ar straitéis agus ar phleanáil don eagraíocht ina hiomláine i gcomhar le hOifig an Phríomhfheidhmeannaigh. Tá struchtúr maitríse i bhfeidhm ag BAI trína n-oibríonn an fhoireann go solúbtha ar fud gach réimse gníomhaíochta de réir riachtanais ghnó. Cuireann sé sin le hacmhainní a úsáid ar bhealach éifeachtach éifeachtúil nuair a bhíonn siad ag teastáil agus mar a mbíonn siad ag teastáil.

Tá liosta den fhoireann ar fad a bhí fostaithe ag BAI an 31 Nollaig 2016 leagtha amach thíos:

COMHALTAÍ DEN CHOISTE FEIDHMIÚCHÁIN

Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh:

Príomhfheidhmeannach Michael O'Keeffe

Leas-Phríomhfheidhmeannach Celene Craig

Bainisteoirí Sinsearacha:

Aoife Clabby, Stephanie Comey, Ciarán Kissane, Anne O'Brien, Neil O'Brien, Clare O'Sullivan

Bainisteoirí:

Diarmaid Breathnach, Nuala Dormer, Elizabeth Farrelly, Brian Furey, Sarah Herron, Sally Kennedy, Declan McLoughlin, Louise McLoughlin, Anne Louise O'Donovan, Andrew Robinson, Roger Woods

Oifigigh Feidhmiúcháin:

Rachel Casey, Jill Caulfield, Gillian Collins, Philip Cooper, Jean Crampton, Teresa Kearns, Fionnuala Murphy, Martina Mimnagh, Deborah Molloy Bergin, Marie Murphy, Sinéad Owens, Annette Stone

Oifigigh Chléireachais:

Lucy Browne, David Carrie, Andrea Leonard, Ellada Savcenko, Jessica Scott

Foireann Faireacháin:

Barry Casey, Jeanne Spillane

Roinn 1

Éagsúlacht a Chinntiú

Soláthar réimse éagsúil seirbhísí agus lánais a éascú don lucht éisteachta agus don lucht féachana in Éirinn.

Ós rud é go bhfuil sé ar an gcomhlacht atá freagrach as seirbhísí craolacháin de bhreis orthu sin a chuireann RTÉ agus TG4 ar fáil a cheadúnú in Éirinn, is eochairsprioc straitéiseach de chuid BAI faoi láthair é a chinntiú go leanann an lucht féachana agus an lucht éisteachta le rochtain a bheith acu ar réimse éagsúil de chláir ardchaighdeáin atá ar fáil ar sheirbhísí éagsúla craolacháin agus lena léirítear a n-eispéireas, a n-ábhair imní agus éagsúlacht shochaí na hÉireann.

Léirítear an cuspóir thuasluaite i Straitéis Seirbhísí Craolacháin BAI. Leagtar amach inti an cur chuige a ghlacann BAI maidir le seirbhísí craolacháin in Éirinn a cheadúnú. Baintear úsáid sa chur chuige sin as próisis iomaíocha cheadúnúcháin nó as próisis oscailte cheadúnúcháin, ag brath ar chineál na seirbhíse atáthar ag ceadúnú agus, sa chomhthéacs seo, ar cheanglais reachtacha dhifriúla. Tá an Straitéis Seirbhísí Craolacháin reatha le hathbhreithniú sa bhliain 2017 tar éis fhoilsiú an Ráitis Straitéise 2017-2019.

Thug BAI faoi roinnt gníomhaíochtaí tábhachtacha sa bhliain 2016 chun a sprioc éagsúlachta a chur ar aghaidh. Tá breac-chuntas ar na gníomhaíochtaí sin leagtha amach thíos.

Gníomhaíocht Ceadúnúcháin sa bhliain 2016

Comhlíonann gníomhaíochtaí ceadúnúcháin ról tábhachtach i mbaint amach sprioc straitéiseach BAI maidir le "soláthar réimse éagsúil lánais ar sheirbhísí craolacháin Éireannacha a éascú". Le blianta beaga anuas, thug BAI faoi an-chuid gníomhaíochtaí ceadúnúcháin, rud a géaraíodh go príomha le dul as feidhm na gconarthaí craolachán fuaime a bhí ann cheana. Díríodh an chuid is mó den ghníomhaíocht ceadúnúcháin sin ar phleananna bliantúla ceadúnúcháin a bhformheasann an t-Údarás iad agus a gcuireann an Coiste um Dheonú Conarthaí chun feidhme iad. Leis na pleananna ceadúnúcháin sin, rinneadh soláthar do 14 sheirbhís raidió pobail/raidió pobail chomhleasa agus do 5 sheirbhís raidió tráchtála a cheadúnú. Faoi dheireadh na bliana, síníodh ceithre chonradh craolachán fuaime, ba chóir a bheith críochnaithe a bhí na próisis cheadúnúcháin le haghaidh sé sheirbhís raidió eile agus ba ar bun a bhí na próisis le haghaidh sé sheirbhís raidió eile.

Tá sonraí sa tábla thíos faoi na 19 seirbhís a bhí liostaithe ar na pleananna ceadúnúcháin sa tréimhse sin.

Station Type	Franchise Area	Target Audience
Seirbhís Tráchtála: Leathanfhormáid áitiúil	Cathair agus Contae Luimnigh	Gach duine fásta
Seirbhís Tráchtála: Leathanfhormáid náisiúnta	Ar bhonn náisiúnta	Gach duine fásta
Seirbhís Tráchtála: Urlabhra/Nuacht Ghar-Náisiúnta	Ar bhonn náisiúnta	Gach duine fásta
Seirbhís Tráchtála: Dírithe ar Cheol go Réigiúnach (an Óige)	Réigiúnach: Iardheisceart na hÉireann	Daoine idir 15 agus 34 bliana d'aois
Seirbhís Tráchtála: Dírithe ar Shaincheol (Roc-cheol Malartach)	Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath	Daoine idir 15 agus 34 bliana d'aois
Seirbhís Pobail	Leamhcán agus an Ceantar Máguaird	An pobal áitiúil
Seirbhís Pobail	Cathair Chill Chainnigh agus an Ceantar Máguaird	An pobal áitiúil
Seirbhís Pobail	Clár Chlainne Mhuiris agus an Ceantar Máguaird	An pobal áitiúil
Seirbhís Pobail	Trá Mhór agus an Ceantar Máguaird	An pobal áitiúil
Seirbhís Pobail	Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh	An pobal áitiúil
Seirbhís Pobail	Caisleán an Bharraigh agus an Ceantar Máguaird	An pobal áitiúil
Seirbhís Pobail	Conamara Thiar Thuaidh	An pobal áitiúil
Seirbhís Pobail	Baile Átha Cliath Theas	An pobal áitiúil
Seirbhís Pobail	Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh	An pobal áitiúil
Seirbhís Pobail Chom-hleasa	Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath	An Pobal Gaeilge
Seirbhís Pobail Chom-hleasa	Cathair na Gaillimhe	Mic Léinn
Seirbhís Pobail Chom-hleasa	Cathair Luimnigh	Mic Léinn
Seirbhís Pobail Chom-hleasa	Cathair Chorcaí	Mic Léinn
Seirbhís Pobail: Sainábhar Spéise	Cathair Bhaile Átha Cliath	Cathair Bhaile Átha Cliath Seirbhís Pobail

Raidió Pobail

Le linn na bliana, rinne an Coiste cur chun feidhme ar phróisis cheadúnúcháin le haghaidh 13 cinn de na 14 sheirbhís liostaithe pobail/sainábhar spéise. Faoi dheireadh na bliana, chuir an Coiste um Dheonú Conarthaí an measúnú ar na hiarratais le haghaidh trí phróiseas ceadúnúcháin i gcrích agus rinneadh moltaí le haghaidh conradh a dheonú. Dhaingnigh an t-Údarás moltaí an Choiste agus d'éirigh leis na hiarratasóirí idirbheartaíocht chonartha a thabhairt chun críche. Shínigh siad conarthaí le BAI i mí na Nollag 2016. Shínigh na seirbhísí seo a leanas conarthaí 10 mbliana: Liffey Sound, seirbhís raidió pobail do Leamhcán agus a Cheantar Máguaird; Dublin City FM, seirbhís raidió pobail sainábhar spéise do Chathair Bhaile Átha Cliath; agus Raidió na Life, seirbhís raidió pobail chomhleasa (an Ghaeilge) do Chathair Bhaile Átha Cliath.

Ba ar siúl fós a bhí na próisis cheadúnúcháin le haghaidh deich gcinn de na seirbhísí raidió pobail atá liostaithe. Bhí roinnt mhaith díobh chóir a bheith curtha i gcrích faoi dheireadh mhí na Nollag. Chomhaontaigh an Coiste gur sa bhliain 2017 a chuirfí tús leis an bpróiseas ceadúnúcháin phobail do Chlár Chlainne Mhuiris agus an Ceantar Máguaird.

Raidió Tráchtála

Chuir an Coiste um Dheonú Conarthaí na próisis cheadúnúcháin le haghaidh na gcúig sheirbhís raidió tráchtála atá liostaithe chun feidhme sa bhliain. Cuireadh an próiseas ceadúnúcháin le haghaidh na seirbhíse tráchtála craolachán fuaime urlabhra/nuachta garnáisiúnta i gcrích. Deonaíodh an conradh craolachán fuaime 10 mbliana do Newstalk 106 Limited. Dhaingnigh an t-Údarás an cinneadh agus síníodh an conradh i mí na Nollag 2016.

Dúnadh an próiseas ceadúnúcháin le haghaidh na seirbhíse craolachán fuaime atá dírithe ar cheol (roc-cheol malartach) do Chathair agus Contae Bhaile Átha Cliath i mí an Mhárta 2016 mar nach bhfuarthas aon iarratais mar fhreagairt do ghairm BAI le haghaidh iarratas ar an tseirbhís raidió a chur ar fáil. Chuir an Coiste um Dheonú Conarthaí tús le próiseas iomaíoch ceadúnúcháin tar éis dó dhá léiriú spéise i soláthar na seirbhíse a fháil an 1 Nollaig 2015. Mar thoradh ar an bhforbairt sin, scoir TX FM, an conraitheoir a bhí ann ag an am, de chraoladh nuair a chuaigh a chonradh as feidhm ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2016.

Maidir leis na trí sheirbhís raidió tráchtála eile, ba iad sin, Seirbhís Leathanfhormáide Náisiúnta, Seirbhís Réigiúnach don Óige atá Dírithe ar Cheol d'iardheisceart na tíre, agus Seirbhís Leathanfhormáide Áitiúla do Chathair agus Contae Luimnigh, cuireadh chun feidhme iad faoin mearphróiseas ceadúnúcháin mar nach bhfuarthas ach léiriú spéise amháin ón gconraitheoir craolachán fuaime a bhí ann ag an am tar éis Gairm ar Léiriú Spéise.

Ag deireadh na bliana, bhí dul chun cinn déanta ag na próisis cheadúnúcháin agus bhíothas ag súil leis go gcuirfí an measúnú iomlán i gcrích agus go ndéanfaí cinntí sa chéad ráithe den bhliain 2017.

Iarratais ar Sheirbhísí Sealadacha Craolachán Fuaime

De bhreis ar dhul chun cinn a dhéanamh ar phleananna bliantúla ceadúnúcháin a bhformheasann an t-Údarás iad, faigheann BAI iarratais gach bliain ar sheirbhísí sealadacha raidió a oibriú. Craolann formhór na n-iarratasóirí rathúla na seirbhísí sin ar feadh 30 lá ar a mhéad agus oibríonn siad le haghaidh cúiseanna éagsúla. Mar shampla, is iad coláistí nó ollscoileanna a oibríonn roinnt seirbhísí sealadacha raidió chun saol an champais a phlé agus chun taithí luachmhar ar chraolachán a chur ar fáil do mhic léinn. Ceadúnaítear seirbhísí eile chun craoladh le linn féilte áitiúla nó le linn tionscnaimh shóisialta nó chultúrtha. Éascaítear imeachtaí pictiúrlainne gluaisteán freisin.

Murab ionann is an córas ceadúnúcháin shealadaigh, is féidir le grúpaí uaillmhianacha raidió pobail iarratas a dhéanamh ar chonarthaí sealadacha craolachán fuaime ar bhonn treorach pobail freisin. Tugtar an deis do na grúpaí sin bheith i mbun craolacháin ar feadh 100 lá ar a mhéad i dtréimhse 12 mhí. Cuireann sé sin ar chumas grúpaí treorach taithí luachmhar a ghnóthú ar stáisiún pobail a reáchtáil agus meicníochtaí a fhorbairt chun a chinntiú go bhfuil a seirbhís ina tairbhe shóisialta don phobal sainaitheanta agus go bhfuil sí ionadaíoch agus cuntasach don phobal a mbeartaíonn siad freastal air.

Le linn na bliana 2016, fuarthas 25 iarratas ar sheirbhísí sealadacha. Fuarthas 7 gcinn díobh ó ghrúpaí uaillmhianacha treorach pobail. Tar éis iad a bhreithniú, mhol an Coiste um Dheonú Conarthaí go rachfaí isteach i gconarthaí sealadacha craolachán fuaime le 22 iarratasóir. Mar a bhí amhlaidh i mblianta roimhe, tugadh an próiseas iarratais agus conraitheoireachta le haghaidh roinnt seirbhísí ar aghaidh chuig an mbliain 2017 ón mbliain roimhe. Ar na seirbhísí sealadacha a

Conradh á shíniú le Raidió na Life: Susan Ní Dhubhlaoich, Raidió na Life; Michael O'Keeffe agus an Dr Pauric Travers, BAI; P.T. Mac Ruairí, Raidió na Life.

oibríodh sa bhliain 2016 bhí 'Walk In My Shoes Radio' a d'oibrigh Seirbhísí Meabhair-Shláinte Ospidéal Pobail Naomh Pádraig, Christmas FM, ar sheirbhís shealadach ilchathrach ar a raibh an-tóir í, agus an tseirbhís treorach pobail do Chathair Chill Chainnigh agus an Ceantar Máguaird.

Conarthaí Soláthar Lánais

Déantar foráil le halt 71 den Acht Craolacháin 2009 do chonarthaí lánais a dheonú le haghaidh teilifíse agus raidió. Is le haghaidh lánais amháin atá na conarthaí sin agus tá ar iarratasóirí rathúla craoladh ar ardán cuí, bíodh sé ar theilifís chábla, ar theilifís satailíte, ar theilifís trastíre dhigiteach nó ar Phrótacal Idirlín, a eagrú ar leithligh. Tar éis don Choiste um Dheonú Conarthaí na hiarratais a bhreithniú agus a mholadh, féadfaidh iarratasóirí rathúla a théann isteach i gconradh le BAI dul i mbun craolacháin sa Stát nó i ndlínsí sonraithe eile.

Fuarthas ceithre iarratas den chineál sin sa bhliain 2016. Deonaíodh conradh i bprionsabal do gach iarratasóir. Rinneadh dhá chonradh a thabhairt chun críche agus a shíniú sa bhliain agus tugadh an idirbheartaíocht chonartha leis na hiarratasóirí eile ar aghaidh chuig an mbliain 2017. Síníodh conradh eile ar leithligh tar éis an idirbheartaíocht a chur i gcrích ar iarratas a fuarthas sa bhliain 2015. Ba iad seo na trí chonradh soláthar lánais a síníodh: conradh le Radio Maria Ireland Limited le haghaidh seirbhís raidió Chríostaí; conradh le Raidió X Teoranta le haghaidh Raidió Rí-Rá, an tseirbhís cheoil Ghaeilge; agus conradh le Virgin Media Ireland Limited le haghaidh athnuachan an bhealaigh sheirbhíse do shíntiúsóirí Virgin Media. Mar léiriú ar thimpeallacht dhoiligh trádála, chuaigh Irish TV, conraitheoir alt 71, faoi leachtú agus scoir sé de ghníomhaíochtaí craolacháin go mall sa bhliain 2016.

Bainistíocht agus Pleanáil Speictrim

Tagraíonn bainistíocht speictrim don phróiseas foriomlán um rochtain ar bhandaí minicíochta oiriúnacha do raidió, agus an úsáid astu, a shainaithint, a rialáil agus a riar. Is é an aidhm atá le bainistíocht speictrim a chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr is féidir as an speictream raidió ón taobh sóisialta, eacnamaíoch agus teicniúil de.

Lean BAI ar fud na bliana 2016 le páirt a ghlacadh i bhfóraim náisiúnta agus idirnáisiúnta um pleanáil speictrim agus teicneolaíocht chraolacháin chun timpeallacht dhearfach a chinntiú le haghaidh fhorbairt na seirbhísí craolacháin in Éirinn.

Díríodh go mór in obair BAI sa réimse sin ar phlean minicíochta nua a thabhairt chun críche le haghaidh Teilifís Trastíre Dhigiteach, lena n-áirítear Saorview, i gcomhar le hinnealtóirí pleanála speictrim sa Ríocht Aontaithe agus le hoibritheoirí tarchuir ó ComReg, ó 2rn agus ó Ofcom, an rialálaí sa Ríocht Aontaithe. Táthar ag súil leis go gcuirfear an plean minicíochta nua sin i gcrích sa chéad ráithe den bhliain 2017. Leis an bplean, cuirfear ar chumas líonraí teileachumarsáide móibílí úsáid a bhaint faoin mbliain 2020 as speictream a d'úsáidtí le haghaidh comharthaí teilifíse craolacháin.

Áiríodh leis an obair eile a rinneadh sa bhliain 2016 anailís ar thograí na Ríochta Aontaithe maidir le seirbhísí raidió DAB, AM agus FM. Ba é aidhm na dtograí sin a chinntiú nach gcuirfeadh na minicíochtaí a úsáidtear sa Ríocht Aontaithe teorainn mhíchuí ar chlúdach na gcraoltóirí raidió atá i mbun craolacháin in Éirinn faoi láthair nó a bheidh i mbun craolacháin in Éirinn sa todhchaí. I roinnt cásanna, tugadh faoi deara go raibh srianta cumhachta nó treo-aeróga tarchuir ag teastáil ar láithreáin sa Ríocht Aontaithe.

Ar leithligh ó na gníomhaíochtaí sin, tugadh faoi mhodhnuithe, feabhsuithe agus athruithe ar mhinicíochtaí agus saintréithe tarchuir chun an clúdach do roinnt seirbhísí a fheabhsú agus/nó a leathnú. Áirítear na nithe seo le samplaí den obair sin: tarchuradóir nua a thug Newstalk isteach lena gclúdaítear an tOirthuaisceart ar mhinicíocht 107.9 MHz; clúdach feabhsaithe i gCaisleán an Bharraigh do Mid West Radio, ar seirbhís raidió áitiúil é; agus leathnú an chlúdaigh do Spirit Radio chuig ceantar Inse agus ceantar Chill Airne/Thrá Lí.

Sanctuary: Christian O'Reilly, Scríbhneoir an Scannáin; Michael O'Keeffe, BAI; Jennifer Cox, Aisteoir le Blue Teapot Theatre Company; Len Collin, Stiúrthóir an Scannáin; Kieran Coppinger, Aisteoir le Blue Teapot Theatre Company; an Dr Pauric Travers, BAI

Chomh maith leis sin, lean BAI le hobair le ComReg agus le 2rn chun minicíochtaí oiriúnacha a shainaithint do chraoltóirí fuaime sealadacha agus treorach pobal. Áiríodh leis an obair sin clúdach do Christmas FM, an tseirbhís shealadach raidió a reáchtáiltear gach bliain, a leathnú chuig ceantar Chill Chainnigh agus ceantar oirdheisceart Chill Mhantáin.

An Ciste Craolacháin

Tá freagracht ar BAI as an gCiste Craolacháin a riar ó bunaíodh é faoi reacht sa bhliain 2003. Cruthaítear ioncam an Chiste trí 7% de ghanfháltais bhliantúla na táille ceadúnais teilifíse. Oibríodh dhá scéim faoin gCiste sa bhliain 2016, ba iad sin: Fuaim agus Fís 3, a thacaíonn le cláir a mhaoiniú; agus an Scéim um Chartlannú, a mhaoiníonn cartlannú bunábhar áirithe craolacháin.

Tá riar an Chiste ar cheann amháin de roinnt bealaí ina gcomhlíonann BAI a sprioc maidir le feabhas a chur ar rochtain an phobail ar chláir ardchaighdeáin chraolachán teilifíse agus fuaime i mBéarla agus i nGaeilge.

Fuaim agus Fís 3

Cuireann an Scéim Fuaim agus Fís maoiniú ar fáil chun tacú le cláir ardchaighdeáin a bhaineann le cultúr, oidhreacht agus eispéireas Éireannach, leis an litearthacht d'aosaigh agus litearthacht na meán, agus le cláir lena bpléitear saincheisteanna domhanda a théann i bhfeidhm ar an Stát agus ar thíortha eile. Tá an Scéim i mbun feidhme ar bhonn leanúnach ón mbliain 2005 i leith. Seoladh Fuaim agus Fís 3, an tríú leagan den Scéim, i mí Feabhra 2015. Scéim iomaíoch is ea an Scéim. Déanann iarratasóirí iarratas ar mhaoiniú agus, má éiríonn leo, síníonn siad conradh le BAI chun an clár ábhartha raidió nó teilifíse a sholáthar.

Tháinig plean oibriúcháin 2 bhliain don Scéim chun deiridh sa bhliain 2016. Leithdháileadh €27m san iomlán le linn na tréimhse sin chun tacú le 586 thionscadal.

Sa bhliain 2016, fuarthas 727 n-iarratas ar an Scéim. Deonaíodh thart ar €16.6m do 349 dtionscadal. Ina measc sin, deonaíodh €1.6m do 258 gclár raidió agus deonaíodh €15m do 91 chlár teilifíse. Tá idirbheartaíocht chonartha ar bun nó curtha i gcrích le formhór na n-iarratasóirí sin. Sa bhliain 2016, dáileadh maoiniú deontais ab fhiú thart ar €12m ar 196 chonraitheoir rathúla agus próiseáladh 554 íocaíocht ar leith.

Raidió

Thacaigh maoiniú ó BAI le cláir a chraoladh ar 42 sheirbhís raidió dhifriúla sa Stát le linn na bliana 2016. Dáileadh an maoiniú sin ar fud cineálacha seirbhíse. Leithdháileadh 44% den mhaoiniú (€700k) ar thionscadail a dtacaíonn bealaí tráchtála leo; leithdháileadh 34% den mhaoiniú (€540k) ar thionscadail lena gcraoladh ar sheirbhísí pobail; agus leithdháileadh an 22% (€368k) a bhí fágtha ar bhealaí seirbhíse poiblí. Tá roinnt de na cláir shuntasacha a maoiníodh agus/nó a craoladh sa bhliain 2016 leagtha amach thíos.

- *Drámaíocht*

  B'amhlaidh go raibh an tóir ar dhrámaíocht raidió soiléir le feiceáil an athuair sa líon mór tionscadal ar tacaíodh leo ar fud na stáisiún ar fad, agus ar stáisiúin tráchtála agus ar stáisiúin phobail go háirithe. Ar na tionscadail sin a maoiníodh bhí: '*Awesome Irish Women*', ar dráma leanaí do RTÉjr/Chill é; '*The Captain*' ar Ocean FM, ar sraith ghrinn faoi chaptaen míréireach farraige é; agus '*Tell-tale Tweet*', ar dráma grinn oideachasúil do dhéagóirí é a craoladh ar Community Radio Youghal. Tugadh aitheantas do dhrámaí arna maoiniú ag Fuaim agus Fís ag *Dámhachtainí Féilte Raidió Nua-Eabhrac 2016* freisin. Dámhadh an Dámhachtain Airgid sa chatagóir don Chlár Speisialta Drámaíochta is Fearr do '*William Melville – Eve of War*' ar Radio Kerry. Chomh maith leis sin, ba é '*Playboy of the Western World – A Musical for Radio*' buaiteoir na Dámhachtana Cré-umha. Sa chatagóir ceoil, dámhadh Dámhachtain Óir do '*Vocal Chords: The Odyssey of the Voice*'. Léirigh Athena Media é agus craoladh ar RTÉ Lyric FM é.

- *Cláir faisnéise*

  Leanadh le tacaíocht láidir a thabhairt do thionscadail chlár faisnéise tríd an Scéim. Ar na hiarratais ar tacaíodh leo bhí sraith clár nádúir sé chuid dar teideal '*Kildare's Wild Places*' ar KFM. Leis an tsraith, tugadh tús eolais don lucht éisteachta ar an bhfiadhúlra i gCill Dara sa lá atá inniu ann. Is sampla é den chineál cláir a d'fhéadfaí a chur le sceideal raidió áitiúil ar bith. Rinne Raidió Corca Baiscinn, ar stáisiún pobail é, clár dar teideal '*Under the Periscope – JP Holland*' a léiriú agus a chraoladh. Pléadh saol JP Holland, an Cláiríneach a cheap an chéad fhomhuireán, lena linn.

  Dámhadh dámhachtainí do thionscadail chlár faisnéise a maoiníodh faoin Scéim Fuaim agus Fís freisin. Tionscadal sonrach ina leith sin is ea 'The Kinder Letters', ar clár faisnéise é a craoladh ar Newstalk. Pléadh sa chlár faisnéise 'dankebuch' a chuir cailíní scoile in Saarbrücken le chéile sa bhliain 1946 chun buíochas a ghabháil le muintir na hÉireann as bia agus soláthairtí a sheoladh chun na Gearmáine le linn an chogaidh. Dámhadh Bonn Óir sa chatagóir do Chláir Staire don scéal ríphearsanta sin ag *Dámhachtainí Féilte Raidió Nua-Eabhrac 2016*. Ar na cláir faisnéise shuntasacha eile a maoiníodh faoin Scéim agus ar tugadh aitheantas dóibh ag *Dámhachtainí Féilte Raidió Nua-Eabhrac 2016*, bhí: '*Bright Sparks*' do RTÉ Radio 1, a bhí ina iomaitheoir sa bhabhta ceannais sa chatagóir don Athrú Aeráide, agus '*Father Hood: the Holy Man and the Heist*' do Newstalk, a ainmníodh sa chatagóir do chláir bheathaisnéise.

- *Cláir shiamsaíochta*

  Craoladh '*Comedy Showhouse*' ar RTÉ Radio One sa bhliain 2016. Fuair an clár sin an chuid ba mhó dá mhaoiniú ó BAI. Ba é a bhí i gceist leis an tsraith clár leathuaire sin ná taibhithe grinn agus seónna painéil a taifeadadh go beo os comhair lucht féachana sa Project Arts Centre i mBaile Átha Cliath. Bhí sé ar an deontas raidió ba mhó riamh a tugadh faoin Scéim. Leagann sé béim ar acmhainn na Scéime chun cláir nua nuálacha raidió a mhaoiniú.

- *Comóradh Céad Bliain 1916*

  Leithdháileadh maoiniú sa bhliain 2016 ar thionscadail éagsúla lena bpléitear le himeachtaí na bliana 1916. Chraol Life FM, ar stáisiún pobail chomhleasa é, dráma dar teideal '*Easter Rising 1916 Live*' lena ndearnadh cur síos ar imeachtaí áitiúla agus náisiúnta na bliana 1916 i bhformáid nuachta. Pléadh sa chlár '*In 1916*' ar KCLR, ar seirbhís áitiúil é, na himeachtaí i gCeatharlach inar athachtaíodh imeachtaí na bliana 1916. Chuaigh an baile siar chun foghlaim faoi shaol a dteaghlaigh le linn an Éirí Amach. Chraol NEAR FM i mBaile Átha Cliath clár dar teideal '*The Women of 1916*'. Díríodh ann ar mhná i ré Éirí Amach na bliana 1916, ar a ról sa tsochaí, ar an dóigh ar mhair agus ar oibrigh siad agus ar an dóigh ar chaith an tsochaí leo. Taifeadadh an tsraith go beo i Leabharlann na Cúlóige.

- *An Ghaeilge*

  Bhí '*Teanga gan Ceol, Teanga Gan Anam*' ina shraith Ghaeilge ceithre chuid a maoiníodh le haghaidh Raidió na Life, ar seirbhís pobail chomhleasa é.

Díríodh sa tsraith ar phopcheol, punc-cheol agus rac-cheol Breatnaise agus ar a macasamhail cheoil Ghaeilge i mBaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, dámhadh maoiniú do chlár faisnéise dar teideal '*The Forgotten Gaeltacht*' lena chraoladh ar LMFM. Insítear sa chlár faisnéise scéal Ghaeltacht dhearmadta Laighean in Ó Méith, Co. Lú. Déantar cur síos ann ar an nGaelcholáiste a bhíodh ann tráth agus ar na naisc thábhachtacha a bhí aici le hEoin Mac Néill agus le Pádraig Mac Piarais, beirt a ghlac páirt san Éirí Amach.

- *Oideachas*

Áiríodh leis an bpacáiste oideachais do 2016 clár dar teideal '*Health Matters*', a bhí le craoladh ar West Limerick Community Radio. Léirigh an pobal siúil áitiúil é agus ba ar an bpobal sin a díríodh é. Chomh maith leis sin, léiríodh sraith clár praiticiúil chun cabhrú le daltaí 2ú leibhéal ullmhú le haghaidh an scrúdaithe béil i nGaeilge san Ardteistiméireacht.

Maidir le RTÉjr/Chill, tugadh tacaíocht freisin don dara sraith de '*School Run*', an clár dátheangach rathúil ina rannchuidíonn daltaí idir rang a haon agus rang a trí go mór leis an ábhar a ghiniúint agus a chur le chéile.

Teilifís

Cosúil leis an gcur chuige a ghlactar i leith an raidió, leanadh le raon leathan seánraí agus formáidí ar an teilifís a mhaoiniú faoin Scéim sa bhliain 2016. Cuireadh tacaíocht ar fáil do thionscadail lena gcraoladh ar 14 bhealach teilifíse éagsúla. Ó thaobh an dáilte de, úsáideadh an tacaíocht sin chun €11m a leithdháileadh ar thionscadail lena gcraoladh ar bhealaí seirbhíse poiblí, €3.3m le haghaidh tionscadal a gcraolfadh craoltóirí tráchtála iad agus €600k ar an dá bhealach teilifíse pobail. Tá samplaí de na príomhthionscadail a maoiníodh sa bhliain leagtha amach thíos..

- *Drámaíocht*

Léiríodh agus craoladh raon leathan tionscadal drámaíochta sa bhliain 2016. Craoladh an dráma grinn dar teideal '*Can't Cope, Won't Cope*' ar RTÉ 2. Sa dráma seo ar tugadh ardmholadh dó, leantar an sonas agus an donas i saol Danielle agus Aisling, beirt chairde atá ag féachaint leis an obair, an saol agus gach rud eile a chothromú i mBaile Átha Cliath. Ar leithligh ó shin, leanadh imeachtaí i saol Tara Kearns, aturnae a léirigh Amy Huberman, in '*Striking Out*', dráma a craoladh ar RTÉ 1. Tugadh tacaíocht don phríomhscannán '*The Ranger*' ar TV3 freisin. Leantar sa scannán sin scéal an Fhiannóglaigh Éireannaigh a d'fhill ar Éirinn le linn an Ghorta Mhóir chun tabhairt le chéile lena mhuintir an athuair.

Can't Cope Won't Cope: Sraith 1: Seána Kerslake, Amy Huberman, Laurence O'Fuarain

A Date For Mad Mary: Seána Kerslake

Lean tionscadail drámaíochta a maoiníodh faoin Scéim Fuaim agus Fís le haitheantas a fháil san earnáil. Ag Fleadh Scannán na Gaillimhe 2016, dámhadh an dámhachtain don Chéad Phríomhscannán Éireannach is Fearr do '*Sanctuary*'. Is dráma taitneamhach é ina leantar caidreamh agus saol grúpa daoine faoi mhíchumas intleachta thar lá amháin i nGaillimh. Mar an gcéanna, bhuaigh '*A Date with Mad Mary*' an dámhachtain don Phríomhscannán Éireannach is Fearr ag an bhfleadh. Is príomhscannán é a maoiníodh faoin Scéim. Is é Droichead Átha tar éis ré an Tíogair Cheiltigh suíomh an scannáin. Is scannán grinn rómánsúil teasaí é faoi Mary, iarphríosúnach ag a bhfuil acmhainn shearbh grinn, a thiteann i ngrá leis an bhfísghrafadóir do bhainis a cara is fearr, ar duine í nach bhfuil aon teagmháil aici léi a thuilleadh.

De bhreis orthu sin, dámhadh dámhachtainí do '*Red Rock*', ar sraith clár drámaíochta é a craoladh ar TV3, agus '*The Day Henry Met*', ar clár beochana é a craoladh ar RTÉjr, ag Gradaim Scannán agus Teilifíse na hÉireann 2016.

An Ghaeilge

Sampla eile den tacaíocht a tugadh do chláir dhrámaíochta Gaeilge sa bhliain ba ea an dara sraith de '*An Klondike*' ar TG4. Is clár é ina leantar eachtraí dheartháireacha Connelly in Dominion Creek. Dámhadh maoiniú do phríomhscannán Gaeilge dar teideal '*Aithrí*' freisin. Tá an scannán le scaoileadh sa bhliain 2017. Leantar sagart óg darb ainm an tAthair Eoin O'Donnell de réir mar a iompaíonn sé ina fhear déanta síochána ar shráideanna Dhoire sa bhliain 1969 tar éis dó a bheith ina ghríosóir óg sna blianta tar éis Éirí Amach na bliana 1916. .

Cláir faisnéise

Amhail i gcás an raidió, bhí cláir faisnéise i gceist le cuid mhór de na hiarratais a fuarthas. Is formáid an-iomaíoch iad fós. Áirítear iad seo le samplaí de na príomhchláir faisnéise a craoladh ar an teilifís sa bhliain: '*Deoch an Dorais*' do TG4, ar clár é a bhuaigh dámhachtain fuaime ag Gradaim Scannán agus Teilifíse na hÉireann sa bhliain 2016, agus an clár faisnéise dar teideal '*Meetings with Ivor*', ar clár faisnéise fada nuálach é a maoiníodh sa bhliain 2016 lena chraoladh ar DCTV, an bealach teilifíse pobail. Ba é Alan Gilsenan, an stiúrthóir Éireannach clúiteach, a stiúir é. Pléitear saol agus obair an Dr Ivor Browne ann. Tá sé ina phríomhphearsa i seirbhísí meabhairshláinte na hÉireann le roinnt mhaith blianta anuas. Chomh maith leis sin, tacóidh an tionscadal leis an earnáil teilifíse pobail trí dheis a thabhairt d'oibrithe deonacha taithí oibre a ghnóthú le stiúrthóir agus criú ceamara den chéad scoth.

Ar na cláir shuntasacha eile a maoiníodh bhí '*The Long Road Home*', a bhí le craoladh ar TV3. Is léiriú é ar ionsaí gnéasach in Éirinn agus ar an turas léanmhar a dtugann ceathrar ban faoi de réir mar a fhéachann siad lena saol a chur ar an mbóthar ceart an athuair. Chomh maith leis sin, déantar cur síos in '*John Hume in America*' ar an gcur chuige a

Kiva Can Do: Sraith 2; Kiva

ghlac John Hume i leith na polaitíochta i dTuaisceart Éireann i gcomhar le roinnt pearsana sinsearacha sa saol polaitíochta sna Stáit Aontaithe, amhail an tUachtarán Carter, an tUachtarán Reagan, an tUachtarán Clinton, an Ceann Comhairle Tip O'Neill agus an Seanadóir Ted Kennedy.

- *Cláir bheochana*

  Lean RTÉjr le tacaíocht shuntasach a thabhairt do thionscadail bheochana Éireannacha. Deonaíodh maoiniú sa bhliain 2016 do thrí shraith beochana a rinneadh in Éirinn. Deonaíodh maoiniú breise do '*Kiva Can Do*', clár a raibh ag éirí leis cheana féin. Sa chlár, leantar Kiva, ar aireagóir óg í, agus Saul, cara léi, de réir mar a chumann siad, a dhearann siad agus a shúgraíonn siad. Lena linn sin, faigheann siad cabhair ó Nanni, seanmháthair le Kiva.

- *Oideachas*

  Tugadh tacaíocht do RTÉ le haghaidh an dara sraith de '*Magical Sites agus Makers*' a léiriú. Bhí an dá chlár le craoladh ar RTÉjr. Áiríodh sraith ar Iománaíocht leis an bpacáiste don bhliain 2016. Bainfear úsáid aisti mar acmhainn oideachasúil i scoileanna chun tacú leis an gcuraclam ginearálta agus chun an spórt uathúil Gaelach seo a chur chun cinn.

- *Cláir shiamsaíochta*

  Clár nua sa bhliain 2016 ba ea '*Big Week on the Farm*'. Leis an gclár, tarraingíodh aird an lucht féachana in Éirinn ar an saol feirmeoireachta. Leithdháileadh €100k le go dtacófaí leis an tionscadal an athuair sa bhliain 2017. Cuireadh tacaíocht ar fáil freisin don dara sraith de '*Lord and Ladles*' agus do shraith ilardáin Ghaeilge nua dar teideal '*Blasta*'. Sa chlár deireanach sin, déanfar oidis thraidisiúnta Éireannacha a bhailiú, a chaomhnú agus a athnuachan ar bhealach siamsúil.

Fuaim agus Fís 3 – Bearta Coimhdeacha

Ón mbliain 2015 i leith, tá an Scéim Fuaim agus Fís ag éascú forbairt clár trí mhaoiniú a chur ar fáil do bhearta coimhdeacha. Deonaíodh maoiniú sa bhliain 2016 le haghaidh tionscadal clár faisnéise a fhorbairt go neamhspleách. Fuarthas tacaíocht ó BAI agus ón Ciste Meán Cheanada (CMF). Cuireadh cómhaoiniú ab fhiú €150,000 ar fáil do thionscadail teilifíse a raibh maoiniú forbartha ag teastáil uathu. Ba é sin an chéad uair riamh a deonaíodh maoiniú Fuaim agus Fís le haghaidh tionscadal teilifíse a fhorbairt ar an mbealach sin. Tús na comhpháirtíochta idir BAI agus CMF a bhí ann freisin. Táthar ag súil go leanfaidh an tacaíocht sin leis an gcaidreamh láidir comhléirithe idir Ceanada agus Éire a fhorbairt agus a chothú.

Meetings With Ivor: Ivor Browne

Rialachas na Scéime

Tá BAI tiomanta don Scéim a rialú ar bhealach maith éifeachtúil chun tairbhe do na geallsealbhóirí uile. Cuireann sé béim ar leith ar chleachtais chomhlíonta a leanúint ar mhaithe le soláthar tionscadal ag conraitheoirí rathúla a áirithiú. Maidir leis sin, tugtar faoi iniúchtaí inmheánacha ar thionscadail ar bhonn bliantúil. Déantar athbhreithniú ar ráitis chostas deiridh agus ar bhunábhar clár na dtionscadal sin freisin. Roghnaíodh 15 thionscadal lena n-iniúchadh sa bhliain 2016. Cheadaigh Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca BAI iad ina dhiaidh sin.

Rinne BAI idirchaidreamh le geallsealbhóirí éagsúla le linn na bliana 2016 mar chuid dá obair leanúnach chun feasacht a mhéadú ar an Scéim Fuaim agus Fís agus chun rannpháirtíocht a chothú sa Scéim. Reáchtáladh seisiúin faisnéise le geallsealbhóirí sa tionscal. Chomh maith leis sin, reáchtáladh plé painéil le léiritheoirí, le mic léinn a bhí ag déanamh staidéar ar na meáin agus le craoltóirí. Le linn na bliana, ghlac BAI páirt in imeachtaí éagsúla, amhail Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath, Fleadh Scannán na Gaillimhe agus féile clár faisnéise Guth Gafa. Thug sé tacaíocht do na himeachtaí sin freisin.

Ag déanamh forbairt dó ar an gcaidreamh le maoinitheoirí agus léiritheoirí Ceanadacha, ghlac BAI páirt san imeacht líonraithe dhá lá a d'eagraigh Bord Scannán na hÉireann do léiritheoirí Éireannacha agus léiritheoirí Ceanadacha go mall sa bhliain 2016.

An Scéim um Chartlannú

Ba é an aidhm a bhí leis an Scéim um Chartlannú de chuid an Chiste Craolacháin tacaíocht maoinithe a sholáthar chun tacú le cultúr cartlannaithe a chothú in earnáil chraolacháin na hÉireann a chabhraíonn le hoidhreacht chraolacháin na hÉireann a chaomhnú. Seoladh an Scéim sa bhliain 2012. Chuaigh an formheas le haghaidh an bhabhta dheireanaigh den Scéim um Chartlannú as feidhm i mí Aibreáin 2016. Agus í i mbun feidhme, reáchtáil BAI trí bhabhta den Scéim agus deonaíodh maoiniú iomlán €5.12m do raon iarratasóirí rathúla. Bhain na babhtaí sin den chuid ba mhó le bunábhar clár, lenar áiríodh fógraí, a craoladh go hiomlán nó go páirteach nó a taifeadadh lena chraoladh ar an raidió agus/nó ar an teilifís.

Cé nár deonaíodh aon mhaoiniú nua sa bhliain 2016, lean BAI ar aghaidh ag obair agus ag cabhrú le hiarratasóirí a bhí rathúil roimhe sin dul chun cinn a dhéanamh ar a dtionscadail agus bunábhar clár a chaomhnú. Ar na samplaí de thionscadail a maoiníodh roimhe sin agus a cuireadh i gcrích sa bhliain 2016 bhí tionscadal ar thug TG4 faoi chun thart ar 1,400 uair de chláir cheoil agus faisnéise a dhigitiú, a chatalógú agus a chur ar fáil, agus an tionscadal ar thug The Radharc Trust faoi chun bunábhar léiriúcháin, doiciméid agus grianghraif a chruthaigh Radharc idir an bhliain 1964 agus an bhliain 1997 a chaomhnú.

Ag teacht sna sála ar dhul as feidhm na Scéime i mí Aibreáin 2016, thug BAI faoi athbhreithniú ar oibriúchán, éifeachtacht agus tionchar na Scéime. Bhí comhairliúchán spriocdhírithe le geallsealbhóirí i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2016 i gceist leis an athbhreithniú sin. Cuirfear torthaí an athbhreithnithe i láthair an Údaráis go luath sa bhliain 2017 agus is ag an am sin a bhreithneofar cé acu a fhorbrófar babhta nua den Scéim um Chartlannú nó nach bhforbrófar.

Roinn 2

Iolarthacht a Chinntiú

Plé eolach oscailte agus tuairimí éagsúla a éascú

Príomhchuspóir de chuid BAI ina ról mar rialálaí is ea tacú le hiolarthacht na meán, rud a chinntíonn go bhfuil fáil agus rochtain ann ar raon leathan tuairimí agus dearcthaí don lucht féachana agus don lucht éisteachta in Éirinn. Déanann iolarthacht na meán plé oscailte a éascú agus a chothú. Tá sí ina cuid dhílis de mhuinín agus iontaoibh an phobail as foinsí nuachta agus faisnéise craolacháin na hÉireann a choinneáil ar bun.

Breithnítear an iolarthacht go mór i réimsí áirithe oibriúcháin, lena n-áirítear ceadúnú agus iarrataí ar struchtúir úinéireachta agus rialaithe na gconraitheoirí a éagsúlú. Is féidir tiomantas BAI do phrionsabal na hiolarthachta a fheiceáil freisin ina rannpháirtíocht leantach i bplé agus taighde ar ábhair a bhaineann leis an iolarthacht.

Tuarascáil ar an Nuacht Dhigiteach ó Reuters 2016

Ba í an bhliain 2016 an dara bliain a ghlac BAI páirt sa Tuarascáil idirnáisiúnta ar an Nuacht Dhigiteach arna comhordú ag Institiúid Reuters um Staidéar a Dhéanamh ar an Iriseoireacht in Ollscoil Oxford. De bhreis air sin, d'fhoilsigh BAI tuarascáil a bhaineann go sonrach le hÉirinn ar úsáid ar líne na nuachta ag an lucht féachana Éireannach. Cuireadh an tuarascáil sin le chéile i gcomhar le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus bunaíodh í ar na sonraí ó Reuters. Seoladh an dá thuarascáil an 15 Meitheamh 2016.

Cosúil leis an tuarascáil do 2015, meastar an taighde sin a bheith tábhachtach maidir le príomhthreochtaí a rianú agus le sonraí a chur le chéile chun cabhrú le BAI breithniú a dhéanamh ar ábhair bheartais a bhaineann leis an iolarthacht. Áiríodh iad seo leis na príomhfhionnachtana a tugadh faoi deara sa tuarascáil a bhaineann go sonrach le hÉirinn:

- Agus í cothrom le 84%, bítear ag baint ardúsáid gach lá as an nuacht i measc gach déimeagrafaigh in Éirinn fós. Mar sin féin, aimsíodh go bhfuil feistí meán sóisialta agus móibíleacha ag dul i bhfeidhm ar phatrúin nua úsáide. Luadh sa tuarascáil gurb amhlaidh, i measc na ndaoine sin a bhaineann úsáid as fóin chliste gach maidin, go bhfaigheann 50% díobh rochtain ar an nuacht trí shuíomhanna meán sóisialta agus go dtéann 30% díobh go díreach chuig aip nuachta nó suíomh Gréasáin nuachta.
- Tugadh leitheadúlacht mhéadaitheach na meán sóisialta in Éirinn faoi deara freisin. Luaigh breis agus leath na dtomhaltóirí a ndearnadh suirbhé orthu (52%) gur ó shuíomhanna meán sóisialta a fuair siad a nuacht. Tugadh faoi deara gurb é Facebook an suíomh meán sóisialta is mó tóir in Éirinn. Baineann 71% de thomhaltóirí úsáid as go rialta agus baineann 45% úsáid as mar fhoinse nuachta.
- Is é an teilifís an t-ardán is mó tóir le haghaidh rochtain a fháil ar an nuacht in Éirinn, cé gurb ionann an céatadán d'úsáideoirí, a bhí cothrom le 73%, agus laghdú 3% i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2015. Laghdaigh an céatadán d'úsáideoirí an raidió agus na meán clóite le haghaidh nuachta go 47% agus go 45% faoi seach. Ní raibh sna figiúirí sin ach laghdú beag.

Reuters Digital News Report: Michael O'Keeffe agus an Dr Pauric Travers, BAI; an Dr Jane Suiter, FuJo; Susan Daly, Journal.ie; agus Tim Collins, Newstalk

Comhairliúchán ar Ráiteas Straitéise BAI: Karen Hall, Ipsos MRBI; Michael O'Keeffe, an Dr Pauric Travers agus an Dr Ciarán Kissane, BAI

- Ní bheadh 71% de thomhaltóirí in Éirinn toilteanach íoc as nuacht ar líne. Toisc shuntasach a bhí taobh thiar de rátaí íocaíochta ba ea an fháil leathan ar nuacht saor in aisce sa mhargadh domhanda nuachta Béarla.
- Lean an tóir ar bhacairí fógraí le dúshlán suntasach a chruthú d'fhoilsitheoirí a bhíonn ag brath ar ioncam ó fhógraíocht dhigiteach. Bhí Éire sa chúigiú háit san Eoraip ó thaobh úsáid bacairí fógraí de. B'ionann an céatadán de thomhaltóirí a bhí ag baint úsáid astu agus 30%. Bhí breis agus leath na ndaoine idir 18 mbliana d'aois agus 24 bliana d'aois ag baint úsáid as bacaire fógraí de chineál éigin.
- Maidir le muinín as an nuacht, tugadh faoi deara gurbh airde an mhuinín i measc daoine os cionn 55 bliana d'aois. Dúirt breis agus leath na ndaoine a ndearnadh suirbhé orthu nach bhfuil muinín acu as an nuacht i gcoitinne.

Faireachán ar Iolarthacht na Meán 2016

Foilsíodh dhá staidéar sa bhliain 2016 ar iolarthacht na meán in Éirinn. Mhaoinigh an tAontas Eorpach na staidéir sin. Sa chéad staidéar, dar teideal an Eurobarometer Report, léiríodh gur fear na meáin Éireannacha ná meáin an Aontais Eorpaigh ar an meán maidir le soláthar tuairimí ilchineálacha (71% i gcomparáid le 66%) atá saor ó bhrú polaitiúil agus tráchtála (47% i gcomparáid le 38%). Léiríodh sa taighde gur mó an céatadán de dhaoine in Éirinn a bhfuil muinín acu as na meáin (61%) ná an meán san Aontas Eorpach (53%). Mar fhocal scoir, aimsíodh sa Eurobarometer Report gurb amhlaidh go bhfuil tuilleadh oibre ar fheasacht a ardú ag teastáil, cé gur mó an t-eolas atá ag muintir na hÉireann ar ról BAI in ábhar closamhairc a rialáil (27%) ná an t-eolas atá ag saoránaigh eile na hEorpa ar an ról sin (21%).

Ba é an dara staidéar ar mhaoinigh an tAontas Eorpach é ná cur chun feidhme an Media Pluralism Monitor ó CMPF in Éirinn. Is é aidhm an mhonatóra na rioscaí d'iolarthacht na meán a shainaithint i gceithre réimse thábhachtacha, is iad sin: cosaint bhunúsach, iolarthacht an mhargaidh, neamhspleáchas polaitiúil agus cuimsitheacht shóisialta. Rannchuidigh foireann BAI le cur chun feidhme treorach an mhonatóra agus le meastóireacht a dhéanamh air. D'ullmhaigh an Dr Roderick Flynn ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath tuarascáil ar chur chun feidhme treorach an mhonatóra in Éirinn. Chomh maith leis sin, tá monatóir athbhreithnithe á chur chun feidhme ar fud na mBallstát go léir den Aontas Eorpach sa bhliain 2016 agus sa bhliain 2017. Tá BAI ag glacadh páirt sa phróiseas sin freisin.

Roinn 3

Tionchar a Imirt agus Cumarsáid a Dhéanamh

Údarás Iontaofa Eolach ar Chúrsaí Craolacháin

Agus é ag iarraidh baint amach a dhéanamh ar an sprioc atá aige maidir lena bheith ina údarás iontaofa eolach sna meáin, glacann BAI cur chuige fianaisebhunaithe maidir le cinnteoireacht. Déantar eolas dá chuid gníomhartha leis an taithí, leis an eolas agus leis na sonraí a fhaightear trí thaighde a dhéanamh agus trí dhul i ndáil chomhairle le geallsealbhóirí. Is mór ag BAI an comhairliúchán agus an teagmháil leantach leis an bpobal agus le geallsealbhóirí eile mar mheicníocht trína ndéanann BAI cumarsáid, trína malartaíonn sé tuairimí agus trína ndéanann sé dul chun cinn ar a shainchúram.

Ba shoiléir ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta fós sa bhliain 2016 a bhí tiomantas BAI do theagmháil réamhghníomhach a dhéanamh le geallsealbhóirí. Gné shuntasach sa bhliain a bhí sna cineálacha éagsúla teagmhála agus sna leibhéil éagsúla teagmhála a rinneadh le raon leathan geallsealbhóirí, lenar áiríodh ranna rialtais, rialálaithe eile agus comhlachtaí ionadaíocha. Ar na samplaí den teagmháil sin bhí cruinnithe idir Cathaoirleach an Údaráis agus an t-Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus cruinnithe athbhreithnithe fhoirmiúil idir Coiste Feidhmiúcháin BAI agus oifigigh na Roinne. Bhí raon teagmhálacha geallsealbhóirí ag an Údarás le CRAOL, ar líonra raidió pobail é, leis an Community Television Association (CTA) agus le Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann. Ar leithligh uathu sin, d'fhreastail foireann an Choiste Feidhmiúcháin ar imeachtaí éagsúla sa bhliain a bhí bainteach leis an tionscal agus le geallsealbhóirí agus ghlac an fhoireann páirt ghníomhach iontu. Baineann ríthábhacht le teagmhálacha den sórt sin chun malartú tuairimí le geallsealbhóirí a éascú agus chun cur ar chumas BAI soiléire a thabhairt ar a sheasamh i dtaca le hábhair éagsúla.

Michael O'Keeffe, BAI, le daoine den phobal ag an bhFóram Breithniúcháin a reáchtáil BAI ar an dréacht-Ráiteas Straitéise

Rannpháirtíocht in Imeachtaí

Príomhréimse gníomhaíochta don eagraíocht ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal idirnáisiúnta araon is ea rannpháirteachas le himeachtaí tionscail agus rannpháirtíocht iontu. Bhí baint ag baill foirne BAI leis na nithe seo a leanas agus chuir siad leo:

- Siompóisiam inar pléadh rannpháirtíocht na mban i dtionscal scannán na hÉireann. Bhain aighneacht BAI le beartas inscne;
- Comhdháil inar pléadh cartlann i mbaol, áit ar chuir BAI le plé ar chineálacha cur chuige idirnáisiúnta i leith samhlacha maoinithe agus cartlannaithe;
- Cruinniú mullaigh siamsaíochta domhanda MediaCon, a cuireadh ar siúl i mBaile Átha Cliath;
- Comhdháil Radio Days Ireland ar eagraigh Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann agus Learning Waves Skillnet í;
- Comhdháil Eorpach dar teideal Public Service Media & Democracy, áit ar chuir BAI le plé ar mheáin seirbhíse poiblí;
- Rannpháirtíocht i Meitheal Saineolaithe ar chuir Comhairle na hEorpa í ar bun. Scrúdaigh an Mheitheal sin ábhar na hathraitheachta inscne san earnáil closamhairc sular dhréachtaigh sí moladh do Chomhaltaí den Chomhairle. Sa mholadh sin, luadh tábhacht an chomhionannais inscne san earnáil sin agus tairgeadh treoirlínte faireacháin agus táscairí feidhmíochta do gach geallsealbhóir. Táthar ag súil go mbreithneoidh an Chomhairle an moladh sin sa bhliain 2017.

Is leagtha amach thíos atá samplaí sonracha eile den teagmháil agus de na comhairliúcháin le geallsealbhóirí a rinneadh sa bhliain 2016.

An Grúpa Rialálaithe Eorpacha do Sheirbhísí Meán Closamhairc (ERGA)

Leanadh le dea-ionadaíocht a dhéanamh do BAI sa Ghrúpa Rialálaithe Eorpacha do Sheirbhísí Meán Closamhairc sa bhliain 2016. De bhreis ar fheidhmiú mar ardán le haghaidh eispéiris a mhalartú, cuireann an Grúpa seo comhairle ar an gCoimisiún Eorpach faoi ábhair rialála a bhaineann le raon saincheisteanna beartais chlosamhairc. Chomh maith leis sin, oibríonn sé chun cur chun feidhme comhsheasmhach na Treorach maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc ("AVMSD") a chinntiú, rud atá ag éirí níos tábhachtaí i dtírdhreach meán a bhíonn ag coinbhéirsiú.



Buaiteoir na Dámhachtana do Shraith Fhíorasach ag Féile na Meán Ceilteach: Crumlin. Rannpháirtithe sa chlár: Cathy, Jessica, Cormac

Mar chuid dá obair le ERGA, ghlac BAI páirt i dtrí fhoghrúpa sa bhliain 2016. Ina measc sin, bhí: cathaoirleacht a dhéanamh ar an bhfoghrúpa um Chosaint Mionaoiseach agus Inrochtaineacht; rannpháirtíocht i bhfoghrúpa a bhfuil mar aidhm leis aiseolas a thabhairt don Choimisiún faoi leasuithe beartaithe ar an AVMSD; agus rannpháirtíocht i bhfoghrúpa a bhfuil mar aidhm leis foireann uirlisí Eorpacha digiteacha a bhunú chun rochtain a mhéadú ar dhoiciméid, beartais agus straitéisí tábhachtacha rialála sna Ballstáit éagsúla.

An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (AVMSD)

Bhí obair shuntasach á déanamh ar leibhéal an Choimisiúin Eorpaigh. Scaip an Coimisiún tograí le haghaidh an AVMSD a leasú le go rachfaí i ndáil chomhairle orthu agus go bhfaighfí ionchur ó Bhallstáit éagsúla. Is é príomhchuspóir thogra an Choimisiúin chun an treoir a leasú ná creat nua a fhorbairt. Leis an gcreat nua, tabharfar cothrom le dáta í agus déanfar iarracht déileáil le forbairtí agus saincheisteanna nua éiritheacha atá ag teacht chun cinn i dtírdhreach closamhairc na hEorpa. Aidhm eile atá leis na leasuithe beartaithe is ea cothromaíocht níos fearr a thabhairt chuig na rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le craoltóirí traidisiúnta, le soláthraithe físeán ar éileamh agus le soláthraithe ardán comhroinnte físeán.

Chuaigh BAI i mbun teagmháil chuimsitheach leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil sa bhliain. Bhain an teagmháil sin le leasuithe beartaithe an Choimisiúin agus leis an tionchar measta a bheidh acu ar an gcóras rialála in Éirinn agus ar thírdhreach meán na hÉireann go ginearálta. Sna freagraí a thug sé don Roinn, thacaigh BAI le han-chuid de na leasuithe atá sa togra agus d'iarr sé soiléiriú maidir le brí agus raon feidhme roinnt de na sainmhínithe a bhí istigh ann. Luaigh sé go faichilleach, áfach, go mbeadh impleachtaí éagsúla ann don Roinn agus do BAI maidir leis na hacmhainní, an reachtaíocht agus na hathruithe beartais a bheadh ag teastáil chun tacú le cur chun feidhme na Treorach athbhreithnithe nua.

Tá sé beartaithe go rachfar i mbun tuilleadh idirbheartaíochta sa bhliain 2017 d'fhonn Treoir athbhreithnithe a chur i bhfeidhm roimh thús na bliana 2018. Is dócha ansin go mbeidh sé riachtanach na forálacha nua a thrasuí i ndlí na hÉireann laistigh de dhá bhliain tar éis an Treoir a dhaingniú ar leibhéal Eorpach.

An tArdán Eorpach um Ghnóthaí Rialála (EPRA)

Tá comhaltas EPRA comhdhéanta de 52 údarás rialála as 46 thír. Is líonra tábhachtach é a éascaíonn comhar idir údaráis rialála agus an malartú faisnéise agus tuairimí faoi raon saincheisteanna.

Ba in Barcelona agus in Eireaván a cuireadh cruinnithe EPRA sa bhliain 2016 ar siúl. Cuireadh díriú i seisiúin iomlánacha an dá chruinniú ar a bhfuil i ndán don teilifís shaorchraolta agus ar bheartais agus cleachtais maidir le comhlíonadh agus forfheidhmiú, rud a d'éascaigh leanúnachas plé i measc na gcomhaltaí ar fud na bliana. Le linn na seisiún de chuid na meithle, pléadh na hábhair seo: na meáin i dtréimhsí géarchéime, cosaint mionaoiseach, ábhar eagarthóireachta in aghaidh ábhar fógraíochta, díriú ar ardáin chlosamhairc, agus cosaint sonraí, mórshonraí agus an tionchar atá acu ar rialáil na meán.

Lean BAI le ról tábhachtach a imirt sa líonra ar fud na bliana 2016. Bhí ról an Chathaoirligh ag Celene Craig, Leas-Phríomhfheidhmeannach BAI, don dara bliain i ndiaidh a chéile. Ina cáil mar Chathaoirleach, lean Celene le hionadaíocht a dhéanamh don líonra ag comhdhálacha idirnáisiúnta a bhaineann le rialáil na meán closamhairc. Rinne sí cathaoirleacht ar dhá chruinniú iomlánacha freisin.

Cumarsáid agus Tacaíocht

Chun a chinntiú go mbreathnófar air mar údarás iontaofa eolach i réimse an chraolacháin, tuigeann BAI an tairbhe is féidir a bhaint as a chuid spriocanna a chur in iúl agus as tacaíocht a thabhairt don earnáil craolacháin ar leibhéal náisiúnta. Trí fhreastal ar imeachtaí ar fud na tíre agus iad a eagrú agus trína chuid oibre ar líne, d'fhéach BAI le heolas a thabhairt do gheallsealbhóirí faoina chuid gníomhaíochtaí, le tacaíocht a thabhairt don earnáil craolacháin agus le hidirphlé a chothú ar ábhair a bhaineann lena shainchúram. Áiríodh na nithe seo a leanas leis na buaicphointí sa bhliain 2016:

Féile na Meán Ceilteach

Bhí Féile na Meán Ceilteach ar siúl i nDún Garbhán, Co. Phort Láirge, i mí Aibreáin 2016. Anuas ar fhreastal ar an ócáid, chuir BAI tacaíocht urraíochta ar fáil le haghaidh gnéithe de chlár na féile.

Mar thír óstach, breithníodh 42 léiriú de chuid na hÉireann le haghaidh Dhámhachtain mhór an Toirc, lenar áiríodh '*Cumann na mBan – Mná na Réabhlóide*' sa chatagóir do chláir fhíorasacha shingile'. Mhaoinigh BAI an clár sin. Bhuaigh '*Crumlin*' dámhachtain sa chatagóir do chláir fhíorasacha shingile. Ba shraith clár eolaíochta



Oíche an Chultúir 2016 in oifigí BAI: Brendan Balfe

Daoine den phobal, agus iad ag baint taitneamh as an taispeántas ó Mhúsaem Hurdy Gurdy a bhí ar taispeáint in oifigí BAI ar Oíche an Chultúir 2016

míochaine é a fuair maoiniú ó BAI. Ar na cláir faisnéise eile ar mhaoinigh BAI iad bhí '*One Million Dubliners*', inar insíodh scéal Reilig Ghlas Naíon – cathair na marbh de chuid Bhaile Átha Cliath.

Oíche an Chultúir 2016

Ghlac BAI páirt i ngníomhaíochtaí Oíche an Chultúir in Éirinn arís eile sa bhliain 2016. Mar rannpháirtí san ócáid bhliantúil lena gceiliúrtar an cultúr, an chruthaitheacht agus na healaíona, thug BAI cuireadh do chuairteoirí freastal ar a cheanncheathrú chun 100 bliain an raidió a chomóradh. Ar an oíche, óstáladh i bhfoirgneamh BAI déantáin raidió lenar tugadh ómós do stair an raidió. Cuireadh raon míreanna taispeántais ó Mhúsaem Raidió Seanré Hurdy Gurdy i láthair lena linn freisin. Gné eile den oíche ba ea Pointe Éisteachta, áit a raibh cuairteoirí in ann éisteacht le gearrthóga fuaime difriúla ó stáisiúin ar fud na tíre, lenar áiríodh seirbhísí tráchtála, seirbhísí pobail agus lánas ó chartlann Raidió RTÉ.

Ina theannta sin, thug Brendan Balfe, pearsa raidió agus staraí, dhá chaint inar díríodh ar stair raidió na hÉireann agus ar an ról tábhachtach a bhí aige i bhforbairt shóisialta agus stairiúil na hÉireann. Thug sé spléachadh

Halla Laochra PPI: Ba iad na hionduchtaithe don bhliain 2016 ná Eamonn Buttle, South East Radio; Trevor Campbell, Downtown Radio Belfast; Ian Dempsey, Today FM; agus Dave Fanning, 2FM – Buíochas: Iain White, Grianghrafadóir

éadrom ar roinnt de na heachtraí greannmhara 'neamhbheartaithe' a tharla ar raidió na hÉireann freisin.

Halla Laochra PPI

Sular ullmhaíodh an cheanncheathrú d'Oíche an Chultúir, d'óstáil BAI searmanas fáiltithe do cheathrar ionduchtaithe nua i Halla Laochra Dhámhachtainí Raidió PPI. Rinneadh Eamonn Buttle ó South East Radio, Trevor Campbell ó Downtown Radio Belfast, Ian Dempsey ó Today FM agus Dave Fanning ó RTÉ 2fm a ionduchtú isteach sa Halla sa bhliain 2016. Aithníodh iad go léir mar gheall ar an rannchuidiú ollmhór atá déanta acu leis an raidió in Éirinn.

Caidreamh leis na meáin agus suíomh Gréasáin BAI

Féachtar ar an soláthar faisnéise rialta faoi ghníomhaíochtaí agus faoi chinntí BAI mar ghné lárnach den straitéis cumarsáide atá i bhfeidhm aige. Mar aon leis na meáin náisiúnta agus áitiúla, bíonn ról tábhachtach ar leith ag suíomh Gréasáin BAI maidir leis an bpobal agus le hearnáil na meán a chur ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí rialála na heagraíochta. Sheol BAI suíomh Gréasáin dátheangach nua sa bhliain 2016, agus é mar aidhm leis feidhmiúlacht a mhéadú ar fhóin phóca agus ar ghléasanna meán eile agus cur lena inrochtaineacht i gcoitinne.

D'fhoilsigh BAI 61 cheann de phreasráitis agus de nuashonruithe trína shuíomh Gréasáin le linn na bliana 2016. Cumhdaíodh raon leathan topaicí éagsúla sna nuashonruithe sin, lenar áiríodh Ceadúnú, Cinntí maidir le Gearáin Chraolacháin, agus faisnéis faoi Chóid agus faoi Bheartais BAI. Rinneadh plé suntasach sna meáin ar na forbairtí sin, agus níos mó ná 1,000 alt nuachta gaolmhar foilsithe ina leith.

Na Meáin Shóisialta

Sásra cumarsáide eile atá in úsáid ag BAI is ea na meáin shóisialta. Tá méadú suntasach tagtha ar ghníomhaíocht sa réimse sin le blianta beaga anuas. Bhain BAI úsáid as na meáin shóisialta chun teachtaireachtaí tábhachtacha a chur in iúl dá gheallsealbhóirí le linn na bliana 2016, agus é ag comhroinnt grianghraf, físeán agus grafaicí faisnéise chun feasacht a mhéadú ar an obair a dhéanann an eagraíocht. Tháinig méadú ar rannpháirtíocht le cainéil mheán sóisialta BAI arís eile sa bhliain. Bhí méadú 11% ann ar an líon leantóirí atá aige ar Twitter agus bhí méadú 39% ann ar an líon uaireanta a cliceáladh ar 'is maith liom' ar a leathanach ar Facebook sa bhliain 2016.

Saoráil Faisnéise

A bhuí le forbairt shuíomh Gréasáin nua BAI, cabhraíodh leis an eagraíocht freisin a cuid oibleagáidí faoi alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, a chomhlíonadh. Cinntítear le ceanglais an ailt sin go bhfoilsíonn BAI raon leathan faisnéise go rialta lasmuigh de shainchúram an phróisis Saorála Faisnéise fad nach mbíonn dáileadh na sonraí lena mbaineann toirmiscthe leis an dlí.

Chun tacú leis an gceanglas sin, tá rún daingean ag BAI faisnéis a chur ar fáil mar chuid dá ghnáthghníomhaíochtaí gnó. Le linn na bliana 2016, rinneadh doiciméid amhail miontuairiscí ó chruinnithe an Údaráis, cinntí ar ghearáin chraolacháin agus tuarascálacha airgeadais a fhoilsiú go rialta sna rannáin 'Maidir Linne' agus 'Foilseacháin' den suíomh Gréasáin nua.

Mar aon leis an méid thuas, láimhseáil BAI 11 cheann d'iarrataí Saorála Faisnéise sa bhliain 2016. B'ísle an figiúr sin ná an figiúr don bhliain 2015, agus áiríodh leis iarraidh amháin a tugadh anonn ón mbliain 2015. Tháinig formhór na n-iarrataí ó iriseoirí a bhí ar lorg faisnéis faoi thopaicí éagsúla, lenar áiríodh seirbhísí aistriúcháin, comhlíonadh craoltóirí agus an Cód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála ó BAI. De na hiarrataí a fuarthas, deonaíodh cúig cinn go páirteach; diúltaíodh géilleadh do cheann amháin; agus láimhseáladh ceann amháin lasmuigh den phróiseas Saorála Faisnéise. Tugadh na hiarrataí eile anonn go dtí an bhliain 2017.

Urraíocht

Tá urraíocht ar cheann de na príomhghnéithe de straitéis fhoriomlán cumarsáide agus rannpháirtíochta na heagraíochta. Ní hé amháin gur féidir í a úsáid chun feasacht a mhéadú ar chuspóirí straitéiseacha BAI, ach is féidir urraíocht a úsáid freisin chun aird a tharraingt ar an rannchuidiú a dhéanann an eagraíocht maidir le fás agus le forbairt leanúnach an tionscail chlosamhairc in Éirinn.

Faoina Scéim Urraíochta don bhliain 2016, chuir BAI maoiniú urraíochta arbh fhiú thart ar €130,000 é ar fáil do 22 iarratasóir chun tacú le raon leathan gníomhaíochtaí agus imeachtaí ar fud na tíre. Áiríodh iad seo a leanas leis na himeachtaí a urraíodh:

- Féile Scannán GAZE
- Seachtain na Gaeilge
- An chomhdháil ar Chartlanna i mBaol
- Fleadh Scannán na Gaillimhe
- Féile Sounds Alive 2016
- Féile Scannán Faisnéise Idirnáisiúnta Guth Gafa
- Dámhachtainí Raidió PPI
- Gradaim Scannán agus Teilifíse na hÉireann

Taighde Lucht Féachana/Éisteachta

Tar éis dó Creat um Thaighde Lucht Féachana/Éisteachta a fhorbairt sa bhliain 2014, chuir BAI tús leis an gcéad tionscnamh um thaighde lucht féachana/éisteachta dá chuid sa bhliain 2016. Ba é sin, suirbhé rianúcháin 3 bliana ar an lucht féachana/éisteachta seirbhíse poiblí. Ceann de na haidhmeanna atá leis an suirbhé rianúcháin is ea faisnéis a sholáthar ar thuairimí agus ar bharúlacha an phobail ar chraolachán seirbhíse poiblí in Éirinn. Is é an phríomhaidhm atá leis an suirbhé tuairimí an phobail a rianú ar an dóigh a mbíonn craoltóirí seirbhíse poiblí ag comhlíonadh na bpríomhchuspóirí atá acu, mar atá leagtha amach sa reachtaíocht.

Thar thréimhse trí bliana an tsuirbhé rianúcháin, beidh BAI in ann treochtaí a rianú agus a thaifeadadh agus freagairt dóibh de réir mar a thagann siad chun cinn. Cuirfidh an méid sin bonn eolais faoi roinnt gníomhaíochtaí de chuid BAI, lena n-áirítear an t-athbhreithniú 5-bliana ar mhaoiniú poiblí atá le teacht. Reáchtáiltear an suirbhé ag deireadh an Earraigh gach bliain agus cuimsíonn sé agallaimh aghaidh ar aghaidh le níos mó ná 1,500 duine fásta. Cumhdaítear oileán na hÉireann ar fad leis an suirbhé. Déantar 1,200 agallamh i bPoblacht na hÉireann agus déantar 300 agallamh i dTuaisceart Éireann lena linn. Táthar ag súil go dtabharfar na torthaí do bhliain a dó chun críche i bhFómhar na bliana 2017. Ag an am sin, cuirfear iad ar fáil trí chainéil chumarsáide éagsúla BAI

Roinn 4

Trédhearcacht agus Cuntasacht Craoltóirí a Neartú

Iontaoibh an phobail a mhéadú trí earnáil chraolacháin atá trédhearcach agus cuntasach a sholáthar

Gné lárnach de chlár oibre rialála BAI is ea a chinntiú go mbíonn craoltóirí cuntasach don phobal féachana agus éisteachta in Éirinn ar a bhfreastalaíonn siad. Is amhlaidh, i dtuairim BAI, go bhfuil trédhearcacht agus cuntasacht san earnáil chraolacháin ríthábhachtach maidir le hiontaoibh agus le muinín an phobail a chothú agus a choinneáil ar bun. Baineann BAI an sprioc straitéiseach seo amach ar roinnt bealaí, lena n-áirítear trína chlár oibre um chraolachán seirbhíse poiblí a rialáil, trí fheidhmeanna éagsúla comhlíonta a chur chun feidhme agus trí athruithe conarthacha a bhreithniú.

Agus é ag féachaint leis an gcuspóir straitéiseach seo a bhaint amach, tá rún daingean ag BAI oibriú ar bhealach trédhearcach, rialacha agus cóid a chur i bhfeidhm atá soiléir agus intuigthe, agus cinntí a dhéanamh atá cothrom agus comhréireach agus ina dtugtar aird ar riachtanais an lucht féachana/éisteachta. Cuireadh raon gníomhaíochtaí difriúla i gcrích faoin téama seo sa bhliain 2016.

An Clár Oibre um Chraolachán Seirbhíse Poiblí a Rialáil

Tá aird ag BAI ar an ról rialála atá aige i leith craoltóirí seirbhíse poiblí agus, go háirithe, ar an bhfreagracht atá air faoi Acht 2009 a chinntiú go dtaispeánann RTÉ agus TG4 trédhearcacht agus cuntasacht sa dóigh a n-úsáideann siad cistí poiblí. Ina theannta sin, beartaítear leis an reachtaíocht chraolacháin go mbeidh sé ar cheann de phríomhfheidhmeanna BAI gníomhú mar fhoinse neamhspleách comhairle don Aire ar raon nithe a bhaineann le craoltóirí seirbhíse poiblí.

Agus na tosca sin á gcur san áireamh aige, d'fhorbair BAI cur chuige níos comhtháite i leith a chláir oibre um chraolachán seirbhíse poiblí a rialáil a chomhlíonadh le linn na bliana 2016. Chomh maith leis sin, bhunaigh sé foireann tionscadail um chraoltóirí seirbhíse poiblí chun an raon leathan gníomhaíochtaí atá i bhfeidhm aige a chur ar aghaidh.

Ráitis Bhliantúla i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta 2016

Téann craoltóirí seirbhíse poiblí i dteagmháil le BAI ar bhonn bliantúil chun na gealltanais feidhmíochta atá beartaithe acu don bhliain a phlé. Maidir le trédhearcacht, bíonn luach ar leith ag baint leis an Ráiteas Bliantúil i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta do RTÉ agus do TG4 toisc go leagtar síos iontu cuspóirí soláthair do gach craoltóir agus, dá bhrí sin, na nithe ar féidir leis an lucht féachana/éisteachta a bheith ag súil leo. Maidir le cúrsaí rialála, tugtar sna Ráitis Bhliantúla i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta an bunús le plé a dhéanamh ina dhiaidh sin ar leordhóthanacht an mhaoinithe phoiblí chun a chumasú do gach craoltóir seirbhíse poiblí a gcuspóirí a chomhlíonadh.

Ráiteas Bliantúil RTÉ i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta

Tríd is tríd, mheas an t-Údarás go raibh na gealltanais ó RTÉ sásúil agus ag teacht leis na cuspóirí atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach 5-bliana an chraoltóra. Agus aitheantas á thabhairt aige don timpeallacht dhúshlánach eacnamaíoch, don laghdú ar mhaoiniú poiblí agus don ionchas measartha a bhí ag an gcraoltóir maidir le fás ar a ioncam tráchtála, chuir an t-Údarás fáilte roimh na pleananna nithiúla a bhí ag RTÉ chun príomhghnéithe dá straitéis ilbhliantúil a chur ar aghaidh le linn na bliana 2016.

Ráiteas Bliantúil TG4 i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta

Mar an gcéanna, ba dheimhin leis an Údarás gur sách ard a bhí na gealltanais a leag TG4 amach don bhliain 2016 agus go raibh siad ar aon dul le Plean Straitéiseach 5-bliana TG4. Bhí an t-Údarás den tuairim freisin go raibh dea-chomhghaol ann idir na gealltanais agus cuspóirí reachtúla TG4, a Ráiteas Straitéise agus a Ráiteas Seirbhíse Poiblí. Mar sin féin, tugadh imeachtaí áirithe ó Phlean Straitéiseach 5-bliana an chraoltóra faoi deara. Maidir leis sin, d'aithin an t-Údarás na dúshláin shuntasacha atá roimh an gcraoltóir agus chomhaontaigh sé tuilleadh plé a dhéanamh le TG4 ar aon spriocanna athbhreithnithe don tréimhse atá fágtha dá straitéis.

Athbhreithniú Bliantúil ar Mhaoiniú Poiblí

Sna hathbhreithnithe bliantúla a dhéanann BAI ar mhaoiniú poiblí, breithnítear a mhéid a baineadh amach na gealltanais feidhmíochta a thug RTÉ agus TG4 don bhliain roimhe. Breithnítear sa phróiseas athbhreithnithe freisin leordhóthanacht an mhaoinithe phoiblí atá ar fáil do gach craoltóir seirbhíse poiblí

chun a gcuspóirí a chomhlíonadh. Sa bhliain 2016, díríodh sna hathbhreithnithe ar na réimsí sin a mheas an t-Údarás a bheith lárnach de chraolachán seirbhíse poiblí a sholáthar, ba iad sin: feidhmíocht lucht féachana/éisteachta; leibhéal agus cineál an aschuir lánais a táirgeadh; an luach ar airgead a bhí á sholáthar; agus an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach.

Tríd is tríd, d'aontaigh an t-Údarás le cinntí an athbhreithnithe i dtaca le feidhmíocht TG4 agus RTÉ in aghaidh na ngealltanas a rinneadh sa bhliain roimhe agus i gcomhthéacs mhórpharaiméadair an athbhreithnithe cúig bliana ar mhaoiniú poiblí. Cé nár chomhlíon siad na gealltanais uile a bhí leagtha amach ina ráitis bhliantúla i dtaobh gealltanais feidhmíochta, measadh, den chuid is mó, gur fheidhmigh RTÉ agus TG4 araon go maith in aghaidh na ngealltanas a thug siad. Aithníodh freisin an dúshlán leanúnach a bhíonn roimh an dá chraoltóir seirbhíse poiblí maidir le spriocanna socraithe a bhaint amach don tréimhse atá fágtha dá straitéisí faoi seach. Maidir leis sin, bhí aird ag an Údarás ar an raon saincheisteanna a théann i bhfeidhm ar an dá chraoltóir seirbhíse poiblí, lenar áiríodh athruithe sa mhórthimpeallacht meán. Tugadh faoi deara go gcuirfí saincheisteanna den sórt sin san áireamh san athbhreithniú cúig bliana ar mhaoiniú poiblí sa bhliain 2017.

Bhí an t-Údarás den tuairim gur fheidhmigh an dá chraoltóir seirbhíse poiblí go héifeachtúil agus iad faoi réir srianta airgeadais le linn na bliana 2015. D'fhormhuinigh sé sraith moltaí i ndáil le hathruithe maoinithe don dá cheann díobh freisin. I dtaca leis an leibhéal maoinithe phoiblí don dá chraoltóir seirbhíse poiblí, mhol an t-Údarás gur cheart:

- maoiniú RTÉ a mhéadú faoi 0.7% ar aon dul le boilsciú, faoi réir diansásraí rialaithe costais a bheith á gcur chun feidhme ag an gcraoltóir seirbhíse poiblí.
- maoiniú TG4 a mhéadú faoi €0.5m ar an gcoinníoll go mbainisteofaí costais foirne agus go bhfaighfí gealltanas ón gcraoltóir go gcuirfeadh sé cistí breise ar fáil don earnáil neamhspleách ar mhaithe le haschuir shonraithe bhreise a bhaint amach.

Cuireadh tuarascáil fhoirmiúil faoi bhráid an Aire i mí Mheán Fómhair 2016, rud inar leagadh amach na moltaí a tháinig as na hathbhreithnithe bliantúla, i measc nithe eile.

Measúnacht Tionchair Rannaigh agus Athbhreithniú ar an bhFiúntas Poiblí: Oireachtas TV

Ceanglaítear ar chraoltóirí seirbhíse poiblí toiliú an Aire a fháil agus iad ag iarraidh seirbhísí nua a sheoladh nó athruithe a dhéanamh ar na bealaí atá á dtairiscint ar sheirbhísí atá ann cheana. Le linn dó breithniú a dhéanamh ar aon iarrataí a fuarthas, ceanglaítear ar an Aire dul i gcomhairle le BAI maidir leis an tionchar rannach a bheadh ag an tseirbhís nua nó ag an athrú ar bhealach atá ann cheana. Fuarthas iarraidh amháin den sórt sin ón Aire sa bhliain 2016. Bhain an iarraidh le togra ó RTÉ bealach nua darb ainm Oireachtas TV a sheoladh ar SAORVIEW, an t-ardán Teilifíse Trastíre Digití. Éilíodh san iarraidh ón Aire freisin ar BAI breithniú a dhéanamh ar fhiúntas poiblí na dtograí a cuireadh isteach agus tuairim a thabhairt ina leith.

Cinneadh sa mheasúnacht tionchair rannaigh gur bheag an tionchar a bheadh ag an togra ar na seirbhísí atá ann cheana ar ardán SAORVIEW. Cé gur mar bhealaí nideoige a fhéachtar ar bhealaí parlaiminteacha, cinneadh go ngabhann fiúntas poiblí suntasach leo maidir le heachtraí parlaiminteacha a chraoladh go beo. Cinneadh freisin gurbh amhlaidh, toisc go raibh an bealach ar fáil ar ardáin eile teilifíse táille cheana féin, go mbogfaí ní ba ghaire i dtreo infhaighteacht uilechoiteann a thabhairt ar Oireachtas TV ach é a sholáthar ar bhonn saorchraolta.

Sa tuarascáil uaidh chuig an Aire, tharraing an t-Údarás aird ar roinnt saincheisteanna eile a bhain le cineál comhroinnte na seirbhíse idir RTÉ agus Tithe an Oireachtais. Mar gheall ar an bhfreagracht chomhroinnte sin as oibriú na seirbhíse, tháinig ceisteanna chun cinn sna réimsí seo a leanas: cinnteoireacht eagarthóireachta; an fhreagracht ghaolmhar as comhlíonadh cód reachtúil agus rialacha a chinntiú; láimhseáil gearán; agus nithe a bhaineann le hiompar an ardáin. Tarraingíodh aird an Aire ar gach ceann de na ceisteanna sin.

Athbhreithniú Cúig Bliana ar Mhaoiniú Poiblí

Mar aon leis an athbhreithniú bliantúil a dhéanann sé ar mhaoiniú poiblí craoltóirí seirbhíse poiblí, ceanglaítear leis an reachtaíocht ar an Údarás athbhreithniú a dhéanamh gach 5 bliana ar leordhóthanacht an mhaoinithe phoiblí do RTÉ agus do TG4 chun a chumasú dóibh a gcuspóirí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh.

Tá sé beartaithe ag BAI tús a chur leis an athbhreithniú 5 bliana sin sa bhliain 2017. Thug sé faoi obair ullmhúcháin ina leith sa bhliain 2016, agus é ag dul i mbun plé ar raon feidhme agus ar ábhar na hoibre a dhéanfaí. Chuaigh sé i gcomhairle leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ar an ábhar freisin. Ina theannta sin, sheol BAI próiseas soláthair phoiblí chun tacaíocht sheachtrach a áirithiú don phróiseas athbhreithnithe. Fuarthas sé aighneacht roimh an spriocdháta i mí na Nollag 2016. Roghnófar an tairgeoir rathúil go luath sa bhliain 2017. Tosófar ar an bplean

An Dr Pauric Travers, Louise McLoughlin agus Michael O'Keeffe, BAI, ag seoladh an dréacht-Chóid Ghinearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála

tionscadail a bhaineann leis an obair a thabhairt chun críche agus a chur chun feidhme ina dhiaidh sin.

Comhlíonadh agus Forfheidhmiú

Is é an aidhm straitéiseach atá ag BAI cultúr comhlíonta a chothú laistigh den earnáil chraolacháin agus cur chuige comhsheasmhach trédhearcach a ghlacadh le linn dúinn gníomhaíochtaí comhlíonta áirithe a chur i gcrích. Tá forbhreathnú tugtha thíos ar an obair comhlíonta a rinne an eagraíocht le linn na bliana.

Athbhreithnithe Feidhmíochta ar Sheirbhísí Raidió

Is gnách go bpléitear in athbhreithnithe feidhmíochta le nithe amhail úinéireacht agus rialú, lena n-áirítear rialachas corparáideach; soláthar foirne; cláir, lena n-áirítear faireachán ar lánas; agus feidhmíocht airgeadais agus gnó. I gcás seirbhísí pobail, féachtar in athbhreithnithe lena fháil amach freisin cé mhéad atá seirbhísí pobail ionadaitheach, agus cuntasach, do na pobail faoi seach ar a bhfreastalaíonn siad. Rud tábhachtach, is féidir athbhreithnithe feidhmíochta a úsáid freisin chun teacht ar threochtaí in earnáil ar leith, bíodh sí ina hearnáil tráchtála nó ina hearnáil phobail, agus chun réimsí a shainaithint ina bhféadfadh go mbeadh tacaíocht bhreise nó ionchur breise ó BAI ag teastáil amach anseo.

Chun tacú le pleananna ceadúnúcháin reatha agus le pleananna ceadúnúcháin amach anseo, ba ar stáisiúin raidió pobail a díríodh go sonrach sna hathbhreithnithe feidhmíochta a rinneadh sa bhliain 2016. Faoi dheireadh na bliana, bhí athbhreithnithe feidhmíochta déanta ar 16 cinn de sheirbhísí raidió pobail/de sheirbhísí raidió pobail chomhleasa. Mar chuid de na hathbhreithnithe sin, thug baill foirne BAI cuairt ar 14 cinn de na stáisiúin a bhí sceidealta dá gcuimsiú i bPlean Ceadúnúcháin BAI don bhliain 2016. Bhí athbhreithnithe feidhmíochta ar 3 cinn eile de sheirbhísí raidió pobail fós ar siúl ag deireadh na bliana 2016. Ina theannta sin, rinneadh athbhreithnithe feidhmíochta ar 4 cinn de sheirbhísí raidió tráchtála sa bhliain 2016. Bhí dhá cheann eile fós ar siúl ag deireadh na bliana.

Tarraingíodh aird sna hathbhreithnithe feidhmíochta ar roinnt príomhthreochtaí agus príomhdhúshlán atá ann san earnáil raidió pobail. Cé go bhfuarthas amach go bhfuil baint ag cuid mhór seirbhísí lena bpobal áitiúil, sainaithníodh sna hathbhreithnithe feidhmíochta go bhfuil dúshláin ann i ndáil le maoiniú agus le cleachtas rialachais chorparáidigh. Úsáidfear treochtaí den sórt sin chun bonn eolais a chur faoi rannpháirtíocht BAI leis an earnáil raidió pobail ar fud réimsí éagsúla oibriúcháin sa bhliain 2017.

Maidir le líon an-bheag seirbhísí, tarraingíodh aird sna hathbhreithnithe gurb ann d'ábhair imní an-bhunúsach a bhaineann lena n-oibriú agus lena n-inmharthanacht. I ngach ceann de na cásanna sin, d'oibrigh baill foirne BAI go dlúth leis na conraitheoirí lena mbaineann i ndáil leis na fadhbanna a sainaithníodh, agus é mar aidhm acu plean agus tréimhse ama a chomhaontú lena réiteach.

Faireachán ar Lánas

Mar aon le hathbhreithnithe feidhmíochta a dhéanamh, rinne BAI faireachán ar lánas craolacháin le linn na bliana 2016 freisin. Is gnách go ndírítear i bhfaireachán den sórt sin ar an dóigh a bhfuiltear ag comhlíonadh cóid reachtúla, rialacha agus oibleagáidí conarthacha.

Raidió

Rinneadh faireachán ar 23 cinn san iomlán de sheirbhísí raidió pobail agus de sheirbhísí raidió tráchtála maidir leis an dóigh a raibh siad ag comhlíonadh an Chóid Ghinearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála, rialacha maidir le nóiméid fógraíochta agus na ngealltanas conarthach atá leagtha amach ina Ráiteas Beartais Chlár féin.

Fuarthas amach go raibh formhór na seirbhísí raidió pobail ag comhlíonadh na ngealltanas conarthach a bhí leagtha amach ina Ráiteas Beartais Chlár. Tugadh faoi deara i líon beag cásanna, áfach, nár tugadh fógra do BAI faoi athruithe ar sceidil chlár agus go bhféadfadh na hathruithe sin dul i bhfeidhm ar na gealltanais a bhí leagtha amach sa Ráiteas Beartais Chlár lena mbaineann. Fuarthas amach freisin go raibh deacracht ag roinnt Conraitheoirí maidir leis na cóimheasa ceoil is urlabhra a chomhlíonadh.

I gcás na hearnála raidió pobail agus na hearnála raidió tráchtála araon, ba leis an gCód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála a bhain formhór na gcásanna neamhchomhlíonta. Bhain na hábhair imní comhlíonta sin le nithe a bheith á bhformhuiniú ag láithreoirí le linn lánas eagarthóireachta agus le fógraí urraíochta arb ionann iad agus cóip fógraíochta. Oibreoidh BAI le Conraitheoirí chun tuiscint a mhéadú ar an gCód Ginearálta athbhreithnithe maidir le Cumarsáidí Tráchtála a seoladh sa bhliain 2017 agus chun comhlíonadh an Chóid sin a chur chun cinn.

Teilifís

Le linn faireachán a dhéanamh ar lánas ar RTÉ agus ar TV3 araon, tugadh cásanna neamhchomhlíonta faoi deara i dtaca le suíomh táirgí agus le rialacha urraíochta. D'eisigh BAI fógra rabhaidh chuig an dá chraoltóir de bhun na bhfionnachtana sin. Úsáidtear fógraí rabhaidh chun aird a tharraingt ar chásanna neamhchomhlíonta atá réasúnta tromchúiseach agus chun am a thabhairt do BAI agus don chraoltóir lena mbaineann obair le chéile chun an fhadhb a réiteach gan ghá leis an ní a tharchur go foirmiúil chuig an gCoiste um Chomhlíonadh.

Chomhoibrigh an dá chraoltóir go cuimsitheach cuiditheach le BAI, agus na bealaí ina dtabharfaí aghaidh ar na cásanna neamhchomhlíonta á leagan amach acu. Comhaontaíodh go ndéanfaí tuilleadh faireacháin ar lánas go luath sa bhliain 2017 chun éifeachtacht na ngníomhartha a rinneadh a mheas.

Iniúchtaí Teicniúla

Ceanglaítear ar gach craoltóir cloí le ceanglais theicniúla áirithe de bhun na gceanglas conarthach atá orthu agus na gceadúnas ar eisigh ComReg chucu. Is é BAI a dhéanann faireachán ar chomhlíonadh na gceanglas sin. Rinneadh iniúchadh ar 77 dtarchuradóir raidió chun na críche sin le linn na bliana 2016. Tríd is tríd, fuarthas amach go raibh ardleibhéal comhlíonta chonarthaigh ann. Níor thángthas ach ar mhionsáruithe i measc líon beag conraitheoirí.

Rialacha Rochtana

Forbraíodh Rialacha Rochtana BAI de bhun cheanglais Acht 2009. Tá na rialacha reatha i bhfeidhm ón 1 Márta 2015 agus ceanglaítear leo ar chraoltóirí seirbhíse poiblí, ar chraoltóirí tráchtála agus ar chraoltóirí pobail spriocanna fotheidealaithe a bhaint amach, dul i gcomhairle le grúpaí úsáideoirí, agus rochtain mhéadaithe ar a gcuid seirbhísí a thabhairt do dhaoine atá bodhar, a bhfuil allaíre orthu nó atá caoch nó dall. Ceanglaítear ar RTÉ, an craoltóir seirbhíse poiblí, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus Clostuairisc a chur ar fáil freisin.

Chuir BAI roinnt gníomhaíochtaí i gcrích chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na Rialacha Rochtana le linn na bliana 2016. Áiríodh leis na gníomhaíochtaí sin faireachán a dhéanamh ar aschur craoltóirí agus teacht le chéile le craoltóirí agus le painéil chomhairleacha úsáideoirí chun a dtuairimí a fháil ar cháilíocht agus ar iontaofacht na bhfotheideal, na clostuairisce agus Theanga Chomharthaíochta na hÉireann a sholáthraítear.

Athbhreithniú ar Chomhlíonadh na Rialacha Rochtana 2016

Tá sonraí faoin athbhreithniú a rinneadh ar fheidhmíocht craoltóirí sa bhliain 2016 leagtha amach sa tábla thíos.

Broadcaster	2016 Subtitling Target	2016 Subtitling Actual
RTÉ 1	85–90%	88%
RTÉ 2	67–73%	65%
TV3	47–51%	48%
TG4	51–57%	46%
3e	22–26%	32%
Setanta Ireland (ar a dtugtar eir Sport anois)	10-12%	10%
RTÉ Plus One	85-90%	93%
RTÉ News Now	18-21%	Níl an fhaisnéis seo ar fáil
RTÉjr	40-44%	36%
UTV Ireland (ar a dtugtar Be3 anois)	46-52%	69%
Oireachtas TV	5-6%	2.7%
DCTV	7%	14%
CCTV	7%	14%

Craoltóir	Sprioc um Chlostuairisc 2016	Figiúr Iarbhír um Chlostuairisc 2016
RTÉ	2%	4.5%
RTÉjr	3%	Níl an fhaisnéis seo ar fáil

Craoltóir	Sprioc um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann 2016	Figiúr Iarbhír um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann 2016
RTÉ	2%	2%
RTÉjr	1%	1.1%
Oireachtas TV	1%	6.5%

Tríd is tríd, bhí leibhéal sásúil comhlíonta ann i measc craoltóirí sa bhliain 2016 agus bhain formhór díobh a spriocanna amach. Bhain roinnt craoltóirí barr de na spriocanna a bhí acu freisin.

Bhí deacrachtaí ag craoltóirí áirithe maidir le rochtain, áfach, agus níor bhain siad na spriocanna a leagadh síos amach dá mbarr. Ina theannta sin, ní raibh RTÉ in ann clostuairisc a chur ar fáil ar RTÉ Jnr mar gheall ar an easpa trealaimh theicniúil a bhí ar fáil dó. Tá sé beartaithe aige an fhadhb sin a réiteach sa bhliain 2017.

I measc na saincheisteanna eile a sainaithníodh, bhí an mhainneachtain ar thaobh Setanta Ireland (darbh ainm Eir Sport anois) agus DCTV dul i gcomhairle le grúpaí úsáideoirí agus/nó a seirbhísí fotheidealaithe a chur chun cinn. Eisíodh fógraí comhlíonta chuig an dá chraoltóir ina leith sin. Tá na fadhbanna sin réitithe chun sástacht an Choiste um Chomhlíonadh ag Setanta Ireland (darbh ainm Eir Sport anois), ar a dtugtar eir Sport anois, agus ag DCTV anois.

I gcomhar leis an measúnú ar chomhlíonadh, tarraingíodh aird san aiseolas ó na painéil chomhairleacha úsáideoirí go bhfuil deacrachtaí ann ó thaobh soláthar rochtana de, lena n-áirítear cáilíocht agus iontaofacht na bhfotheideal agus deacrachtaí glacadóireachta a bhaineann le saincheisteanna teicniúla amhail boscaí difriúla bairr agus soláthraithe difriúla ardáin. Tá BAI tiomanta go fóill do chomhoibriú le craoltóirí agus le soláthraithe ardáin chun na deacrachtaí sin a réiteach le linn na bliana 2017.

Athruithe Conarthacha

Le linn na bliana, féadfaidh craoltóirí atá ceadúnaithe ag BAI iarrataí a chur isteach chun cead a fháil gnéithe áirithe dá gconradh a choigeartú. Bíonn na hiarrataí sin ar athrú conarthach ina ngné lárnach d'obair oibriúcháin BAI agus bíonn leibhéil éagsúla chastachta i gceist leo. I measc na n-iarrataí a fhaightear, bíonn iarrataí ar ghnéithe de bheartas clár an stáisiúin a athrú, iarrataí ar úinéireacht agus ar scairshealbhóireacht bainistíochta a athrú agus/nó athruithe struchtúrtha. Déantar breithniú ar iarrataí i ngach cás, agus aird á tabhairt ar na beartais um úinéireacht agus rialú agus um cheadúnú atá i bhfeidhm ag BAI agus ar na gealltanais chonarthacha a thug an craoltóir lena mbaineann.

Fuair BAI 43 iarraidh ar athrú conarthach sa bhliain 2016 agus phróiseáil sé iad ina dhiaidh sin. Ba ar leibhéal Feidhmiúcháin a próiseáladh formhór na n-iarrataí sin. Ba é an t-Údarás a rinne 5 cinn díobh a bhreithniú agus a cheadú. Áiríodh iad seo a leanas le roinnt de na hiarrataí a breithníodh agus a ceadaíodh:

- Ceannach Setanta Sports Channel Ireland Limited ag eircom Limited;
- Ceannach UTV Ireland ag Virgin Media Limited, ar fochuideachta de chuid Liberty Global Plc é, chun oibriú mar chuid de TV3 Group faoin ainm 'be3';
- Ceannach Wireless Group Plc ag News Corp UK and Ireland Limited. I measc na seirbhísí a sholáthraíonn Wireless Group tá FM104, LMFM, Limerick's Live 95FM, Cork's 96FM, C103 agus Q102.

Maidir leis na hiarrataí eile ar athrú conarthach a ceadaíodh, bhain siad le ceapacháin foirne agus le hathruithe ar na gealltanais chlár a thug roinnt stáisiún raidió pobail.

Roinn 5

Foghlaim agus Forbairt a Éascú san Earnáil Chraolacháin

Oibriú le daoine agus le heagraíochtaí ar mhaithe le feabhas a chur ar a gcumas freastal ar riachtanais an lucht féachana/éisteachta in Éirinn.

Ar mhaithe le foghlaim agus le forbairt a éascú san earnáil chraolacháin, oibríonn BAI go straitéiseach agus i gcomhpháirt le craoltóirí agus le grúpaí ionadaitheacha gaolmhara chun tacú lena bhforbairt. A bhuí leis an tacaíocht sin, cuirtear leis an gcumas atá ag an earnáil freastal ar an bpobal féachana agus éisteachta. Aithníonn BAI an luach straitéiseach a bhaineann le comhar leanúnach den sórt sin maidir le é a chumasú breithniú a dhéanamh ar riachtanais atá ag athrú agus ar an dóigh ar féidir freastal ar na riachtanais sin. Thug BAI faoi raon gníomhaíochtaí le linn na bliana 2016 chun a chuspóirí sa réimse seo a chur ar aghaidh.

Foghlaim agus Forbairt Earnála

Tairgeann BAI tacaíocht don tionscal ar roinnt bealaí éagsúla trína Bheartas Foghlama agus Forbartha Earnála a chur chun feidhme. Áirítear leis sin tacú le hoiliúint a chur ar fáil i réimsí ina bhfuil scileanna in easnamh, tacú le taighde a chur chun cinn, agus faisnéis a bhailiú agus a dháileadh faoi riachtanais scileanna. Sa bhliain 2016, rinne BAI méadú suntasach ar an maoiniú a chuireann sé ar fáil chun tacú le tionscnaimh foghlama agus forbartha, agus buiséad €436,500 á leithdháileadh aige.

Trí líonraí neamhspleácha a mhaoiniú, féachann BAI leis an gcuid is fearr a bhaint as an tacaíocht a chuireann sé ar fáil, le comhar a chur chun cinn agus le forbairt a dhéanamh ar chomhghuaillíochtaí straitéiseacha a sholáthróidh cur chuige leanúnach i leith foghlaim agus forbairt. Dámhadh suim iomlán €295,000 ar 12 líonra tionscail sa bhliain 2016 chun tacú le gníomhaíochtaí, lenar áiríodh ceardlanna, comhdhálacha agus athbhreithnithe, chun ábhair oiliúna a fhorbairt agus chun seimineáir a óstáil agus freastal orthu. Is é seo a leanas sampla de na líonraí agus de na tionscnaimh a maoiníodh le linn na bliana:

- **CRAOL (Fóram Raidió Pobail)**

  Is é CRAOL an líonra bunaithe don earnáil raidió pobail in Éirinn. Déanann sé ionadaíocht do sheirbhísí raidió pobail agus do sheirbhísí raidió pobail chomhleasa atá faoi chonradh ag BAI. Thacaigh BAI le Féile bhliantúil agus le Dámhachtainí Sárshaothair bliantúla an líonra sa bhliain 2016, ar nithe iad ar fhreastail níos mó ná 100 duine ón earnáil raidió pobail orthu.

- **Learning Waves Skillnet**

  Mórsholáthraí oiliúna don earnáil raidió tráchtála neamhspleách is ea Learning Waves Skillnet. Maoiníonn BAI go páirteach é. Bhí clár meantóireachta nua a reáchtáladh i gcomhpháirt le BBC Raidió Uladh ar cheann amháin de roinnt tionscnamh ar thacaigh BAI leo le linn na bliana.

- **The Community Television Association (CTA)**

  Cuireadh maoiniú ar fáil don Chumann Teilifíse Pobail sa bhliain 2016 chun oiliúint theicniúil i gcraolachán beo a chur ar a chuid ball.

- **Screen Producers Ireland (SPI)**

  Tá Léiritheoirí Scáileáin Éireann ar an gcomhlacht ionadaitheach don earnáil dhúchasach teilifíse, scannán agus beochaintí in Éirinn. Cuireann an comhlacht fás na hearnála léiriúcháin neamhspleách chun cinn. A bhuí le tacaíocht maoinithe a fuarthas ó BAI sa bhliain 2016, cabhraíodh leis an eagraíocht imeacht pitseála a óstáil do scríbhneoirí agus stiúrthóirí mná sa tionscal.

- **Creative Europe Desk Ireland**

  A bhuí le tacaíocht maoinithe a fuarthas ó BAI, bhí an Deasc um Eoraip na Cruthaitheachta, Éire, in ann imeacht bricfeasta ar an Litearthacht sna Meáin a óstáil don tionscal. Bhí oifig na heagraíochta i nGaillimh in ann oiliúint a sholáthar i lánas Gaeilge a phitseáil os comhair margadh idirnáisiúnta freisin.

Tacú le Riachtanais Forbartha

Mar aon leis an tacaíocht a thug sé do líonraí tionscail, bhí sé mar aidhm ag BAI freisin aghaidh a thabhairt ar riachtanais forbartha an tionscail trí thacaíocht maoinithe a thabhairt do scéimeanna nua agus do scéimeanna seanbhunaithe araon. Is é seo a leanas sampla de na scéimeanna a fuair maoiniú le linn na bliana 2016:

- **Big Stories on the Small Screen**

  Cuireadh an clár Big Stories on the Small Screen ar bun sa bhliain 2015. Is clár oiliúna é atá dírithe ar scileanna a fhorbairt i ndrámaí fada ardchaighdeáin ar an teilifís. Tá an clár á chómhaoiniú ag BAI agus ag Oiliúint Scáileáin Éireann. Mar chuid den chlár, tugtar scéalaithe cleachta scáileáin ó gach cearn den domhan le chéile le gairmithe Éireannacha ionas gur féidir leo scileanna a fhorbairt sa scéalaíocht

James Hickey, Bord Scannán na hÉireann; Proinsias Ní Ghráinne, TG4; Paddy Hayes, Magamedia; Ciarán Kissane, BAI; agus Colm O'Callaghan, RTÉ, agus iad ag freastal ar an seimineár ar Chláir Faisnéise a Dhéanamh, a reáchtáladh in Ionad Scannán na Gaillimhe le tacaíocht ó BAI

chomhoibríoch, san anailís scéalta agus san fhorbairt scripte agus ionas gur féidir leo a fhoghlaim conas sraith drámaíochta rathúil a chruthú don mhargadh idirnáisiúnta.

Ag teacht sna sála ar an gcomhdháil rathúil a bhí aige sa bhliain 2015, reáchtáil an clár Scéalta Móra ar an Scáileán Beag diancheardlann aon seachtaine i mí na Bealtaine 2016 do líon beag scríbhneoirí scripte atá lonnaithe in Éirinn. Soláthraíodh seisiún teagaisc ar smaointe a phitseáil agus máistir-rang le Richard Brown (True Detective) ina dhiaidh sin.

- **An Scéim Red Rock - Oiliúint Léiriúcháin Teilifíse**

  Seoladh an scéim seo sa bhliain 2015. Tá sí á reáchtáil ag BAI i gcomhpháirt le hOiliúint Scáileáin Éireann agus le Element Pictures (léiritheoirí Red Rock, sraith drámaíochta ar TV3) chun clár socrúcháin oibre a sholáthar. Leanadh ar aghaidh leis an gclár seo sa bhliain 2016, agus socrúchán 6 seachtaine ar sheit Red Rock á thairiscint do líon beag daoine nach raibh aon taithí acu ar an tionscal teilifíse. Le linn an chláir, tugadh forbhreathnú do na rannpháirtithe ar na scileanna riachtanacha a theastaíonn i rannóga difriúla tábhachtacha léiriúcháin.

- **Acadamh na Scríbhneoirí**

  Tionscnamh eile a soláthraíodh i gcomhpháirt le Element Pictures agus le hOiliúint Scáileáin Éireann ba ea Acadamh na Scríbhneoirí. Mar chuid den tionscadal seo, tugadh deis d'ochtar scríbhneoirí scripte Éireannacha atá ag teacht chun cinn taithí a ghnóthú ar shaothar a scríobh do dhráma/shobalchlár leanúnach. Reáchtáladh dianchlár oiliúna ar feadh na chéad seachtaine sular caitheadh 7 seachtaine ar scríbhneoireacht scripte. Reáchtáladh seisiún deiridh agus athbhreithniú ar an gcúrsa chun an tionscadal a dhúnadh. Ghnóthaigh na rannpháirtithe taithí luachmhar ar an obair atá i gceist, agus iad ag feiceáil na ndeacrachtaí a bhaineann le saothar a scríobh do shraith fhadtréimhseach lena ngabhann agaí gearra slánúcháin.

- **An Scéim um Maoiniú Taighde na Meán**

  Maoinítear leis an scéim seo tionscnaimh thaighde ardchaighdeáin chun tacú leis an timpeallacht rialála craolacháin ina bhfeidhmíonn BAI. Tá sí ar cheann de na príomh-mhodhanna ina ndéanann BAI naisc a fhorbairt agus a choinneáil ar bun le hinstitiúidí tríú leibhéal agus leis an earnáil chraolacháin. Tairgeadh suim iomlán €50,000 i maoiniú deontais do thionscadail taighde le linn na bliana 2016.

  Áirítear iad seo a leanas leis na tionscadail a maoiníodh: Netflix agus ragús? Iniúchadh a dhéanamh ar na bealaí nua ina mbíonn teilifís neamhlíneach agus fís-sruthú ar líne á n-úsáid,

a bhí á stiúradh ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus Eisimirce na hÉireann a Chraoladh i Ré na Soghluaisteachta Domhanda, a bhí á stiúradh ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus ag Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach.

- **Taighde ar chlúdach Olltoghchán na bliana 2016 sna meáin**

  I dteannta an taighde a maoiníodh tríd an scéim, mhaoinigh BAI taighde ar chlúdach Olltoghchán na bliana 2016 sna meáin freisin. Tá an taighde sin á stiúradh ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, le tacaíocht ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Tá sé le críochnú sa bhliain 2017.

Litearthacht sna Meáin

Tionscadal ar dhírigh an eagraíocht go sonrach air le linn na bliana ba ea Beartas BAI um Litearthacht sna Meáin a fhorbairt. Ag féachaint don raon méadaitheach ardán atá ann trínar féidir leis an bpobal lánas a rochtain, a úsáid agus a chruthú, bhí sé mar aidhm ag BAI scileanna éagsúla a leagan amach chun cabhrú le daoine a mbealach a dhéanamh tríd an timpeallacht meán nua atá ag athrú go tapa. Cloch mhíle shuntasach ina leith sin ba ea seoladh an Bheartais um Litearthacht sna Meáin i mí na Nollag 2016. Bhí an beartas mar thoradh ar phróiseas forbartha inar oibríodh agus ina ndeachthas i gcomhairle le raon geallsealbhóirí difriúla ó na meáin, ón earnáil oideachais agus ó réimsí rialála.

Tá an beartas ceaptha chun taighde a chur chun cinn agus tionscnaimh oideachasúla reatha a chomhlánú agus, ar deireadh, chun a bheith ina threoir phraiticiúil d'úsáideoirí meán. Is é an aidhm atá leis an mbeartas na scileanna a theastaíonn uathu a chur ar úsáideoirí ardán difriúil meán ionas gur féidir leo faisnéis chruinn nó mhíchruinn a aithint, cur in aghaidh tuairimí, páirt a ghlacadh i ndíospóireacht agus eolas ginearálta a ghnóthú i leith a roghanna féachana agus éisteachta. Tá uaillmhianta an bheartais bunaithe ar thrí chroí-inniúlacht lena gcabhraítear le húsáideoirí:

- cineálacha difriúla lánais a aithint;
- roghanna eolacha a dhéanamh i dtaca le sonraí pearsanta a urramú agus a chosaint;
- lánas meán a chruthú lena úsáid phríobháideach agus phoiblí agus páirt a ghlacadh i ndeiseanna foghlama ar líne.

Beidh rath an bheartais, dar le BAI, ag brath ar na geallsealbhóirí a bheith ag obair i gcomhar le chéile. Chun an próiseas sin a éascú, cabhróidh BAI le Líonra Éireannach um Litearthacht sna Meáin a fhorbairt sa bhliain 2017. Beidh an líonra comhdhéanta de raon geallsealbhóirí difriúla, lena n-áirítear oideoirí, craoltóirí agus comhlachtaí poiblí. Trí chumarsáid a dhéanamh agus trí eolas a chomhroinnt ar bhonn trasearnála, oibreoidh an líonra chun cuspóirí an bheartais a chur i bhfeidhm go praiticiúil.

Straitéis Scileanna don Earnáil Chlosamhairc

Ag deireadh na bliana 2015, choimisiúnaigh BAI agus Bord Scannán na hÉireann tuarascáil ar na riachtanais straitéiseacha atá ag an earnáil chlosamhairc maidir le scileanna. Chuathas i gcomhairle fhairsing leis an earnáil i dtús na bliana 2016, lenar áiríodh craoltóirí agus an lucht coimisiúnaithe, comhlachtaí oideachais, líonraí ionadaitheacha, gníomhaireachtaí agus daoine eile.

Cuireadh dréacht-tuarascáil faoi bhráid Bhord Scannán na hÉireann agus BAI i bhFómhar na bliana 2016, rud inar tarraingíodh aird ar shaincheisteanna tábhachtacha a bhaineann le forbairt scileanna san earnáil chlosamhairc. Táthar ag súil go bhfoilseoidh BAI agus Bord Scannán na hÉireann an tuarascáil sa bhliain 2017.

Forbairt na Scéime um Chartlannú

Ceanglaítear le halt 69 den Acht Craolacháin 2009 go mbeidh téarma nó coinníoll ann i ngach conradh craolacháin fuaime á cheangal ar an gconraitheoir catagóirí áirithe bunábhair chlár a chartlannú.

Leagtar leis an Acht freisin freagracht ar BAI an fhormáid a leanfar chun cartlannú a dhéanamh agus na catagóirí clár a ndéanfar cartlannú orthu a fhorordú.

Go luath sa bhliain 2016, rinne BAI conradh le cuideachta a bhfuil saineolas cartlannaithe aici chun cabhrú leis beartas cuí um chartlannú a fhorbairt. Áiríodh leis an obair sin treoirlínte a ullmhú maidir leis na cleachtais chartlannaithe ba cheart do chraoltóirí fuaime a chomhlíonadh ar aon dul le ceanglais reachtacha. Cheadaigh BAI dréachtbheartas agus dréacht-treoirlínte um chartlannú ina dhiaidh sin ag deireadh na bliana 2016. Rachaidh BAI i gcomhairle le geallsealbhóirí tábhachtacha ar an dréachtbheartas agus na dréacht-treoirlínte le linn na bliana 2017, agus é mar aidhm aige an beartas a thabhairt chun críche agus a chur chun feidhme sa bhliain 2018.

Roinn 6

Craolachán Freagrach a chur chun cinn agus an Lucht Féachana/éisteachta a chumhachtú

Cóid agus caighdeáin éifeachtacha chraolacháin a chur chun feidhme chun freastal ar riachtanais an lucht féachana agus éisteachta

Gné lárnach den obair rialála a dhéanann BAI is ea craolachán freagrach a chinntiú agus a chur chun cinn chun leas an lucht féachana agus éisteachta. Tá na cóid, na caighdeáin agus na rialacha éagsúla arna bhforbairt ag BAI ina sásraí cuntasachta don tionscal. Tá BAI tiomanta do chóid agus do chaighdeáin den sórt sin a choinneáil faoi athbhreithniú chun a chinntiú go mbíonn siad éifeachtach maidir le freastal ar riachtanais an lucht féachana/éisteachta. Le linn na bliana 2016, phróiseáil BAI na hathbhreithnithe ar an gCód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála; d'fhorbair sé Cód maidir le Tuairisciú Gairid Nuachta; agus chríochnaigh sé an t-athbhreithniú ar an Scéim maidir le Ceart Freagartha. Lean BAI le breithniú agus le cinneadh a dhéanamh ar ghearáin i ndáil le cláir, fógraíocht agus urraíocht freisin. Tá forbhreathnú tugtha thíos ar an obair a rinneadh ina leith seo.

An Cód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála

Sa Chód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála, leagtar síos sraith prionsabal agus rialacha lena rialaítear fógraíocht, urraíocht, suíomh táirgí agus cineálacha eile cur chun cinn tráchtála ar theilifís agus ar raidió na hÉireann. Agus é bunaithe ar na torthaí ó athbhreithniú reachtúil, rinne BAI comhairliúchán poiblí ar an dréachtchód i mí na Nollag 2015. Le linn an chomhairliúcháin sin, bhí deis ag geallsealbhóirí a dtuairimí maidir leis an dréacht-Chód a chur in iúl do BAI agus aiseolas a thabhairt ar shaincheisteanna amhail a phraiticiúla agus a ábhartha atá rialacha agus prionsabail an Chóid agus cur i bhfeidhm foriomlán an Chóid.

Bhí formhór na ngeallsealbhóirí i bhfách le forálacha athbhreithnithe an Chóid. Tarraingíodh saincheisteanna éagsúla anuas le linn an chomhairliúcháin, lenar áiríodh an gá atá ann le soiléire a thabhairt ar na sainmhínithe a úsáidtear sa Chód agus an dóigh a gcuirfí eisiaimh ón gCód i bhfeidhm do gach craoltóir agus aiseolas ar na rialacha sonracha a bhaineann le hurraíocht agus le suíomh táirgí. Cuireadh tuairimí in iúl chun tacú le srianta breise ar fhógraíocht alcóil freisin.

Tar éis dó breithniú a dhéanamh ar na haighneachtaí a fuarthas ó gheallsealbhóirí le linn an phróisis sin, thug BAI an Cód chun críche ag deireadh na bliana 2016. Táthar go seolfar an Cód athbhreithnithe i dtús na bliana 2017.



Roisín Donnelly agus Amy Lombard ón bhFoireann um Meáin na hÓige, agus iad ag freastal ar sheoladh Bheartas BAI um Litearthacht sna Meáin

Sean Kyne, an t-Aire Stáit; Teresa Hanratty, Learning Waves; agus John Purcell, IBI, agus iad ag freastal ar chomhdháil Radio Days, a reáchtáladh le tacaíocht ó BAI

An Cód maidir le Tuairisciú Gairid Nuachta

Foráiltear leis an gCód seo do na caighdeáin nach mór do chraoltóirí a chur i bhfeidhm le linn dóibh úsáid a bhaint as sleachta clár i gcláir nuachta sa chás go bhfuil na cearta chun an lánais lena mbaineann faoi úinéireacht ag craoltóir eile, mar shampla, cearta spóirt. Agus an Cód á fhorbairt aige, chuaigh BAI i gcomhairle le geallsealbhóirí tábhachtacha chun an cleachtas agus na dúshláin reatha sa réimse a mheas. Bunaithe ar eispéiris na gcraoltóirí, cheadaigh an t-Údarás dréacht-Chód ar an ábhar ag deireadh na bliana 2016. Bhí sé beartaithe go dtabharfaí faoi chomhairliúchán spriocdhírithe le craoltóirí teilifíse ar an dréacht-Chód sa bhliain 2017 sula ndéanfaí é a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú.

An Scéim maidir le Ceart Freagartha

Tá an Scéim maidir le Ceart Freagartha i bhfeidhm ón mbliain 2011 i leith agus foráiltear léi go bhféadfaí fíricí míchearta nó faisnéis mhícheart a craoladh faoi dhuine a cheartú i gcásanna inar caitheadh amhras ar onóir nó ar dhea-chlú an duine lena mbaineann leis na fíricí míchearta nó leis an bhfaisnéis mhícheart sin. Rinneadh athbhreithniú reachtúil ar an Scéim sa bhliain 2015 agus tugadh tuarascáil maidir leis an athbhreithniú sin don Aire i mí an Mheithimh 2016. Leagadh an tuarascáil faoi bhráid Thithe an Oireachtais ina dhiaidh sin. Ní bhfuarthas aon iarrataí ar Cheart Freagartha sa bhliain 2016.

An Próiseas Gearán

Ar aon dul leis an obair a dhéanann sé chun cóid agus caighdeáin chraolacháin a fhorbairt agus a chur chun feidhme, is amhlaidh, trína phróiseas gearán, go soláthraíonn BAI sásra trínar féidir le daoine den lucht féachana/éisteachta nach bhfuil sásta le lánas craolacháin gearán a dhéanamh, bíodh an gearán sin ag baint le cláir, le fógraíocht nó le hurraíocht.

Bhreithnigh BAI 132 ghearán san iomlán sa bhliain 2016. Faoi mar a tharla i mblianta roimhe sin, ba le cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht i lánas nuachta agus cúrsaí reatha a bhain formhór na ngearán, ba é sin, 105 cinn. Fuarthas 18 ngearán eile i ndáil le caighdeáin chlár. Ba le cumarsáidí tráchtála a bhain na naoi ngearán eile.

Maidir leis na gearáin uile a fuarthas agus a próiseáladh sa bhliain, déileáladh le naoi gcinn díobh trí fhreagra sásúil a fháil ón gcraoltóir. Próiseáladh na gearáin eile de réir nós imeachta bunaithe agus foilsíodh na cinntí ina leith ar shuíomh Gréasáin BAI. Mar atá léirithe sa tábla, dhiúltaigh an Fóram

Feidhmiúcháin Gearán agus an Coiste um Chomhlíonadh do 61 ghearán. Sheas an Coiste go hiomlán le hocht ngearán eile. Measadh gearán amháin a bheith neamhbhailí agus bhí an 53 ngearán eile fós á bpróiseáil ag deireadh na bliana 2016.

Catagóir gearáin	Iomlán na ngearán
An Cód maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha	105
An Cód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála	9
Príobháideachas aon Phearsan Aonair	0
An Cód um Chaighdeáin Chlár	18
Iomlán	132

Gearáin a Próiseáladh sa bhliain 2016 de réir Réitigh	Iomlán na ngearán
Sheas an Coiste um Chomhlíonadh leis an ngearán	8
Dhiúltaigh an Coiste um Chomhlíonadh don ghearán	17
Dhiúltaigh an Fóram Feidh-miúcháin Gearán don ghearán	44
Réitíodh an gearán (sula ndearna an Fóram Feidhmiúcháin Gearán/ an Coiste um Chomhlíonadh breithniú air)	9
Gearáin neamhbhailí	1
Ar bhonn leanúnach	53

Roinn 7

Rialachas agus Forbairt Eagraíochta

A bheith inár n-eagraíocht seirbhíse poiblí atá creidiúnach, éifeachtach agus cuntasach

Tá BAI tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh agus d'fhorbairt leanúnach eagraíochta. Féachtar ar an dá rud sin mar cháilíochtaí a theastaíonn ó aon rialálaí éifeachtach éifeachtúil. Mar aon le creat láidir rialachais a choimeád, féachann BAI lena phróisis a bharrfheabhsú freisin trí úsáid mhéadaithe a bhaint as TF agus as bealaí solúbtha oibre. Agus an méid sin á dhéanamh aige, bíonn sé mar aidhm ag BAI an t-athrú a réamh-mheas agus freagairt dó agus a bheith ina rialálaí éifeachtach don earnáil. Tá forbhreathnú tugtha thíos ar an obair a rinneadh i ndáil le rialachas agus le forbairt eagraíochta sa bhliain 2016.

Rialachas

Leanann BAI ar aghaidh lena oibleagáidí tuairiscithe reachtúil agus rialachais a chomhlíonadh, lena n-áirítear ceanglais tuairiscithe faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington agus faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí. Leanann sé ar aghaidh freisin lena dhualgais a chomhlíonadh i ndáil le ceanglais an *Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit*, ar creat é lena gcumasaítear do Chomhlachtaí Stáit tráchtála agus neamhthráchtála an dea-chleachtas rialachais agus dea-chaighdeáin rialachais a chur i bhfeidhm.

Feidhmiú an Údaráis agus na gCoistí Reachtúla

I mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine 2016, thug an t-Údarás faoi athbhreithniú foirmiúil ar a fheidhmíocht i gcomhréir le ceanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tar éis dó na torthaí ar an athbhreithniú a bhreithniú, d'aontaigh an t-Údarás moltaí a chuirfí san áireamh ina chuid gníomhaíochtaí. Leanfar leis na moltaí sin a chur chun feidhme sa bhliain 2017.

An Cód Cleachtais Athbhreithnithe do Rialachas Comhlachtaí Stáit

D'fháiltigh BAI roimh fhoilsiú an leagain athbhreithnithe den Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit i mí Lúnasa 2016, rud inar tugadh aird ar na forbairtí atá tagtha chun cinn i ndáil le maoirseacht, le ceanglais tuairiscithe agus le ceapadh comhaltaí boird. Ghabh BAI air féin athbhreithniú a dhéanamh ar a chleachtais rialachais agus comhlíonadh an Chóid athbhreithnithe a chinntiú faoin 1 Meán Fómhair 2017 mar a ceanglaíodh. Tosaíodh ar réamhobair ag deireadh na bliana chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá BAI ag comhlíonadh na bhforálacha athbhreithnithe, chun aon athruithe atá riachtanach a shainaithint agus/nó chun nuashonruithe/athruithe a dhéanamh ar an gcleachtas rialachais. Leanfar ar aghaidh leis an obair sin sa bhliain 2017 chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh an eagraíocht an oibleagáid atá uirthi maidir lena bheith ar chomhréim go hiomlán le forálacha an Chóid athbhreithnithe faoin spriocdháta an 1 Meán Fómhair.

An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca

Cuireadh an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ar bun sa bhliain 2010. Déanann sé faireachán agus athbhreithniú ar a éifeachtaí atá córas rialaithe inmheánaigh BAI, a chleachtais agus a rialuithe airgeadais, a fheidhmeanna iniúchóireachta seachtraí agus a chleachtais bhainistíochta riosca. Tugann an Coiste faisnéis don t-Údarás faoi na dualgais éagsúla atá air freisin. Déantar athbhreithniú ar théarmaí tagartha an Choiste gach bliain.

Tháinig an Coiste le chéile 6 huaire sa bhliain 2016. Bhí a chuid oibre dírithe ar raon gníomhaíochtaí difriúla atá leagtha amach thíos.

- *Idirchaidreamh le hIniúchóirí Seachtracha: An t-Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

  I mí na Nollag 2016, tháinig an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca le chéile le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun athbhreithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna bainistíochta iniúchta a bhain leis an mbliain roimhe. Tugadh faoi deara nár tarraingíodh aon ábhair imní anuas i ndáil leis an iniúchadh sa bhliain 2015.

- *Idirchaidreamh le hIniúchóirí Inmheánacha agus Tuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh*

  Thug Capita, ar iniúchóirí inmheánacha na heagraíochta iad, faoi trí iniúchadh inmheánacha oibriúcháin sa bhliain 2016, ba iad sin: athbhreithniú ar chosaint sonraí, athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha airgeadais agus athbhreithniú ar bhainistíocht an phróisis tobhach.

  Ag an gcruinniú dá chuid i mí na Samhna, bhreithnigh an Coiste tuarascálacha iniúchta inmheánaigh ar an Scéim Fuaim agus Fís 3 (a ndearnadh an t-iniúchadh ina leith sa bhliain 2016), ar Fhorbairt Earnála (a ndearnadh an t-iniúchadh ina leith sa bhliain 2016) agus ar iniúchadh oibriúcháin ar chumarsáidí inmheánacha in BAI. Níor

sainaithníodh aon saincheisteanna suntasacha le linn an chruinnithe.

- *Bainistíocht Riosca*

  Mar mhír bhuan ar chlár oibre an Choiste, cuireann Oifigeach Riosca nuashonruithe rialta ar fáil don Choiste maidir le mór-rioscaí nua agus leanúnacha laistigh den eagraíocht. Rinneadh athbhreithniú ar Chlár Rioscaí BAI sa bhliain 2016. Rinne Capita athbhreithniú ar an gCreat Bainistíochta Riosca agus ar na modheolaíochtaí bainistíochta riosca atá i bhfeidhm ag BAI freisin.

  Tá sé beartaithe go gcuirfear na moltaí uaidh maidir le nósanna imeachta tuairiscithe riosca chun feidhme agus go gcuirfear clár rioscaí BAI i láthair sa bhliain 2017. Ina theannta sin, reáchtáladh Ceardlanna Riosca do chomhaltaí den Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca agus don fhoireann ardbhainistíochta i mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine 2016.

Soláthar

Tugadh faoi shraith próiseas soláthair le linn na bliana 2016. Cuimsíodh raon éagsúil réimsí iontu, lenar áiríodh soláthar foirne, árachas, agus tacaíocht sainchomhairleoireachta seachtraí do thionscnaimh dhifriúla sna réimsí seo a leanas: craolachán seirbhíse poiblí, cúrsaí straitéise, cartlannú agus bainistíocht sonraí agus comhad.

Ar aon dul leis an dea-chleachtas rialachais, leanadh ar aghaidh le clár maidir le caiteachas ar sholáthraithe, le gníomhaíocht soláthair agus le conarthaí arna n-eisiúint a choimeád agus le faireachán a dhéanamh air le linn na bliana. Cuireadh obair ar phlean soláthair chorparáidigh ar aghaidh freisin. Tá sé beartaithe go gcuirfear an plean sin ar chomhréim le Ráiteas Straitéise BAI don tréimhse 2017-2019.

Forbairt Eagraíochta

Ráiteas Straitéise 2017-2019

Réimse tábhachtach oibre do BAI sa bhliain 2016 ba ea Ráiteas Straitéise nua a fhorbairt don tréimhse 2017–2019. Agus an ráiteas á fhorbairt, chuathas i dteagmháil fhairsing le geallsealbhóirí BAI agus rinneadh comhairliúchán foirmiúil ar an dréacht-Ráiteas Straitéise. Reáchtáil BAI fóram breithniúcháin le sampla ionadaitheach de dhaoine den phobal chun a gcuid tuairimí a bhailiú freisin. Tugadh an Ráiteas Straitéise nua chun críche i mí na Nollag 2016. Tá sé le seoladh sa chéad ráithe den bhliain 2017.

Beidh an Ráiteas Straitéise nua ar an tríú ceann dá chineál ó bunaíodh BAI sa bhliain 2009. Beidh sé leagtha amach faoi chúig théama straitéiseacha. Chomh maith leis sin, cuimseoidh sé cuspóirí straitéiseacha agus torthaí inmhianaithe a bhfuiltear ag súil leis go mbainfear iad amach faoin mbliain 2019. Is iad seo a leanas na téamaí lena mbaineann:

1. Éagsúlacht agus iolarthacht a chur chun cinn;
2. Barr feabhais agus cuntasacht a bhaint amach;
3. Cumarsáid a dhéanamh agus tionchar a imirt;
4. An lucht féachana/éisteachta a chumhachtú;
5. Nuálaíocht agus inbhuanaitheacht rannach a threisiú.

Beartaítear go dtabharfar faoi obair shuntasach sa chéad leath den bhliain 2017 chun plean oibre trí bliana a fhorbairt. Forbrófar pleananna gaolmhara tionscadail agus oibriúcháin freisin, a bheidh i bhfeidhm ar feadh thréimhse trí bliana na straitéise.

An Straitéis um Eolas Eagraíochtúil

Leanadh ar aghaidh le hobair faoin straitéis chomhtháite 3 bliana um eolas eagraíochtúil sa bhliain 2016, rud inar pléadh le TF, le bainistíocht sonraí agus comhad agus le húsáid straitéiseach a bhaint as sonraí, faisnéis agus eolas. Áiríodh leis na príomhréimsí gníomhaíochta sa bhliain ascnamh chuig réiteach néalríomhaireachta fiontair, nascadh le líonra achair fhairsing WAN an Rialtais, agus aistriú chuig córas Office 365. Thosaigh BAI ag obair chun córas nua feabhsaithe um Bainistíocht Caidrimh le Custaiméirí (CRM) a fhorbairt freisin, agus é mar aidhm leis tacú leis an Scéim Fuaim agus Fís.

Rinne BAI athbhreithniú mionsonraithe ar na cleachtais bhainistíochta taifead agus ar na nósanna imeachta bainistíochta taifead atá i bhfeidhm aige sa bhliain 2016

freisin. Bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe sin, rinneadh beartas nua bainistíochta taifead a fhorbairt agus a chur i láthair na foirne. Cuirfear na treoirlínte agus na nósanna imeachta a thiocfaidh as an mbeartas chun feidhme sa bhliain 2017.

Is le sonraí, faisnéis agus eolas a bhaineann an cuspóir deiridh faoin straitéis um fhorbairt eagraíochtúil. Maidir leis sin, críochnaíodh an chéad suirbhé rianúcháin ar dhearcthaí an lucht féachana/éisteachta i leith craolachán seirbhíse poiblí sa bhliain. Leathnaíodh an tionscadal um Thuairisceáin Chraoltóirí (tuarascálacha bliantúla féinmheasúnaithe) chuig gach craoltóir raidió tráchtála freisin.

Acmhainní Daonna

Is dúshlánach go fóill atá cúrsaí soláthar foirne agus acmhainnithe in BAI. Forbairt dhearfach sa bhliain 2016, áfach, ba ea gur earcaíodh ceathrar ball foirne chuig róil chléireachais agus riaracháin chun tacú le hobair BAI i roinnt réimsí difriúla. Cé gur dea-scéala é sin, tugann BAI faoi deara go bhfuil a sholáthar foirne íseal go fóill i gcomhthéacs na bhfreagrachtaí reachtúla breise a leagadh air leis an Acht Craolacháin 2009.

Rinne BAI athbhreithniú cuimsitheach ar a struchtúir eagrúcháin le linn na bliana 2016, rud a raibh baill foirne ag gach leibhéal den eagraíocht páirteach ann. Úsáidfear na torthaí ón athbhreithniú sin chun bonn eolais a chur faoi thionscnaimh éagsúla forbartha eagraíochta a bhaineann, i measc nithe eile, le cumarsáidí agus le húsáid acmhainní.

Bainistíocht agus Forbairt Feidhmíochta

Lean an eagraíocht ar aghaidh le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme a Bheartais Bhainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMD) sa bhliain. Díríodh go sonrach ar ionduchtú ball foirne le linn na bliana, agus d'eagraigh an eagraíocht seisiúin éagsúla oiliúna do bhaill foirne chun cabhrú lena bhforbairt. I measc na seisiún ar tugadh fúthu, bhí oiliúint i scileanna airgeadais agus clár saincheaptha d'Ardoifigigh Feidhmiúcháin.

Úsáid Fuinnimh

Léiríodh sa Tuarascáil Bhliantúil 2015 maidir le Feidhmíocht na hEarnála Poiblí i dtaca le hÉifeachtúlacht Fuinnimh ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann go raibh feidhmíocht BAI níos éifeachtúla ná an figiúr bonnlíne agus go bhfuil sé ar an mbealach ceart chun an sprioc don bhliain 2020 a bhaint amach, is é sin, éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú faoi 20% san earnáil phoiblí. Ina theannta sin, ardaíodh an Rátáil Fuinnimh Foirgnimh ar áitreabh BAI ó D2 go D1 idir na blianta 2015 agus 2016.

An Scéim Gaeilge

Trína Scéim Gaeilge, agus de réir fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla, tá BAI tiomanta do sheirbhísí Gaeilge a sholáthar dá gheallsealbhóirí. Féachann an eagraíocht leis an méid sin a dhéanamh trí chur chuige láidir réamhghníomhach a ghlacadh agus trí infheictheacht na teanga a chinntiú ag gach leibhéal.

Bhí an bhliain 2016 ar an tríú bliain de Scéim Gaeilge BAI. Dá bhrí sin, bhí sé in am againn athbhreithniú a dhéanamh ar a héifeachtacht. Chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt na scéime nua 3 bliana, d'iarr an eagraíocht aighneachtaí le linn na bliana chun cur leis an bpróiseas athbhreithnithe. Ag teacht sna sála ar an athbhreithniú, foilsíodh dréachtscéim teanga nua chun críocha comhairliúcháin go luaith i mí an Mheithimh 2016. D'fhoilsigh BAI an scéim deiridh ina dhiaidh sin i mí na Nollag. Áirítear leis na hathruithe a cuireadh ar áireamh sa scéim nua an fháil atá ar chóras ar líne tríd an nGaeilge le haghaidh na Scéime Fuaim agus Fís agus na Scéime um Chartlannú de chuid an Chiste Craolacháin; méadú incriminteach a dhéanamh ar an líon preaseisiúintí dátheangacha a eiseofar thar thréimhse na scéime; agus acmhainní Gaeilge a fhorbairt ar bhonn inmheánach. Tá sé i gceist gurb amhlaidh, a bhuí leis an dara Scéim Gaeilge uaidh, go leanfaidh BAI ar aghaidh le seirbhísí Gaeilge ar ardchaighdeán a sholáthar don phobal.

ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA HÉIREANN RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2016

CLÁR ÁBHAR

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí 52

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais 53

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 55

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim 56

Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach 57

Ráiteas faoin Staid Airgeadais 58

Ráiteas faoi Shreafaí Airgid 59

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 60

RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ

De bhun fhorálacha an Achta Craolacháin 2009 ("an tAcht"), tá Údarás Craolacháin na hÉireann ("BAI") freagrach as ráitis airgeadais don bhliain ón 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2016 a ullmhú chun léargas fírinneach cóir a thabhairt ar staid chúrsaí Údarás Craolacháin na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2016 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain dar críoch an dáta sin.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an t-Údarás ag feidhmiú; agus
- A lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach as an méid seo a leanas:

- Taifid chuí chuntasaíochta a choimeád lena nochtar le cruinneas réasúnach aon tráth staid airgeadais an Údaráis agus lena gcuirtear ar a chumas deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 37(2) den Acht Craolacháin 2009 agus go bhfuil siad i bhfoirm arna ceadú ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Sócmhainní Údarás Craolacháin na hÉireann a chosaint agus bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

An t-Ollamh Pauric Travers
Cathaoirleach
30 Meitheamh 2017

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
30 Meitheamh 2017

RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Údarás Craolacháin na hÉireann, aithním an fhreagracht atá ar an Údarás as deimhin a dhéanamh de go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais á chothabháil agus á chur i ngníomh de réir mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earráidí ábhartha nó mírialtachtaí á gcosc nó go mbraithfí iad ar bhonn tráthúil.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá na bearta seo a leanas déanta ag an Údarás chun timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir; agus
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun mórtheipeanna rialaithe a thuairisciú agus chun deimhin a dhéanamh de go ndéantar gníomh ceartaitheach ina leith.

Tá próisis bunaithe ag an Údarás chun rioscaí gnó a shainaithint agus a mheas trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Cineál, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá roimh an gcomhlacht a shainaithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha;
- Measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí sainaitheanta; agus
- Measúnú a dhéanamh ar chumas an Údaráis na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú.

Is ar chreat faisnéise rialta bainistíochta, ar nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus ar chóras tarmligin agus cuntasachta atá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe. Áiríodh leis, go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe ar ghabh buiséad bliantúil leis a d'athbhreithnigh agus a d'aontaigh an t-Údarás;
- Athbhreithnithe rialta ag an Údarás ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla, inar léiríodh an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha;
- Spriocanna a leagan síos chun an fheidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas; agus
- Treoirlínte um rialú infheistíochta caipitil atá sainithe go soiléir.

RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Cuirtear feidhm iniúchóireachta inmheánaí i bhfeidhm, a mbíonn a cuid oibre bunaithe ar anailís ar an riosca ar a mbíonn an comhlacht neamhchosanta. Bíonn an plean iniúchóireachta bliantúil bunaithe ar an anailís sin.

Bhí faireachán agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair an iniúchóra inmheánaigh, ar obair an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca a rinne maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, ar obair na mbainisteoirí feidhmiúcháin in Údarás Craolacháin na hÉireann a bhí freagrach as an gcreat um rialú airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, agus ar thuairimí a chuir an t-Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste in iúl ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním go ndearna an t-Údarás athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2016.

Arna shíniú thar ceann Údarás Craolacháin na hÉireann.

An t-Ollamh Pauric Travers
Cathaoirleach
30 Meitheamh 2017

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
30 Meitheamh 2017

Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

Broadcasting Authority of Ireland

I have audited the financial statements of the Broadcasting Authority of Ireland for the year ended 31 December 2016 under the Broadcasting Act 2009. The financial statements comprise the statement of income and expenditure and retained revenue reserves, the statement of comprehensive income, the statement of financial position, the statement of cash flows, and the related notes. The financial statements have been prepared in the form prescribed under Section 37 of the Act, and in accordance with generally accepted accounting practice.

Responsibilities of the Authority

The Authority is responsible for the preparation of the financial statements, for ensuring that they give a true and fair view and for ensuring the regularity of transactions.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

My responsibility is to audit the financial statements and to report on them in accordance with applicable law.

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation.

My audit is carried out in accordance with the International Standards on Auditing (UK and Ireland) and in compliance with the Auditing Practices Board's Ethical Standards for Auditors.

Scope of audit of the financial statements

An audit involves obtaining evidence about the amounts and disclosures in the financial statements, sufficient to give reasonable assurance that the financial statements are free from material misstatement, whether caused by fraud or error. This includes an assessment of

- whether the accounting policies are appropriate to the Authority's circumstances, and have been consistently applied and adequately disclosed
- the reasonableness of significant accounting estimates made in the preparation of the financial statements, and
- the overall presentation of the financial statements.

I also seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit.

In addition, I read the Authority's annual report to identify material inconsistencies with the audited financial statements and to identify any information that is apparently materially incorrect based on, or materially inconsistent with, the knowledge acquired by me in the course of performing the audit. If I become aware of any apparent material misstatements or inconsistencies, I consider the implications for my report.

Opinion on the financial statements

In my opinion, the financial statements:

- give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Authority as at 31 December 2016 and of its income and expenditure for 2016; and
- have been properly prepared in accordance with generally accepted accounting practice.

In my opinion, the accounting records of the Authority were sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited. The financial statements are in agreement with the accounting records.

Matters on which I report by exception

I report by exception if I have not received all the information and explanations I required for my audit, or if I find

- any material instance where money has not been applied for the purposes intended or where the transactions did not conform to the authorities governing them, or
- the information given in the Authority's annual report is not consistent with the related financial statements or with the knowledge acquired by me in the course of performing the audit, or
- the statement on internal financial control does not reflect the Authority's compliance with the Code of Practice for the Governance of State Bodies, or
- there are other material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I have nothing to report in regard to those matters upon which reporting is by exception.

Patricia Sheehan

Patricia Sheehan
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General
30 June 2017

RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ COINNITHE IONCAIM

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2016

	Nóta	2016	2015
Ioncam		**€ '000**	**€ '000**
Tobhach	**2**	4,871	4,748
Táillí Ceadúnúcháin	**3**	29	28
Ioncam Eile	**4**	757	830
Ollioncam		**5,657**	**5,606**
Aistriú ón gCuntas Caipitil	**16**	23	(3)
		5,680	**5,603**
Caiteachas			
Costais Foirne	**5**	2,035	1,841
Costais Sochar Scoir	**20(c)**	254	264
Táillí agus Speansais Chomhaltaí BAI	**18**	105	106
Táillí Comhairleachta	**6**	632	569
Costais Dlí		69	65
Fógraíocht		44	30
Costais Riaracháin	**7**	490	480
Luach Saothair na nIniúchóirí		13	11
Íocaíochtaí Deontais agus Forbartha	**8**	491	385
Costais Áitribh agus Costais Ghaolmhara	**9**	763	1,160
Dímheas		38	44
Drochfhiacha		7	1
		4,941	**4,956**
Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas		**739**	**647**
Aisíoc Tobhaigh	**2**	(704)	(609)
Barrachas tar éis aisíoc Tobhaigh		**35**	**38**
Cúlchiste Coinnithe Ioncaim			
Iarmhéid i dtús na bliana		**584**	**546**
Barrachas tar éis aisíoc Tobhaigh		35	38
Iarmhéid ag deireadh na bliana		**619**	**584**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1–22.

Cheadaigh an t-Údarás na Ráitis Airgeadais an 22 Meitheamh 2017. Shínigh na daoine seo a leanas na Ráitis thar a cheann:

An t-Ollamh Pauric Travers
Cathaoirleach
30 Meitheamh 2017

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
30 Meitheamh 2017

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach
30 Meitheamh 2017

RÁITEAS FAOI IONCAM CUIMSITHEACH

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2016

	2016 € '000	2015 € '000
Barrachas tar éis Aisíoc Tobhaigh	**35**	**38**
Gnóthachan/(caillteanas) ó thaithí ar dhliteanais scéime sochar scoir	(59)	178
Athruithe ar thoimhdí is bunús le luach láithreach na n-oibleagáidí scéime sochar scoir	(2,190)	(87)
(Caillteanas)/gnóthachan achtúireach iomlán sa bhliain	(2,249)	91
Coigeartú ar Mhaoiniú Iarchurtha Sochar Scoir ón Státchiste	2,249	(91)
Ioncam Cuimsitheach Eile don bhliain	**35**	**38**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1–22.

Cheadaigh an t-Údarás na Ráitis Airgeadais an 22 Meitheamh 2017. Shínigh na daoine seo a leanas na Ráitis thar a cheann:

An t-Ollamh Pauric Travers
Cathaoirleach
30 Meitheamh 2017

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
30 Meitheamh 2017

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach
30 Meitheamh 2017

RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS

AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2016

	Nóta	2016 € '000	2015 € '000
Sócmhainní Seasta			
Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh	**10**	50	73
Sócmhainní Reatha			
Suimeanna Infhaighte	**11**	1,076	782
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh		859	1,196
Taiscí Gearrthéarmacha	**12**	278	278
		2,213	2,256
Dliteanais Reatha			
Suimeanna iníoctha (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	**13**	1,519	1,522
		1,519	1,522
Glansócmhainní Reatha		694	734
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha		744	807
Soláthar do Dhliteanais	**15**	75	150
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais roimh Shochair Scoir		669	657
Sócmhainn iarchurtha sochar scoir	**20**	10,476	7,575
Dliteanais sochar scoir	**20**	(10,476)	(7,575)
Glansócmhainní		**669**	**657**
Ionadaithe ag			
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais		619	584
Cuntas Caipitil	**16**	50	73
		669	**657**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1–22.

Cheadaigh an t-Údarás na Ráitis Airgeadais an 22 Meitheamh 2017. Shínigh na daoine seo a leanas na Ráitis thar a cheann:

An t-Ollamh Pauric Travers
Cathaoirleach
30 Meitheamh 2017

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
30 Meitheamh 2017

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach
30 Meitheamh 2017

RÁITEAS FAOI SHREAFAÍ AIRGID

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2016

	2016 € '000	2015 € '000
Réiteach idir an Barrachas Oibriúcháin agus na Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas don bhliain	35	38
Muirear Dímheasa	38	44
Aistriú ón gCuntas Caipitil	(23)	3
Laghdú/(Méadú) ar Shuimeanna Infhaighte	(294)	483
(Laghdú) ar Shuimeanna Iníoctha	(79)	(75)
(Glan-Eis-Sreabhadh)/Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	**(323)**	**493**
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin		
(Aisíocaíocht)/Íostarraingt Iasachta	–	(300)
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a cheannach	(14)	(47)
(Laghdú)/Méadú ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid	**(337)**	**146**
Airgead agus coibhéisí airgid i dtús na bliana	1,474	1,328
Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana	**1,137**	**1,474**

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2016

1. Beartais Chuntasaíochta

Is leagtha amach thíos atá bonn na cuntasaíochta agus na mbeartas tábhachtach cuntasaíochta a ghlacann Údarás Craolacháin na hÉireann. Cuireadh i bhfeidhm iad go comhsheasmhach ar fud na bliana agus don bhliain roimhe.

(a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann faoin Acht Craolacháin 2009. Tá a cheannoifig lonnaithe in 2-5 Plás Warrington, Baile Átha Cliath 2. Is mar seo a leanas atá príomhchuspóirí Údarás Craolacháin na hÉireann, mar atá amach in alt 25 den Acht Craolacháin 2009:

(1) Déanfaidh an t-Údarás agus na coistí reachtúla, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, iarracht a chinntiú—

(a) maidir leis an líon agus leis na hearnálacha seirbhísí craolacháin a chuirfear ar fáil sa Stát de bhua an Achta seo gurb iad is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, ag cur a dteangacha agus a dtraidisiúin agus a n-éagsúlacht reiligiúin, eitice agus cultúir san áireamh;

(b) go dtacófar leis an bhfiúchas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann leis an tsaoirse cheart tuairimí a nochtadh; agus

(c) go soláthrófar seirbhísí craolacháin atá oscailte agus iolraíoch.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), déanfaidh an t-Údarás agus na coistí reachtúla—

(a) soláthar clár ardchaighdeáin, éagsúil agus nuálach ag craoltóirí tráchtála, pobail agus seirbhíse poiblí agus léiritheoirí neamhspleácha a spreagadh;

(b) a éascú do chraoltóirí seirbhíse poiblí a gcuid cuspóirí seirbhíse poiblí mar atá leagtha amach san Acht seo a chomhall;

(c) éagsúlacht a chur chun cinn sa rialú ar na seirbhísí craolacháin tráchtála agus pobail is mó ag a bhfuil tionchar;

(d) timpeallacht rialaitheach a sholáthar a dhéanfaidh iriseoireacht neamhspleách neamhchlaon a chothú;

(e) timpeallacht rialaitheach a sholáthar a dhéanfaidh comhlíonadh an dlí fostaíochta is infheidhme a chothú;

(f) leasanna leanaí a chosaint, ag cur san áireamh a ghéilliúla agus atá leanaí agus an óige do shaothrú tráchtála míchuí;

(g) timpeallacht rialaitheach a sholáthar lena n-éascófar forbairt earnála craolacháin in Éirinn ina dtabharfar aird ar riachtanais lucht féachana agus éisteachta agus, go háirithe, a bheidh inrochtana ag daoine faoi mhíchumas; agus

(h) forbairt clár agus seirbhísí craolacháin Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh.

(3) Féachfaidh an t-Údarás agus na coistí reachtúla, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, lena chinntiú, maidir leis na bearta a dhéanfar—

(a) go mbeidh siad comhréireach ag féachaint do na cuspóirí atá leagtha amach san alt seo,

(b) go gcuirfear chun feidhme iad thar an raon seirbhísí craolacháin le linn an méid tionchair ar féidir leis na cineálacha éagsúla seirbhísí craolacháin a imirt maidir le múnlú tuairimí lucht féachana agus éisteachta sa Stát a chur i gcuntas,

(c) go gcoimeádfar i gcuimhne iontu na cuspóirí, na feidhmeanna agus na dualgais atá leagtha amach do chraoltóirí seirbhíse poiblí i gCodanna 7 agus 8,

(d) go mbeidh mar thoradh orthu socruithe rialaitheacha a bheidh cobhsaí agus intuartha, agus

(e) go bhfreastalófar leo go réidh ar fhorbairt na teicneolaíochta, agus ar fheidhmiú na forbartha sin, ag an earnáil chraolacháin agus go ndéanfar leo an céanna a spreagadh go réidh.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí é Údarás Craolacháin na hÉireann.

(b) Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Údarás Craolacháin na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 de réir FRS102, rud atá ar an gcaighdeán um thuairisciú airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann.

(c) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm arna ceadú ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de bhun alt 37(4) den Acht Craolacháin 2009.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais Údarás Craolacháin na hÉireann.

(d) Ioncam

Ioncam Tobhaigh

Is é an phríomhfhoinse ioncaim atá ag an Údarás ná tobhach a ghearrtar ar chraoltóirí seirbhíse poiblí agus ar chonraitheoirí craolacháin de réir mar a cheanglaítear faoi alt 33(1) den Acht Craolacháin 2009. Baintear úsáid as an tobhach chun na caiteachais a bhaineann le feidhmiú an Údaráis agus na gcoistí reachtúla a mhaoiniú. Bíonn an tobhach bunaithe ar chaiteachas buiséadaithe le haghaidh bliain airgeadais ar leith.

Faoi alt 33(5) den Acht Craolacháin 2009, is amhlaidh, maidir le haon bharrachas ar ioncam tobhaigh de bhreis ar na caiteachais arna dtabhú ag an Údarás i gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna dá chuid a bhaineann leis an tobhach sin i mbliain airgeadais áirithe, go gcoinneoidh an t-Údarás é lena fhritháireamh i gcoinne oibleagáidí i leith tobhaigh i gcomhair na bliana dá éis sin nó go ndéanfar é a aisíoc go comhréireach leis na soláthraithe seirbhísí craolacháin ar a bhforchuirtear an tobhach.

Leagtar amach san Ordú Tobhaigh um an Acht Craolacháin 2009 (alt 33), 2010, an bonn ar a ndéantar an tobhach a ríomh. Is ar bhonn fabhraithe a thugtar cuntas air.

Ioncam ó Tháillí Ceadúnúcháin

De bhun fhorálacha an Achta Craolacháin 2009, tá an t-Údarás freagrach as conarthaí a dheonú le haghaidh seirbhísí teilifíse agus raidió ar ardáin éagsúla. Tríd is tríd, déanann an t-Údarás dhá chineál conartha le hoibreoirí craolacháin, mar seo a leanas:

- Conarthaí Craolacháin; agus
- Conarthaí Soláthair Lánais

D'fhéadfadh go mbeadh táillí ceadúnúcháin iníoctha ag iarratasóirí ar chonarthaí agus ag conraitheoirí chuig BAI de bhun na bhforálacha reachtúla. D'fhéadfadh go dtiocfadh athrú ar na táillí sin ó am go chéile ar aon dul le beartais agus le straitéisí an Údaráis.

Ioncam Eile

Aithnítear Ioncam Eile ar bhonn fabhraithe.

Ioncam Úis

Aithnítear Ioncam Úis ar bhonn fabhraithe ach modh an úis éifeachtaigh a úsáid.

(e) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carntha, arna choigeartú i leith aon soláthair do bhearnú. Gearrtar dímheas ar an réadmhaoin, ar an ngléasra agus ar an trealamh ar fad. Déantar amhlaidh de réir rátaí a mheastar a dhíscríobhfaidh an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne de réir méid cothrom thar an tsaolré eacnamaíoch fhónta a mheastar atá acu, mar a leanas:

Trealamh Ríomhaireachta	33% sa bhliain
Trealamh Oifige	20% sa bhliain
Daingneáin agus Feisteas	10% sa bhliain
Feabhsúcháin Léasachta	10% sa bhliain
Clostrealamh/Trealamh Teicniúil	33% sa bhliain
Mótarfheithiclí	25% sa bhliain

Is ionann luach iarmharach agus an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair ó shócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, amhail dá mbeadh an tsócmhainn ar aois agus i riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré fónta cheana féin. Más ann

d'fhianaise oibiachtúil ar bhearnú luach sócmhainne, aithnítear an caillteanas bearnaithe sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim sa bhliain.

(f) Suimeanna Infhaighte

Aithnítear suimeanna infhaighte de réir luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Is soláthar sonrach é soláthar d'fhiacha amhrasacha. Bunaítear é nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an t-Údarás in ann na suimeanna uile atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim.

(g) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim thar thréimhse an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid cothrom thar thréimhse an léasa ach amháin i gcásanna ina bhfuil méaduithe cíosa nasctha leis an ráta ionchais boilscithe. Sna cásanna sin, aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear thar thréimhse an léasa aon dreasachtaí léasa a fhaightear.

(h) Sochair Fostaithe

i) Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar speansas sa bhliain agus cuirtear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana ar áireamh i bhfigiúr na suimeanna iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

ii) Sochair Scoir

Feidhmíonn Údarás Craolacháin na hÉireann scéim sochar sainithe scoir. Tá socrú i bhfeidhm ag an Údarás leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil faoina gcúiteofar leis an Údarás gach airgead a bheidh de dhíth chun na hoibleagáidí sochar scoir a ghlanadh nuair a bheidh siad dlite. Mar chúiteamh air sin, ceanglaítear ar an Údarás suim is comhionann le ranníocaíochtaí na bhfostaithe don bhliain a íoc leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, móide ranníocaíocht ón bhfostóir ag rátaí a shocróidh an Roinn Airgeadais.

Muirearaítear costais sochar scoir ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim agus cuimsíonn siad an ranníocaíocht ón bhfostóir i leith na bliana.

Léiríonn na dliteanais sochar scoir luach láithreach na n-íocaíochtaí sochar scoir amach anseo atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Sócmhainn is comhionann leis an dliteanas sin agus is ionann agus na suimeanna a bheidh le haisíoc i dtréimhsí amach anseo ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil le haghaidh pinsean de réir mar a bheidh siad dlite le híoc, aithnítear í bunaithe ar an socrú um maoiniú sochar scoir atá i bhfeidhm.

Dliteanais sochar scoir atá léirithe ag luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte ag foireann an Údaráis go dtí seo, tomhaistear iad ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid. Léiríonn costais sochar scoir na sochair scoir atá tuillte ag foireann an Údaráis sa tréimhse. Léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí sochar scoir fostaithe, a gcoinníonn an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil iad. Meastar an tsuim a chuirfear ar áireamh sna ráitis airgeadais le haghaidh shuim an Mhaoinithe Iarchurtha Sochar Scoir ón Státchiste mar shuim atá cothrom le meastachán na hoibleagáide le haghaidh dhliteanais na scéime sochar scoir.

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus ó bharrachas agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach le haghaidh na bliana ina dtarlaíonn siad. Aithnítear coigeartú comhfhreagrach san iarmhéid le haghaidh Maoiniú Iarchurtha Pinsin ón Státchiste.

Tháinig an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, isteach sa dlí an 28 Iúil 2012. Tugadh Scéim Pinsean Aonair nua na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair") isteach leis an Acht, scéim ar cuireadh tús léi le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Is baill den Scéim

Aonair iad gach fostaí nua in Údarás Craolacháin na hÉireann a chuaigh isteach san Earnáil Phoiblí den chéad uair an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh.

(i) Cuntas Caipitil

Léirítear sa Chuntas Caipitil an tsuim ioncaim gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

(j) Airgeadraí Eachtracha

Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú go euro agus taifeadtar iad ag an ráta malairte atá i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheart. Aistrítear na sócmhainní agus na dliteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe.

(k) Cánachas

Níl an t-Údarás faoi dhliteanas i leith Cáin Chorparáide. Bíonn an t-ioncam a bhailíonn an t-Údarás faoi réir CBL.

(l) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i gcion ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an leatháin tuairiscithe agus ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus costas sa bhliain. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh torthaí iarbhír bheith difriúil leis na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Gnóthas Leantach

Níl aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas Údarás Craolacháin na hÉireann a dhliteanais a íoc de réir mar a bheidh siad dlite agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn sin, measann Údarás Craolacháin na hÉireann go bhfuil sé cuí ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní chuirtear ar áireamh sna ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar shuimeanna glanluacha ná ar rangú sócmhainní agus dliteanas a d'fhéadfadh teacht aníos mura mbeadh Údarás Craolacháin na hÉireann in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Bearnú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh

Déantar Sócmhainní Seasta Inláimhsithe atá faoi réir amúchadh a athbhreithniú i leith bearnú i gcás ina léiríonn eachtraí nó athruithe i gcúinsí nach bhféadfaí an tsuim ghlanluacha a aisghabháil. Aithnítear caillteanas bearnaithe de réir na difríochta idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus suim in-aisghabhála na sócmhainne, fad is mó an tsuim ghlanluacha ná an tsuim in-aisghabhála. Is é an tsuim in-aisghabhála an ceann is airde de luach cóir na sócmhainne lúide an costas díola agus luach úsáide na sócmhainne. Chun críche bearnú a mheasúnú, grúpáiltear sócmhainní ag na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid atá sainaitheanta ar leithligh (aonaid ghiniúna airgid). Déantar sócmhainní neamhairgeadais a bearnaíodh a athbhreithniú ar mhaithe le haisiompú féideartha a dhéanamh ar an mbearnú ag gach dáta tuairiscithe.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Rinne an t-Údarás athbhreithniú ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha bainteacha gach ranga sócmhainne seasta agus, go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha na ndaingneán agus an fheistis. Tháinig sé ar an gconclúid gur cuí atá saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

Soláthar d'Fhiacha Amhrasacha

Déanann an t-Údarás meastachán ar luach in-aisghabhála na bhféichiúnaithe agus na suimeanna infhaighte eile. Úsáideann an t-Údarás meastacháin atá bunaithe ar thaithí stairiúil agus é ag déanamh amach leibhéal na bhfiach a bhféadfadh nach mbeifí in ann iad a bhailiú. Áirítear leis na meastacháin sin tosca amhail rátáil reatha an fhéichiúnaí, próifíl aosaithe na bhféichiúnaithe agus an taithí stairiúil. Is ar bhonn leanúnach a athbhreithnítear leibhéal an tsoláthair a theastaíonn. Tugtar luach cóir na bhféichiúnaithe sna ráitis airgeadais mar gharmheastachán ar a suim ghlanluacha.

Soláthairtí

Déanann an t-Údarás soláthairtí d'oibleagáidí dlíthiúla agus cuiditheacha is eol dó a bheith amuigh ag dáta dheireadh na tréimhse. De ghnáth, déantar na soláthairtí bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ar fhaisnéis ábhartha eile, arna gcoigeartú le haghaidh treochtaí le déanaí nuair is cuí. Mar sin féin, is meastacháin iad ar na costais airgeadais a bhaineann le teagmhais nach bhféadfadh teacht aníos go ceann roinnt blianta. Mar thoradh air sin agus ar an leibhéal éiginnteachta atá ag baint leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh gur mhó i bhfad idir an toradh iarbhír agus an meastachán.

Oibleagáid Sochar Scoir

Maidir leis na toimhdí is bunús leis na luachálacha achtúireacha ar ina leith a chinntear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí a bhaineann le treochtaí i gcostais chúram sláinte), nuashonraítear iad gach bliain bunaithe ar dhálaí reatha geilleagracha agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo dul i bhfeidhm ar na toimhdí:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin;

(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo; agus

(iii) rátaí a bhaineann le treochtaí i gcostais chúram sláinte, ráta an bhoilscithe de bharr costais leighis sna réigiúin ábhartha.

Maoiniú iarchurtha pinsin

Is bunaithe ar roinnt teagmhais roimhe a aithníonn an t-Údarás suimeanna atá dlite ón Stát don dliteanas neamh-mhaoinithe iarchurtha pinsin. I measc na dteagmhas sin, tá an tacaíocht reachtúil don scéim aoisliúntais agus an beartas agus an cleachtas maidir le pinsin san earnáil phoiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear an próiseas meastachán bliantúil. Cé nach ann d'aon chomhaontú foirmiúil agus, dá bhrí sin, nach ann d'aon ráthaíocht, i dtaca leis na suimeanna ar leith sin leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, níl aon fhianaise ag an Údarás nach leanfaidh an beartas maoinithe seo le freastal ar an tsuim seo de réir an chleachtais reatha.

2 Tobhach

Ceanglaítear ar an Údarás le halt 33 den Acht Craolacháin 2009 na caiteachais arna dtabhú go cuí i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna ag an Údarás agus ag na coistí reachtúla a aisghabháil trí thobhach nó muirear a fhorchur ar chraoltóirí seirbhíse poiblí agus ar chonraitheoirí craolacháin. Leagtar amach in Ionstraim Reachtúil Uimh. 7 de 2010, an t-Ordú Tobhaigh um an Acht Craolacháin 2009 (alt 33), 2010 ('an t-Ordú Tobhaigh'), na téarmaí a bhaineann leis an Tobhach seo, lena n-áirítear modh an ríofa.

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le halt 33 den Acht Craolacháin 2009, d'fhoilsigh an t-Údarás an t-Ordú Tobhaigh an 22 Eanáir 2010. Tháinig an t-Ordú Tobhaigh i bhfeidhm an 17 Eanáir 2010.

Ba é €4,870,834 an tsuim a gearradh mar thobhach ar chraoltóirí sa bhliain 2016. Áiríodh leis an tsuim sin ús arbh fhiú €4,659 é. Bhí an ghlansuim bunaithe ar chaiteachas buiséadaithe an Údaráis chun críocha tobhaigh don bhliain 2016 agus ar ioncam cáilitheach na gcraoltóirí don bhliain 2015. Gach bliain, déanann an t-Údarás réiteach tobhaigh chun an tsuim a ghearrtar mar thobhach ar chraoltóirí a chur i gcomparáid leis an muirear tobhaigh iarbhír. Déantar an réiteach sin nuair atá caiteachas an Údaráis chun críocha tobhaigh don bhliain 2016 ceadaithe agus nuair atá a n-ioncam cáilitheach iarbhír don bhliain 2014 curtha ar fáil ag craoltóirí. Eisítear sonrasc nó nóta creidmheasa do chraoltóirí ina dhiaidh sin i leith an choigeartaithe.

Ba le linn na bliana 2016, a rinneadh na próisis réitigh thobhaigh don bhliain 2015. Ba é €609,000 an tobhach iomlán a aisíocadh le craoltóirí. Aithníodh an tsuim sin sna Ráitis Airgeadais don bhliain 2015. Tá aisíocaíocht €704,000 dlite do chraoltóirí maidir leis an mbliain tobhaigh 2016. Aithníodh an tsuim sin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim don bhliain 2016.

3 Táillí Ceadúnúcháin

	2016	2015
	€ '000	€ '000
Teilifís	29	28
	29	**28**

4 Ioncam Eile

	2016	2015
	€ '000	€ '000
Ioncam Cíosa	-	80
Ioncam Eile	757	750
	757	**830**

Baineann ioncam eile is fiú €757,399 le caiteachas a thabhaigh Údarás Craolacháin na hÉireann. Athmhuirearaíodh an t-ioncam sin ar an gCiste Craolacháin. Áirítear leis sin: tuarastail is fiú €439,140 (2015: €440,504), forchostais ghinearálta is fiú €181,169 (2015: €174,211), ranníocaíocht urraíochta is fiú €70,610 (2015: €57,150) leis an gCiste Craolacháin, táillí ceadúnas TF agus táillí tacaíochta TF is fiú €53,480 (2015: €66,049) agus comhairle infheistíochta is fiú €13,000 (2015: €12,223).

5 Costais Foirne

(a) Pá agus Tuarastail

	2016	2015
	€ '000	€ '000
Pá agus Tuarastail	1,893	1,713
Costais Leasa Shóisialaigh	142	128
	2,035	**1,841**

Rinneadh asbhaintí €82,458 (2015: €97,877) a bhaineann le pinsin as tuarastail na foirne le linn na bliana. Cuireadh na hasbhaintí sin chuig an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Áiríodh le Costais Foirne sa bhliain 2016 suim €439,140 (2015: €440,504) a athmhuirearaíodh ar an gCiste Craolacháin. Tá an tsuim sin aitheanta in Ioncam Eile.

Bhí ceathrar (2015: cúigear) a d'oibrigh in BAI sa bhliain 2016 fostaithe ag gníomhaireachtaí. Le linn na bliana, rinne triúr de na daoine sin iarratas ar phoist lánaimseartha san eagraíocht agus d'éirigh leo na poist a fháil. Ag deireadh na bliana, bhí ball foirne páirtaimseartha gníomhaireachta amháin fostaithe in BAI. B'ionann an t-ollchostas do BAI i leith an phearsanra gníomhaireachta sa bhliain 2016 agus €95,880 (2015: €171,895).

Bhí an meánlíon daoine a bhí fostaithe ag an Údarás (gan pearsanra gníomhaireachta a áireamh) le linn na bliana mar seo a leanas:

	2016	2015
An Fhoireann Ardbhainistíochta	7.50	7.40
Foireann Eile	26.81	22.97
Coibhéis Lánaimseartha Iarbhír	**34.31**	**30.37**
An Creat Rialaithe Fostaíochta (CRF) amhail an 31 Nollaig 2016	**35**	**35**

(b) Miondealú ar Shochair Fostaithe

Raon na sochar fostaithe iomlán Ó Go dtí	2016	2015
€60,000 – €69,999	4	5
€70,000 – €79,999	3	3
€80,000 – €89,999	–	–
€90,000 – €99,999	1	1
€100,000 – €109,999	–	–
€110,000 – €119,999	1	1

6 Táillí Comhairleachta

	2016 € '000	2015 € '000
Iniúchóireacht agus Faireachán	56	27
Beartais, Cóid agus Rialacha	295	292
Comhairleacht Ghinearálta	227	165
Seirbhísí d'Fheidhm Airgeadais BAI	55	85
	632	**569**

7 Costais Riaracháin

	2016 € '000	2015 € '000
Taisteal agus Cothú	53	46
Acmhainní Daonna	103	68
Teileafón agus Postas	35	30
Costais Oifige	175	153
Cleamhnachtaí Gairmiúla agus Síntiúis	20	21
Teicneolaíocht Faisnéise	104	162
	490	**480**

Sa bhliain 2016, tá costais taistil eachtraigh €33,657 (2015: €25,880) ar áireamh i gcostais Taistil agus Chothaithe. Tá costais €9,208 (2015: €15,705) ar áireamh i Speansais Oifige. Is le costais lónadóireachta don fhoireann a bhaineann na costais sin go príomha.

8 Íocaíochtaí Deontais agus Forbartha

	2016 € '000	2015 € '000
Maoiniú Líonra	292	248
An Scéim um Nuálaíocht Chraolacháin	58	23
Urraíocht	141	114
	491	**385**

9 Costais Áitribh agus Costais Ghaolmhara

	2016	2015
	€ '000	€ '000
Cíos, Rátaí, Muirir Sheirbhíse agus Cothabháil Foirgnimh	666	771
Diúscairt an Léasa ar Marine House (féach nóta 19)	–	286
Slándáil agus Glantachán	79	82
Solas agus Teas	18	21
	763	**1,160**

10 Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

	Iomlán	Trealamh Ríomhaireachta	Trealamh Oifige	Daingneáin agus Feisteas	Feabhsúcháin Léasachta	Trealamh Teicniúil	Mótar-fheithiclí
Costas	**€ '000**	**€ '000**	**€ '000**	**€ '000**	**€ '000**	**€ '000**	**€ '000**
Amhail an 31.12.2015	**4,005**	**367**	**94**	**683**	**2,628**	**173**	**60**
Breiseanna	15	13	–	–	2	–	–
Diúscairtí	(30)	(30)	–	–	–	–	–
Amhail an 31.12.2016	**3,990**	**350**	**94**	**683**	**2,630**	**173**	**60**
Dímheas							
Amhail an 31.12.2015	**3,932**	**347**	**90**	**672**	**2,597**	**166**	**60**
Muirear don Bhliain	38	16	2	6	8	6	–
Diúscairtí	(30)	(30)	–	–	–	–	–
Amhail an 31.12.2016	**3,940**	**333**	**92**	**678**	**2,605**	**172**	**60**
Glanluach Leabhar							
Amhail an 31.12.2016	**50**	**17**	**2**	**5**	**25**	**1**	**–**
Amhail an 31.12.2015	**73**	**20**	**4**	**11**	**31**	**7**	**–**

11 Suimeanna Infhaighte

	2016	2015
	€ '000	€ '000
Féichiúnaithe	892	494
Réamhíocaíochtaí	174	164
An Ciste Craolacháin	10	107
Eile	–	17
	1,076	**782**

Tá luach cóir na bhféichiúnaithe agus na réamhíocaíochtaí tugtha mar gharmheastachán ar a suim ghlanluacha. Tá gach fiach dlite laistigh de bhliain amháin. Tá féichiúnaithe léirithe glan ar bhearnú i leith fiacha amhrasacha.

12 Taiscí Gearrthéarmacha

	2016	2015
	€ '000	€ '000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	278	278
Breiseanna	–	1
Aistarraingtí	–	–
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**278**	**278**

13 Suimeanna iníoctha (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)

	2016	2015
	€ '000	€ '000
Creidiúnaithe Trádála	28	50
An Tobhach atá in-aisíoctha le Craoltóirí	704	609
Ranníocaíochtaí Aoisliúntais atá iníoctha leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil	74	93
Fabhruithe	343	328
Na Coimisinéirí Ioncaim	267	306
Eile	103	136
	1,519	**1,522**

Tá cáin agus árachas sóisialach faoi réir ghnáth-théarmaí na reachtaíochta ábhartha. Fabhraítear ús ar íocaíochtaí déanacha. Ní raibh aon ús dlite ag dáta dheireadh na bliana airgeadais. Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar chonarthaí bunúsacha. Maidir leis na suimeanna eile atá ar áireamh laistigh de chreidiúnaithe agus nach bhfuil nochtadh sonrach nóta ag gabháil leo, tá siad neamhurraithe, saor ó ús agus iníoctha ar éileamh.

14 Saoráid Iasachta

Sa bhliain 2016, de bhun alt 35 den Acht Craolacháin 2009, fuair an t-Údarás cead le haghaidh saoráid iasachta €1 milliún le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Bhí an tsaoráid sin ag teastáil chun an t-Údarás a chumasú bainistiú a dhéanamh ar a riachtanais sreafa airgid athagann as difríochtaí in uainiú fháil an ioncaim thobhaigh (a shonrasctar ar bhonn ráithiúil i riaráiste) agus ar na costais a bhíonn dlite ar fud na bliana. Ní dhearnadh aon íostarraingtí ón tsaoráid sin sa bhliain. (2015: nialas).

15 Soláthar do Dhliteanais

	2016	2015
	€ '000	**€ '000**
Géilleadh an Léasa ar Marine House	**75**	**150**

Ag a chruinniú an 10 Meán Fómhair 2015, chomhaontaigh an t-Údarás le togra ón tiarna talún an léas ar Marine House, Cúirt Chlann Liam, a cheannach ar ais. Mar chuid de théarmaí ghéilleadh an léasa, d'íocfadh BAI suim €286,024 leis an tiarna talún thar thréimhse trí bliana. Ba iad na tráthchodanna a comhaontaíodh ná €136,204 faoin 31 Nollaig 2015, €75,000 faoin 30 Meitheamh 2016 agus €75,000 faoin 31 Aibreán 2017. Ba sna ráitis airgeadais don bhliain 2015 a rinne an t-Údarás soláthar do na tráthchodanna do na blianta 2016 agus 2017.

16 Cuntas Caipitil

	2016	2015
	€ '000	**€ '000**
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	73	70
Aistriú (chuig an)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:		
Maoiniú Breiseanna Sócmhainne	15	47
Amúchadh i gcomhréir le Dímheas Sócmhainní	(38)	(43)
Aistriú (chuig an)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	**(23)**	**3**
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**50**	**73**

17 Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Le litir dar dáta an 13 Deireadh Fómhair 2009, rinne an t-Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha an tUasal Michael O'Keeffe, Príomhfheidhmeannach ar Choimisiún Craolacháin na hÉireann, a cheapadh chuig an bpost mar Phríomhfheidhmeannach Eatramhach ar Údarás Craolacháin na hÉireann de bhun alt 14(7) den Acht Craolacháin 2009. Mhairfeadh an ceapachán tréimhse aon bhliana dar tús an 1 Deireadh Fómhair 2009 agus dar críoch an 30 Meán Fómhair 2010. An 15 Feabhra 2010, chuaigh an Príomhfheidhmeannach Eatramhach agus Údarás Craolacháin na hÉireann isteach i gconradh fostaíochta lena gcuimseofaí an tréimhse sin.

Le litir dar dáta an 30 Meán Fómhair 2010, thug an t-Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ceadú i bprionsabal chun an Príomhfheidhmeannach Eatramhach a cheapadh chuig an bpost mar Phríomhfheidhmeannach ar Údarás Craolacháin na hÉireann de bhun alt 14(12) den Acht Craolacháin 2009. Mhairfeadh an ceadú i bprionsabal tréimhse dhá bhliain go leith dar tús an 1 Deireadh Fómhair 2010. Bhí an ceadú faoi réir téarmaí agus coinníollacha chonradh nua fostaíochta an Uasail O'Keefe a bheith á gceadú ag an Aire. Bhí an ceadú sin faoi réir thoiliú an Aire Airgeadais freisin de bhun alt 14(5) d'Acht 2009.

Níor tugadh an conradh fostaíochta idir an Príomhfheidhmeannach agus Údarás Craolacháin na hÉireann i gcrích go fóill.

Thabhaigh BAI táillí dlí €1,710 i dtaca leis an ábhar sin sa bhliain 2016. B'ionann agus €11,506 na táillí iomlána a bhí tabhaithe ag BAI suas go deireadh na bliana 2016.

Fostaíodh an Príomhfheidhmeannach ar ráta €113,510 (2015: €113,510) in aghaidh na bliana. B'ionann agus €113,119 (2015: €113,119) luach saothair iomlán an Phríomhfheidhmeannaigh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016. Rinne an fostóir ranníocaíocht aoisliúntais €18,854 (2015:

€18,854) freisin. Ní théann teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh thar theidlíochtaí caighdeánacha Scéim Eiseamláireach na hEarnála Poiblí. Níor íocadh aon bhónas leis an bPríomhfheidhmeannach i mbliana.

B'ionann agus €7,807 (2015: €5,190) na costais taistil agus chothaithe a íocadh leis an bPríomhfheidhmeannach nó a íocadh thar a cheann sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016.

18 Rialachas Corparáideach

Bunaíodh an t-Údarás de bhun fhorálacha an Achta Craolacháin 2009. Is comhlacht corpraithe le comharbas suthain agus séala é. Tá cumhacht agartha aige agus tá sé inagartha agus tá cumhacht aige talamh agus maoin eile a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt.

Is comhlacht neamhthráchtála leathstáit é an t-Údarás.

Tá rún daingean ag Comhaltaí an Údaráis na caighdeáin is airde a bhaint amach ó thaobh rialachais chorparáidigh de. D'fhorbair an t-Údarás beartas rialachais chorparáidigh dá dtagraítear 'Cód Iompair Ghnó BAI'. Tá an Cód sin bunaithe ar an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit arna fhoilsiú ag an Roinn Airgeadais sa bhliain 2009.

Is é an Rialtas a cheapann na Comhaltaí den Údarás ar iad a bheith ainmnithe ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil faoi alt 8 den Acht Craolacháin 2009. Beidh siad i seilbh oifige ar cibé téarmaí a chinnfidh an t-Aire tráth an cheapacháin. Is é an t-Aire a chinneann luach saothair Chomhaltaí an Údaráis. Níl aon bhaint ann idir an luach saothair sin agus feidhmíocht. Tá an luach saothair nochta sa nóta seo.

Tá an t-Údarás cuntasach don Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil i leith dea-rialachas corparáideach a bhaint amach.

Comhaltaí BAI

D'íoc an t-Údarás táillí agus speansais le Comhaltaí an Údaráis agus le Comhaltaí an Choiste um Chomhlíonadh agus an Choiste um Dheonú Conarthaí nó thar a gceann i gcomhréir le rialacháin agus le ciorcláin na Roinne Airgeadais. Chuir an t-Údarás an cinneadh ón Rialtas an 20 Meitheamh 2006 maidir le táillí do chomhaltaí de chomhlachtaí Stáit i bhfeidhm sa bhliain. Is iad seo a leanas na táillí agus na speansais a íocadh le Comhaltaí an Údaráis, le Comhaltaí an Choiste um Chomhlíonadh, le Comhaltaí an Choiste um Dheonú Conarthaí agus le Comhaltaí an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca nó thar a gceann. Tá tinreamh na gComhaltaí ar chruinnithe leagtha amach thíos freisin.

	Táillí	Speansais	Tinreamh
Comhaltaí an Údaráis	**€**	**€**	
Pauric Travers	8,978	299	11/11
Alan McDonnell	5,985	83	11/11
Clare Duignan*	3,298	10	5/5
Grace Smith	5,985	–	10/11
Seamus Martin	5,985	–	10/11
Denis Wolinski	5,985	3,358	7/11
Sean Ó Mordha	5,985	–	11/11
Rosemary Day	–	4,439	10/11
Maeve McDonagh	–	2,201	10/11

An Coiste um Chomhlíonadh	Táillí €	Speansais €	Tinreamh
Patrick Gageby	8,978	–	10/10
Nigel Heneghan	5,985	–	9/10
Paula Mullooly	5,985	–	10/10
Rosemary Day	–	2,638	8/10
Maeve McDonagh	–	522	8/10
Ciarán Kissane	–	–	9/10
Anne O'Brien	–	–	8/10

An Coiste um Dheonú Conarthaí	Táillí €	Speansais €	Tinreamh
Ercus Stewart	8,978	306	11/12
Eimer McGovern	5,985	–	10/12
John Hogan	5,985	1,361	11/12
Anne O'Brien*	4,023	–	6/8
Grace Smith	–	–	11/12
Seamus Martin	–	–	11/12
Celene Craig	–	–	12/12
Neil O'Brien	–	–	12/12

An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca	Fees €	Expenses €	Attendance
Alan McDonnell	–	–	5/6
Clare Duignan*	–	–	2/2
Sean Ó Mordha	–	–	6/6
Robert Kelly	–	–	5/6
Denis Wolinski**	–	–	0/2
Iomlán	**88,120**	**15,217**	

*Chuaigh an comhalta seo ar scor le linn na bliana

** Ceapadh Denis Wolinski chun áit Clare Duignan a ghlacadh roimh an dá chruinniú dheireanacha de chuid an Choiste sa bhliain 2016

B'ionann agus €38,249 (2015: €18,362) na speansais iomlána, lena n-áirítear na speansais thuas, a íocadh i leith fheidhmiú an Údaráis agus na gCoistí Reachtúla sa bhliain 2016.

Duine Amháin, Tuarastal Amháin

I gcás na gcomhaltaí arna gceapadh chuig an Údarás reatha, d'iarr an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ar na comhaltaí atá ag teacht isteach a fhéindhearbhú cé acu a bhí nó nach raibh siad faoi réir na gceanglas um Dhuine Amháin, Tuarastal Amháin. Ar bhonn na n-aighneachtaí a fuarthas, tugadh ordú do BAI gan aon luach saothair a íoc le beirt chomhaltaí den Údarás reatha i dtaca lena gcomhaltas den Údarás nó de Choistí Reachtúla BAI.

Idirbhearta a Nochtadh

I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh BAI deonú conarthaí agus deontas a cheadú do ghnóthais ina bhfuil comhaltaí den Údarás agus/nó de Choistí fostaithe nó ina bhfuil leas ag na comhaltaí sin ar shlí eile.

Tá nósanna imeachta glactha ag an Údarás i gcomhréir le forálacha an Achta Craolacháin 2009 agus leis na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais i ndáil le nochtadh leasanna ag comhaltaí den Údarás agus/nó de Choistí. Chloígh

an t-Údarás leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana.

Sa bhliain 2016, d'fhógair na comhaltaí seo a leanas den Údarás agus/nó de Choistí coinbhleacht leasa sna nithe seo a leanas:

- An Dr Anne O'Brien, an Coiste um Dheonú Conarthaí
  - Conradh craolacháin fuaime pobail: an t-iarratas ó Liffey Sound Communications Cooperative Society Limited
- Maeve McDonagh, an Coiste um Chomhlíonadh
  - Athbhreithniú Feidhmíochta – UCC 98.3 (Seirbhís raidió pobail chomhleasa atá dírithe ar mhic léinn i gCathair Chorcaí)
- Nigel Heneghan, an Coiste um Chomhlíonadh
  - Gearán ón gComhaontas Glas maidir le Díospóireachtaí Olltoghcháin ar RTÉ
  - Gearán ón gComhghuaillíocht Neamhspleách maidir le Díospóireachtaí Olltoghcháin agus le Craoltaí Páirtí Polaitíochta ar RTÉ; agus
  - Uimhir Thagartha Gearáin 62/16 – Newstalk 106-108: Am lóin: an 10 Bealtaine 2016
- Rosemary Day, an Coiste um Chomhlíonadh
  - Athbhreithniú Feidhmíochta – Wired FM (Seirbhís raidió pobail chomhleasa atá dírithe ar mhic léinn i gCathair Luimnigh)

Paula Mullooly, an Coiste um Chomhlíonadh

- Uimhir Thagartha Gearáin 62/16 – Newstalk 106-108: Am lóin: an 10 Bealtaine 2016

Rosemary Day, an t-Údarás

- An Plean Ceadúnúcháin 2016 (a cuireadh i láthair ag cruinniú an Údaráis an 21 Eanáir 2016) Dhearbhaigh Rosemary Day leas sa tseirbhís Pobail Chomhleasa do Chathair Luimnigh agus, dá réir sin, scaoil sí í féin ón bplé agus ón gcinneadh maidir leis an tseirbhís sin.

Maidir le Comhaltaí den Údarás a fhónann mar ainmnithe ón Údarás ar an gCoiste reachtúil um Dheonú Conarthaí, scaoileann siad iad féin mar ghnáthchleachtas ó gach plé agus ó gach cinneadh a bhaineann leis na moltaí a dhéanann an Coiste um Dheonú Conarthaí don Údarás i leith deonú conarthaí.

Chomhlíon BAI forálacha an Achta Craolacháin 2009 agus na treoirlínte ón Roinn Airgeadais maidir le cásanna ina ndearbhaítear leasanna. I ngach cás, níor tugadh don Chomhalta lena mbaineann aon doiciméid maidir leis an iarratas ar cheadúnas, le gearán ná le saincheist a tháinig aníos. Níor ghlac an Comhalta aon pháirt i gcinntí, agus ní raibh sé/sí i láthair nuair a rinneadh cinntí ar an ní, a luaithe a tháinig sé/sí ar an eolas faoin gcoinbhleacht agus/nó a dhearbhaigh sé/sí leas sa ní.

19 Léasanna Oibriúcháin

Áitíonn an t-Údarás áitreabh ag 2-5 Plás Warrington, Baile Átha Cliath 2. Tá léas 20 bliain ag an Údarás ar an áitreabh sin, rud a ndeachaigh sé isteach ann sa bhliain 2001. Rinneadh athbhreithniú cíosa cúig bliana sa bhliain 2006 i leith na tréimhse dar tús an 8 Nollaig 2006. Faoin léas seo, rinneadh íocaíochtaí cíosa arbh fhiú €477,000 iad sa bhliain 2016 (2015: €477,000).

Bhí léas ag an Údarás freisin ar an 2ú hUrlár, Marine House, Plás Chlann Liam, Baile Átha Cliath 2. Chuathas isteach sa léas sin sa bhliain 1989 ar feadh tréimhse 35 bliana. Rinneadh athbhreithniú cíosa cúig bliana i mí na Bealtaine 2010 i leith na tréimhse dar tús an 1 Samhain 2009. Ag a chruinniú an 10 Meán Fómhair 2015, chomhaontaigh an t-Údarás le togra ón tiarna talún an léas a cheannach ar ais. Mar chuid de théarmaí ghéilleadh an léasa, d'íocfadh BAI suim €286,024 leis an tiarna talún thar thréimhse trí bliana. Ba iad na tráthchodanna a comhaontaíodh ná €136,204 faoin 31 Nollaig 2015, €75,000 faoin 1 Meitheamh 2016 agus €75,000 faoin 1 Aibreán 2017. Foirceannadh an foléas ar dhiúscairt an cheannléasa an 31 Nollaig 2015. Cuireadh an costas géillte iomlán a bhí iníoctha leis an tiarna talún ar áireamh sna cuntais ag an dáta sin.

Ba é €477,000 (2015: €720,847) an tsuim iomlán a gearradh i leith na léasanna oibriúcháin agus na gcostas gaolmhar sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Ceangaltais Léasa	2016 €	2015 €
Faoi bhun 1 Bhliana	477,000	477,000
Idir 2-5 Bliain	1,908,000	1,908,000
Os cionn 5 Bliana	–	477,000
	2,385,000	**2,862,000**

20 Costais Sochar Scoir

(a) Sochair Scoir

Is comhlacht reachtúil é Údarás Craolacháin na hÉireann, a bunaíodh faoin Acht Craolacháin 2009. Foráiltear le halt 16 den Acht go ndéanfaidh an t-Údarás, faoi réir cheadú an Aire, scéim nó scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú do bhaill foirne an Údaráis agus ina leith. Maidir leis an Scéim Aoisliúntais agus an Scéim Pinsean do Chéilí agus Leanaí (ar gnéithe éigeantacha iad de bhallraíocht den phríomhscéim) atá i bhfeidhm ag Údarás Craolacháin na hÉireann, tá siad á n- oibriú ar bhonn riaracháin go dtí go gceadóidh an t-Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil go foirmiúil iad le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Soláthraítear leis an gcéad scéim díobh sochair scoir (i bhfoirm cnapshuime agus pinsin) do bhaill foirne, mar aon le sochair aisce báis i ndáil le bás le linn seirbhíse. Soláthraítear leis an dara scéim díobh sochair phinsin do na céilí agus do na leanaí cleithiúnacha a mhaireann i ndiaidh baill éagtha. Tá an dá scéim ina scéimeanna sochair shainithe neamh-mhaoinithe aoisliúntais.

Mar atá mínithe sa bheartas cuntasaíochta, déanann Údarás Craolacháin na hÉireann ranníocaíocht bhliantúil leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Tá sé geallta ag an Roinn go soláthróidh sí maoiniú don Údarás chun sochair scoir a íoc de réir mar a bheidh siad dlite. Rinne an t-Údarás an chóir agus an nochtadh a cheanglaítear le FRS102 a oiriúnú chun na socruithe atá i bhfeidhm a léiriú.

B'ionann an dliteanas pinsin ag an 31 Nollaig 2016 agus €10,476,000. Faoin socrú atá i bhfeidhm, déanfaidh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil dliteanas pinsin an Údaráis a aisíoc ina iomláine de réir mar a bheidh an dliteanas sin le híoc. Is mar shócmhainn ar leith a aithníonn an t-Údarás an ceart atá aige chun aisíocaíochta.

Tá na torthaí leagtha amach thíos bunaithe ar luach achtúireach ar na dliteanais phinsin i leith fhoireann an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2016. Ba é achtúire cáilithe neamhspleách a rinne an luacháil sin.

(b) Na Príomhthoimhdí Achtúireacha

Bhí na príomhthoimhdí achtúireacha mar a leanas:	2016	2015
Ráta méadaithe ar thuarastail	2.81%	2.65%
Ráta méadaithe ar phinsin atá á n-íoc	2.31%	2.15%
Ráta Lascaine	1.83%	2.25%
Ráta Boilscithe	1.81%	1.65%

Cuirtear feabhsúcháin ar an ionchas saoil le himeacht aimsire san áireamh sa bhonn mortlaíochta a glacadh. Mar sin, beidh an t-ionchas saoil tráth a rachaidh ball foirne ar scor ag brath ar an mbliain ina mbainfidh an ball an aois scoir amach (65 bliana d'aois). Léirítear sa tábla thíos ionchas saoil na mball a bheidh ag baint 65 bliana d'aois amach sna blianta 2016 agus 2036.

Bliain ina mbainfear 65 bliana d'aois amach	2016	2036
Ionchas saoil - fear	21.1	23.6
Ionchas saoil - bean	23.6	25.7

(c) Anailís ar Chostais Iomlána Sochar Scoir

Tá na nithe seo a leanas ar áireamh sna costais iomlána sochar scoir a muirearaíodh ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim i leith costais sochar scoir:

	2016	2015
	€ '000	€ '000
Ranníocaíocht ón bhFostóir a íocadh leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil	254	264
Costas seirbhíse reatha	481	492
Ús ar dhliteanais na scéime sochar scoir	193	154
Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha sochar scoir	(674)	(646)
	254	**264**

(d) Gluaiseacht sna glanoibleagáidí sochar scoir le linn na bliana airgeadais

	2016	2015
	€ '000	€ '000
Iarmhéid tosaigh	7,575	7,020
Costas seirbhíse reatha	481	492
Ús ar dhliteanais na scéime sochar scoir	193	154
Caillteanas/(Gnóthachan) Achtúireach	2,249	(91)
Sochair a íocadh	(22)	—
An ghlanoibleagáid sochar scoir amhail an 31 Nollaig	**10,476**	**7,575**

(e) Stair na ndliteanas scéime agus na (ngnóthachan)/gcaillteanas ó thaithí

	An bhliain airgeadais dar críoch				
	2016	2015	2014	2013	2012
	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000
Oibleagáid sochair shainithe	10,476	7,575	7,020	6,566	5,306
Easnamh	(10,476)	(7,575)	(7,020)	(6,566)	(5,306)
Caillteanas/(gnóthachan) ó thaithí ar dhliteanais an phlean	59	(178)	(786)	(147)	(622)
Gnóthachain ó thaithí mar chéatadán de dhliteanais an phlean	(0.6%)	(2.3%)	(11.2%)	(2.2%)	(11.7%)

21 Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ann amhail an 31 Nollaig 2016.

22 Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an t-Údarás na ráitis airgeadais ag a chruinniú an 22 Meitheamh 2017.

AN CISTE CRAOLACHÁIN RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2016

CONTENTS

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí 78

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 79

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim 80

Ráiteas faoin Staid Airgeadais 81

Ráiteas faoi Shreafaí Airgid 82

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 83

RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ

De bhun théarmaí an Achta Craolacháin 2009, tá Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) freagrach as bainistiú agus rialú an Chiste. Tá sé freagrach freisin as ráitis airgeadais an Chiste don bhliain ón 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2016 a ullmhú chun léargas fírinneach cóir a thabhairt ar staid chúrsaí an Chiste amhail an 31 Nollaig 2016 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain dar críoch an dáta sin.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Ciste ag feidhmiú; agus
- A lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach as an méid seo a leanas:

Taifid chuí chuntasaíochta a choimeád lena nochtar le cruinneas réasúnach aon tráth staid airgeadais an Chiste agus lena gcuirtear ar a chumas deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 157(8) den Sceideal a ghabhann leis an Acht Craolacháin 2009 agus go bhfuil siad i bhfoirm arna ceadú ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

- Sócmhainní an Chiste a chosaint agus bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

An t-Ollamh Pauric Travers
Cathaoirleach
23 Meitheamh 2016

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
23 Meitheamh 2016

Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

Broadcasting Fund

I have audited the financial statements of the Broadcasting Fund for the year ended 31 December 2016 under the Broadcasting Act 2009. The financial statements comprise the statement of income and expenditure and retained revenue reserves, the statement of financial position, the statement of cash flows and the related notes. The financial statements have been prepared in the form prescribed under Section 157 of the Broadcasting Act 2009, and in accordance with generally accepted accounting practice.

Responsibilities of the Broadcasting Authority of Ireland

The Broadcasting Authority of Ireland is responsible for the preparation of the financial statements, for ensuring that they give a true and fair view and for ensuring the regularity of transactions.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

My responsibility is to audit the financial statements and to report on them in accordance with applicable law.

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation.

My audit is carried out in accordance with the International Standards on Auditing (UK and Ireland) and in compliance with the Auditing Practices Board's Ethical Standards for Auditors.

Scope of audit of the financial statements

An audit involves obtaining evidence about the amounts and disclosures in the financial statements, sufficient to give reasonable assurance that the financial statements are free from material misstatement, whether caused by fraud or error. This includes an assessment of

- whether the accounting policies are appropriate to the Broadcasting Fund's circumstances, and have been consistently applied and adequately disclosed
- the reasonableness of significant accounting estimates made in the preparation of the financial statements, and
- the overall presentation of the financial statements.

I also seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit.

In addition, I read the Broadcasting Authority of Ireland's annual report to identify material inconsistencies with the audited financial statements and to identify any information that is apparently materially incorrect based on, or materially inconsistent with, the knowledge acquired by me in the course of performing the audit. If I become aware of any apparent material misstatements or inconsistencies, I consider the implications for my report.

Opinion on the financial statements

In my opinion, the financial statements:

- give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Broadcasting Fund as at 31 December 2016 and of its income and expenditure for 2016; and
- have been properly prepared in accordance with generally accepted accounting practice.

In my opinion, the accounting records of the Broadcasting Fund were sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited. The financial statements are in agreement with the accounting records.

Matters on which I report by exception

I report by exception if I have not received all the information and explanations I required for my audit, or if I find

- any material instance where money has not been applied for the purposes intended or where the transactions did not conform to the authorities governing them, or
- the information given in the Broadcasting Authority of Ireland's annual report is not consistent with the related financial statements or with the knowledge acquired by me in the course of performing the audit, or
- there are other material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I have nothing to report in regard to those matters upon which reporting is by exception.

Patricia Sheehan

Patricia Sheehan
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General
30 June 2017

RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ COINNITHE IONCAIM

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2016

	Nóta	2016	2015
Ioncam		**€ '000**	**€ '000**
Deontas ón Oireachtas	**3(a)**	13,657	14,665
Aisíoc Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe	**2**	1	78
Ús Infhaighte		42	90
Iomlán		**13,700**	**14,833**
Caiteachas			
Deontais agus Dámhachtainí	**3(c)**	13,460	10,795
Costais Foirne	**4**	439	441
Táillí Dlí		2	4
Costais Riaracháin	**5**	421	425
Táille Iniúchta		6	6
Costais Mheasúnachta		49	93
Costais Chomhairleachta		31	23
Iomlán		**14,408**	**11,787**
(Easnamh)/Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas		**(708)**	**3,046**
Iarmhéid i dtús na bliana		**21,051**	**18,005**
Iarmhéid ag deireadh na bliana		**20,343**	**21,051**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1–11.

Cheadaigh an t-Údarás na Ráitis Airgeadais an 22 Meitheamh 2017. Shínigh na daoine seo a leanas na Ráitis thar a cheann:

An t-Ollamh Pauric Travers
Cathaoirleach
30 Meitheamh 2017

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
30 Meitheamh 2017

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach
30 Meitheamh 2017

RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS

AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2016

	Nóta	2016	2015
		€ '000	€ '000
Sócmhainní Reatha			
Suimeanna Infhaighte	**8**	11	28
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh		1,186	1,439
Cuntais Taisce	**7**	19,155	19,692
		20,352	21,159
Dliteanais Reatha			
Suimeanna Iníoctha (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	**9**	(9)	(108)
Glansócmhainní		**20,343**	**21,051**
Ionadaithe ag:			
An Ciste Craolacháin		20,343	21,051
		20,343	**21,051**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1–11.

Cheadaigh an t-Údarás na Ráitis Airgeadais an 22 Meitheamh 2017. Shínigh na daoine seo a leanas na Ráitis thar a cheann:

An t-Ollamh Pauric Travers
Cathaoirleach
30 Meitheamh 2017

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
30 Meitheamh 2017

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach
30 Meitheamh 2017

RÁITEAS FAOI SHREAFAÍ AIRGID

	2016 € '000	2015 € '000
Réiteach idir an Barrachas/(Easnamh) Oibriúcháin agus an Glan-Insreabhadh/(Glan-Eis-Sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
(Easnamh)/Barrachas don Bhliain	(708)	3,046
Torthaí ar Infheistíochtaí	(42)	(90)
Laghdú ar Shuimeanna Infhaighte	17	11
(Laghdú) ar Shuimeanna Iníoctha	(99)	(68)
Glan-Insreabhadh/(Glan-Eis-Sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	**(832)**	**2,899**
Ráiteas faoi Shreafaí Airgid		
(Glan-Eis-Sreabhadh)/Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	(832)	2,899
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Ús a Fuarthas	42	90
Suim a Infheistíodh i dTaiscí Gearrthéarmacha	445	(295)
Méadú ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid	**(345)**	**2,694**
Airgead/Coibhéisí Airgid amhail an 1 Eanáir	**12,036**	**9,342**
Airgead/Coibhéisí Airgid amhail an 31 Nollaig	**11,691**	**12,036**

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2016

1. Beartais Chuntasaíochta

Is leagtha amach thíos atá bonn na cuntasaíochta agus na mbeartas tábhachtach cuntasaíochta a ghlacann Údarás Craolacháin na hÉireann i leith an Chiste Craolacháin. Cuireadh i bhfeidhm iad go comhsheasmhach ar fud na bliana agus don bhliain roimhe.

a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an Ciste Craolacháin faoin Acht Craolacháin (Maoiniú) 2003 agus ba é Coimisiún Craolacháin na hÉireann a bhainistigh é roimhe sin. Faoin Acht Craolacháin 2009, aistríodh bainistiú an Chiste chuig Údarás Craolacháin na hÉireann.

b) Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Chiste Craolacháin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 de réir FRS102, rud atá ar an gcaighdeán um thuairisciú airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann.

c) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm arna ceadú ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir alt 157 den Acht Craolacháin 2009.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le Ráitis Airgeadais an Chiste Craolacháin.

d) Ioncam

De bhun alt 156 den Acht Craolacháin 2009, féadfaidh an t-Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, airgead a íoc leis an Údarás as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas chun críocha deontas faoi scéim agus aon riarachán a dhéantar ar scéim nó aon speansais réasúnacha a bhaineann le scéim, i leith gach bliana airgeadais, ar suim í atá comhionann le 7 faoin gcéad de na glanfháltais sa bhliain sin i leith táillí ceadúnas teilifíse.

Ciallaíonn glanfháltais, i ndáil le táillí ceadúnas teilifíse a fuarthas, na fáltais iomlána lúide aon speansais i leith na bhfáltas sin ar dheimhnigh an t-Aire ina dtaobh gur speansais iad a thabhaigh sé nó sí sa bhliain sin i ndáil le bailiú na dtáillí.

Is ar bhonn fáltais airgid a léirítear an t-ioncam sin sna cuntais.

e) Deontais

Gearrtar coinníollacha sonracha a bhaineann le feidhmíocht amach anseo ar na faighteoirí le deontais faoin Scéim um Maoiniú Craolacháin. Ní aithnítear iad mar speansas ach amháin i gcás gur chomhlíon an deontaí na coinníollacha go léir a bhaineann le feidhmíocht atá ceangailte le dámhachtain an deontais. Seasann ceangaltais deontais do cheaduithe maoinithe i gcás go bhfuil na coinníollacha a ghabhann leis an deontas le comhlíonadh fós ag an deontaí.

I gcásanna áirithe, aisíocann an deontaí suimeanna deontais a íocadh i mblianta roimhe sin mar nach bhfuil an deontaí in ann coinníollacha an deontais a chomhlíonadh. Tá an caiteachas deontais a aithnítear sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim glan ar shuimeanna deontais a aisíocadh sa bhliain.

f) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i gcion ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an leatháin tuairiscithe agus ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus costas sa bhliain. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh torthaí iarbhír bheith difriúil leis na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Gnóthas leantach

Níl aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas an Chiste Craolacháin a dhliteanais a íoc de réir mar a bheidh siad dlite agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn sin, measann an Ciste Craolacháin go bhfuil sé cuí ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní chuirtear ar áireamh sna ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar shuimeanna glanluacha ná ar rangú sócmhainní agus dliteanas a d'fhéadfadh teacht aníos mura mbeadh an Ciste Craolacháin in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

2 Aisíoc Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe

	2016 € '000	2015 € '000
Aisíoc Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe	1	78

Cuirtear clásal aisíocaíochta ar áireamh i gconarthaí na Scéime **Fuaim agus Fís** le go mbeifear in ann an deontas a aisíoc mura mbaineann an tionscadal rath tráchtála amach. Léirítear san airgead thuas an chuid de na deontais a aisíocadh i dtaca le léiriú maoinithe amháin sa bhliain.

3. An Scéim um Maoiniú Craolacháin

(a) Faoin Acht Craolacháin 2009, ceanglaítear ar an Údarás scéim nó scéimeanna a ullmhú chun deontais a íoc chun tacú le cláir raidió agus teilifíse áirithe agus chun cartlannú bunábhar clár a tháirgtear sa Stát a fhorbairt, i measc nithe eile. Maoinítear na deontais sin as suim arb ionann í agus 7% de na glanfháltais ó tháillí ceadúnas teilifíse.

(b) Oibríonn BAI dhá Scéim fhormheasta faoi láthair

Is í an Scéim **Fuaim agus Fís 3** ("an Scéim") an chéad cheann de na scéimeanna sin. Ba é an Coimisiún Eorpach a cheadaigh an Scéim ar dtús. Rinne sé amhlaidh don tréimhse 2005-2009 agus ansin don tréimhse 2009-2012. Tagann an Scéim reatha faoi alt 54 den Rialachán Ginearálta Blocdhíolúine (GBER) agus ní theastaíonn ceadú an Choimisiúin Eorpaigh uaithi. Leis an Rialachán seo, clúdaítear cúnamh do scéimeanna le haghaidh oibreacha closamhairc faoi bhun na tairsí €50m sa scéim sa bhliain. I mí Eanáir 2015, cheadaigh an t-Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha an Scéim go dtí deireadh na bliana 2019.

An dara scéim a n-oibríonn BAI í is ea an **Scéim Maoinithe chun Bunábhar Clár a Chartlannú** ("an Scéim um Chartlannú"). Is é is aidhm di maoiniú a sholáthar chun tacú le forbairt ar mhaithe le cartlannú in earnáil chraolacháin na hÉireann a chabhraíonn le hoidhreacht chraolacháin na hÉireann a chaomhnú. Ní bhaineann sí ach le bunábhar clár a craoladh go hiomlán nó go páirteach nó a taifeadadh lena chraoladh ar an raidió nó ar an teilifís agus áirítear leis cláir agus fógraí. Tháinig an Scéim um Chartlannú i bhfeidhm sa bhliain 2012. Reáchtáladh trí bhabhta den Scéim um Chartlannú go dtí seo: ceann amháin sa bhliain 2013, ceann amháin sa bhliain 2014 agus ceann eile sa bhliain 2015. Chuaigh an Scéim as feidhm an 30 Aibreán 2016. De réir alt 158(1) den Acht Craolacháin 2009, thug BAI faoi athbhreithniú ar oibriúchán, ar éifeachtacht agus ar thionchar na Scéime. Bainfear úsáid as tuarascáil ar an athbhreithniú sin chun cabhrú leis an Údarás teacht ar an gcur chuige a ghlacfar i leith Scéim nua um Chartlannú a fhorbairt sa bhliain 2017.

(c) Ceangaltais an Chiste Craolacháin

An Scéim Fuaim agus Fís	**2016**	**2015**
	€ '000	**€ '000**
Figiúr an Cheangaltais Tosaigh	10,538	9,319
Dámhachtainí a deonaíodh	16,653	11,732
Deontais a íocadh	(12,331)	(9,954)
Deontais a aisíocadh	8	1
Deontais a dídhílsíodh	(406)	(560)
Figiúr an Cheangaltais Deiridh	**14,462**	**10,538**

An Scéim um Dhámhachtainí Cartlannaithe	**2016**	**2015**
	€ '000	**€ '000**
Figiúr an Cheangaltais Tosaigh	3,902	3,376
Dámhachtainí a deonaíodh	–	1,361
Deontais a íocadh*	(1,118)	(835)
Deontais a dídhílsíodh	(95)	–
Figiúr an Cheangaltais Deiridh	**2,689**	**3,902**
Iomlán na gCeangaltas Deiridh	**17,151**	**14,440**

4 Costais Foirne

	2016	**2015**
	€ '000	**€ '000**
Pá agus Tuarastail	353	351
Costais Leasa Shóisialaigh	27	31
Costais Phinsin	59	59
	439	**441**

Ní aon fhostaí fostaithe go díreach ag an gCiste Craolacháin. Tá roinnt fostaithe de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann ann, áfach, a chaitheann cuid dá gcuid ama ag obair ar nithe a bhaineann leis an gCiste. Sa bhliain 2016, tá sé sin cothrom le 6.75 de choibhéisí lánaimseartha (2015: 6.75).

5. Administration Costs

	2016	2015
	€ '000	€ '000
Forchostais:		
Cíos agus Rátaí	*105*	*112*
Costais áitribh	*44*	*32*
Costais oifige	*18*	*20*
Oiliúint foirne	*14*	*10*
Fo-iomlán na bhforchostas	181	174
Urraíocht	71	57
Costais dhíreacha:		
Cartlannú Scéim Fuaim agus Fís		
Táillí gairmiúla	*13*	*12*
Feasacht an Phobail	*3*	*17*
Costais cheadúnas TF agus costais tacaíochta	*55*	*66*
Aistriúchán	*1*	*3*
Eile	*4*	*5*
Táillí bainc	*1*	*1*
Fo-iomlán na gcostas díreach	**170**	**194**
Iomlán na gCostas Riaracháin	**421**	**425**

Tá na forchostais a mhuirearaítear ar an gCiste bunaithe ar choibhéis lánaimseartha líon na mball foirne atá ag obair ar an gCiste mar chéatadán (2016: 19.67%, 2015: 21.04%) de líon foirne iomlán BAI sa tréimhse. Comhroinntear costais urraíochta €141,219 (2015: €112,100) go cothrom idir BAI agus an Ciste.

6 Ráiteas faoi Shreafaí Airgid

Réiteach idir an Glansreabhadh Airgid agus an Ghluaiseacht sna Glanchistí	**2016**	**2015**
	€ '000	**€ '000**
Méadú ar airgead/coibhéisí airgid le linn na bliana	(345)	2,694
Airgead a cuireadh i dtaiscí eile/(a aistarraingíodh ó thaiscí eile)	(445)	295
Athrú ar na Glanchistí	(790)	2,989
Glanchistí Tosaigh	21,131	18,142
Glanchistí Deiridh	**20,341**	**21,131**

7. Cuntais Taisce

		2016	2015
		€ '000	€ '000
a)	Taiscí Gearrthéarmacha (aibíocht laistigh de 3 mhí	10,505	10,597
	Taiscí Eile (aibíocht idir 3 mhí agus 12 mhí)	8,650	9,095
		19,155	**19,692**
b)	Cuid de choibhéisí airgid iad taiscí gearrthéarmacha		
	Gluaiseacht i dTaiscí Gearrthéarmacha		
	Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	10,597	8,276
	Breiseanna	1,058	4,729
	Aistarraingtí	(1,150)	(2,408)
	Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**10,505**	**10,597**
c)	Gluaiseacht i dTaiscí Eile		
	Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	9,095	8,800
	Breiseanna	3,355	4,395
	Aistarraingtí	(3,800)	(4,100)
	Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**8,650**	**9,095**

d) De réir mar a cheanglaítear faoi alt 157(4) agus (6) den Acht Craolacháin 2009, déanfar airgead a bheidh chun sochair an chuntais reatha, agus nach mbeidh gá leis faoi chomhair dliteanais reatha, a íoc isteach i gcuntas infheistíochta an Chiste.

Déanfar airgead atá i gcuntas infheistíochta an Chiste, agus nach mbeidh gá leis faoi chomhair dhliteanais reatha agus dhliteanais ionchasacha an chuntais sin, a infheistiú agus déanfar na hinfheistíochtaí a réadú nó a athrú ó am go ham de réir riachtanas na hócáide agus déanfar na fáltais ó aon réadú den sórt sin, agus aon ioncam a gheofar i leith airgid a infheisteofar, a íoc isteach i gcuntas infheistíochta an Chiste.

Sa tréimhse chuntais, choinnigh an t-Údarás an barrachas cistí i dtaisce i mbainc thráchtála.

8 Suimeanna Infhaighte

	2016	2015
	€ '000	€ '000
Ús Fabhraithe	11	28
	11	**28**

9. Suimeanna Iníoctha

(Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	**2016**	**2015**
	€ '000	**€ '000**
Údarás Craolacháin na hÉireann	10	107
DIRT (Infhaighte)/Iníoctha	(1)	1
	9	**108**

10 Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ann amhail an 31 Nollaig 2016.

11 Ceadú na ráiteas airgeadais

Cheadaigh an t-Údarás na ráitis airgeadais ag a chruinniú an 22 Meitheamh 2017.